

15.4.2024

A9-0302/2

Leasú 2

Irene Tinagli

thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Tuarascáil

A9-0302/2023

Alfred Sant

Margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú do FBManna - leasú a dhéanamh ar Rialacháin áirithe (COM(2022)0762 – C9-0417/2022 – 2022/0411(COD))

Togra le haghaidh rialacháin

—

LEASUITHE Ó PHARLAIMINT NA hEORPA*

ar an togra ón gCoimisiún

RIALACHÁN (AE) 2024/...

Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an

lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 chun margaí caipitil poiblí san Aontas a dhéanamh níos tarraingtí do chuideachtaí agus chun rochtain ar chaipiteal a éascú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

* Leasuithe: tá téacs nua nó téacs atá curtha in ionad téacs eile aibhsithe le cló trom iodálach, agus tá téacs atá scriosta léirithe leis an tsiombail **■**.

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,
Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal
114 de,
Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,
Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,
Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,
Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm d’Aontas na Margáí Caipitil, a cuireadh i láthair i dteachtairacht ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2015 maidir le Plean Gníomhaíochta chun Aontas na Margáí Caipitil a thógáil, margáí caipitil an Aontais a fhorbairt agus a n-íloinnt feadh na dteorainneacha náisiúnta a laghdú, rud a chuirfidh ar chumas cuideachtaí rochtain a fháil ar fhoinsí cistiúcháin eile anuas ar iasachtú bainc agus a struchtúir maoinithe a oiriúnú le linn dóibh a bheith ag aibiú agus ag dul i méid. Le cistiú níos éagsúlaithe i bhfoirm fiachais agus cothromais laghdófar rioscaí do chuideachtaí aonair agus don gheilleagar foriomlán agus cuideofar le cuideachtaí an Aontais, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), a n-acmhainneacht fáis a bhaint amach. ***Aithnítear nach mór Aontas na Margáí Caipitil a thabhairt i gcrích níos tapúla agus nach mór go mbainfidh an infheistíocht amach na leibhéal is gá de bharr thosaíochtaí beartais an Aontais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil, le digiteáil agus le huathriaíl straitéiseach. Is céim riachtanach d’Aontas na Margáí Caipitil é dul chun cinn a dhéanamh i réimse an liostaithe, go háirithe sa ghearrthéarma, ach mar bheart neamhspleách ní féidir gur leor é.***

- (2) Éilítear le hAontas na Margáí Caipitil creat rialála éifeachtúil éifeachtach a thacaíonn le rochtain ar chistiú cothromais phoiblí do chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna. Le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², cruthaíodh cineál nua ionaid trádála, margadh fáis FBManna, chun rochtain ar chaipiteal a éascú do FBManna go sonrach. Léiríodh go follasach i dTreoir 2014/65/AE freisin gur gá faireachán a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart le rialachán a bheidh ann amach anseo úsáid margáí fáis FBManna a chothú agus a chur chun cinn a thuilleadh agus dreasachtaí breise a sholáthar do FBManna chun rochtain a fháil ar mhargaí caipitil trí mhargaí fáis FBManna. *Ní mór do na bearta sin a áirithiú ní hamháin go dtugann margáí fáis FBManna deis, atá ag éirí níos tarraingtí i gcónaí, do FBManna cistí a thiomsú ach freisin, le himeacht ama agus le rath, gur féidir le FBManna rochtain a fháil ar mhargaí caipitil eile, má roghnaíonn siad é sin a dhéanamh.*

² Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

- (3) Le Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, tugadh isteach maoluithe comhréireacha chun úsáid margaí fáis FBManna a fheabhsú agus chun na ceanglais rialála ar eisitheoirí ag féachaint le hurrúis a ligean isteach ar mhargaí fáis FBManna a laghdú, agus leibhéal iomchuí cosanta d’infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á gcaomhnú. Mar sin féin, ní mór níos mó a dhéanamh chun rochtain ar mhargaí poiblí an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí agus chun go mbeidh cóir rialála cuideachtaí níos solúbtha agus comhréireach ó thaobh a méide de. Mhol an Fóram Ardleibhéil maidir le ***hAontas na Margaí Caipitil*** go bhfaigheadh an Coimisiún réidh le bacainní rialála a chuireann bac ar chuideachtaí rochtain a fháil ar mhargaí poiblí. Leag an Grúpa Saineolaithe Teicniúla Páirtithe leasmhara maidir le FBManna moltaí mionsonraithe amach maidir le conas rochtain cuideachtaí agus, go háirithe, FBManna ar mhargaí poiblí an Aontais a chothú.

³ Rialachán (AE) 2019/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2014/65/AE agus Rialacháin (AE) Uimh. 596/2014 agus (AE) 2017/1129 a mhéid a bhaineann le húsáid margaí fáis FBManna a chur chun cinn (IO L 320, 11.12.2019, lch. 1).

- (4) Mar fhorbairt ar cheann de thionscnaimh an Choimisiúin mar chuid dá straitéis téarnaimh *i ndiaidh COVID-19*, eadhon an Pacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil, tugadh leasuithe spriocdhírthe isteach i **Rialacháin** (AE) 2017/1129⁴ agus (AE) 2017/2402⁵ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, agus i dTreoracha 2014/65/AE agus 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶ chun é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí a ndeachaigh an ghéarchéim eacnamaíoch mar gheall ar an bpaindéim i bhfeidhm orthu, caipiteal cothromais ar mhargaí poiblí a chruinniú, infheistíochtaí san fhíorgheilleagar a éascú, athchaipitliú tapa gnólachtaí a éascú, agus acmhainneacht na mbanc an téarnamh a mhaoiniú a mhéadú. *Ar an iomlán, áfach, agus ar roinnt cúiseanna, ní raibh ach tionchar teoranta ag na bearta sin.*

⁴ *Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12)*

⁵ *Rialachán (AE) 2017/2402 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leagtar síos creat ginearálta maidir le hurrúsú agus lena gcruthaítear creat sonrach maidir le hurrúsú simplí trédhearcach caighdeánaithe, agus lena leasaítear Treoracha 2009/65/CE, 2009/138/CE agus 2011/61/AE, Rialacháin (CE) Uimh. 1060/2009 agus (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 347, 28.12.2017, lch. 35).*

⁶ *Treoir 2004/109/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2004 maidir le comhchuibhiú ceanglas trédhearcachta i ndáil le faisnéis i dtaobh eisitheoirí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus lena leasaítear Treoir 2001/34/CE (IO L 390, 31.12.2004, lch. 38).*

- (5) Ar bhonn na moltaí ón nGrúpa Saineolaithe Teicniúla Páirtithe leasmhara maidir le FBManna agus mar fhorbairt ar Rialachán 2019/2115 agus na bearta arna nglacadh faoi Rialachán (AE) 2021/337 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷, agus mar chuid den Phacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil, gheall an Coimisiún tionscnamh reachtach a chur i láthair chun rochtain ar mhargaí poiblí *san Aontas* a dhéanamh níos tarraingtí trí chostais chomhlíontachta a laghdú, agus fáil réidh le bacainní móra lena gcuirtear cosc ar chuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, rochtain a fháil ar mhargaí poiblí san Aontas. Chun a chuspóirí a bhaint amach, ba cheart raon feidhme leathan a bheith leis an tionscnamh reachtach sin agus ba cheart aghaidh a thabhairt leis ar bhacainní a bhaineann le rochtain cuideachtaí ar mhargaí poiblí, eadhon na céimeanna roimh an tairiscint tosaigh don phobal (TTP), na céimeanna TTP agus na céimeanna i ndiaidh TTP. Go sonrach, ba cheart an simpliú agus baint na mbacainní a dhíriú ar na céimeanna TTP agus i ndiaidh TTP trí aghaidh a thabhairt ar na ceanglais throma maidir le nochtadh chun ligean isteach chun trádála ar mhargaí poiblí, ceanglais a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1129, agus trí aghaidh a thabhairt ar na ceanglais throma leanúnacha maidir le nochtadh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸.

⁷ Rialachán (AE) 2021/337 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 a mhéid a bhaineann le réamheolaire téarnaimh an Aontais Eorpaigh (an réamheolaire téarnaimh AE) agus coigeartuithe spriocdhírith le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais agus Treoir 2004/109/CE a mhéid a bhaineann le húsáid na formáide tuairiscithe leictreonaí aonair le haghaidh tuarascálacha airgeadais bliantúla, chun tacú leis an téarnamh ó ghéarchéim COVID-19 (IO L 68, 26.2.2021, lch. 1).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le drochúsáid mhargaidh (an rialachán maidir le drochúsáid mhargaidh) agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/6/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha 2003/124/CE, 2003/125/CE agus 2004/72/CE ón gCoimisiún (IO L 173, 12.6.2014, lch. 1).

- (6) Le Rialachán (AE) 2017/1129 leagtar síos ceanglais maidir le dréachtú, údarú agus dáileadh an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte atá suite i mBallstát nó atá ag feidhmiú i mBallstát. Chun tarraingteacht mhargaí poiblí an Aontais a threisiú, is gá aghaidh a thabhairt ar na bacainní a eascraíonn as fad, castacht agus costais arda dhoiciméadacht an réamheolaire, i gcás ina mbeidh rochtain á lorg ag cuideachtaí, lena n-áirítear FBManna, ar mhargaí poiblí den chéad uair trí TTP, mar aon le bás ina mbeidh rochtain ag cuideachtaí ar mhargaí poiblí le haghaidh eisiúintí tánaisteacha urrús cothromais nó neamhchothromais. Ar an gcúis chéanna, ba cheart aghaidh a thabhairt freisin ar fhad phróiseas grinnscrúdaithe agus formheasta na réamheolairí sin a dhéanann údaráis inniúla agus ar easpa an chóineasaithe sna próisis sin ar fud an Aontais.
- (7) I gcás tairiscintí beaga urrús don phobal, d'fhéadfadh na costais a bhaineann le réamheolaire a sholáthar a bheith díréireach i gcomparáid le comaoin iomlán na tairisceana. Níl feidhm ag Rialachán (AE) 2017/1129 maidir le hurrúis a thairiscint don phobal ar lú a gcomaoin iomlán san Aontas ná EUR 1 000 000. Ina theannta sin, i bhfianaise mhéideanna éagsúla na margaí airgeadais ar fud an Aontais, is féidir leis na Ballstáit tairiscintí urrús don phobal a dhíolmhú ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú i gcás inar lú comaoin iomlán na dtairiscintí sin ná tairseach áirithe, ar féidir leis na Ballstáit í a shocrú idir EUR 1 000 000 agus EUR 8 000 000. Bhain Ballstáit áirithe úsáid as an bhféidearthacht sin, agus tá tairseacha díolúine éagsúla ann mar thoradh air sin, rud a chruthaíonn castacht agus easpa soiléireachta d'eisitheoirí agus infheisteoirí araon. Chun laghdú a dhéanamh ar an gcastacht faoi Rialachán (AE) 2017/1129 agus chun soiléireacht dhlíthiúil a chothú, ba cheart an tairseach is ísle, EUR 1 000 000, nach bhfuil feidhm ag an Rialachán sin faoina bun, a bhaint.

(8) *Chun ilroinnt an mhargaidh a laghdú agus aird á tabhairt ag an am céanna ar mhéideanna éagsúla na margatá caipitil náisiúnta san Aontas, ba cheart córas déthairsí a chur in ionad an chórais atá ann cheana lena gceadaítear do na Ballstáit tairseacha díolúine éagsúla idir EUR 1 000 000 agus EUR 8 000 000 a shocrú. Is í an phríomhthairseach is ceart a bheith ann EUR 12 000 000 in aghaidh an eisitheora nó an tairgeora mar chomaoin comhiomlánaithe san Aontas, arna ríomh thar thréimhse 12 mhí, agus ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh tairseach EUR 5 000 000 a chur i bhfeidhm. Faoi bhun na tairsí EUR 12 000 000 nó EUR 5 000 000, ba cheart tairiscintí urrús don phobal a dhíolmhú ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú, ar choinníoll nach bhfuil nós imeachta an phas ag teastáil le haghaidh na dtairiscintí sin. I gcás na díolúine sin, áfach, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit, ach gan é a bheith d'oibleagáid orthu, a cheangal ar an eisitheoir doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129, nó doiciméad ina bhfuil na ceanglais faisnéise ar an leibhéal náisiúnta, a fhoilsiú, ar choinníoll go bhfuil méid agus leibhéal na faisnéise sin coibhéiseach leis an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129, nó níos lú. Níor cheart go gcuirfeadh aon ní sa Rialachán seo cosc ar na Ballstáit sin rialacha a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta lena gceadaítear d'oibreoírí saoráidí trádála iltaobhacha (MTFanna) inneachar an doiciméid a chinneadh, ar doiciméad maidir le ligean isteach é a chuirtear de cheangal ar eisitheoir a thaispeáint nuair a ligtear a chuid urrús isteach chun a dtrádála ar dtús nó rialacha mionsonraithe an athbhreithnithe a dhéanfar air a chinneadh.*

- (9) Ba cheart tairiscintí trasteorann urrús don phobal atá díolmhaithe ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú a bheith faoi réir na gceanglas náisiúnta maidir le nochtadh arna leagan amach ag na Ballstáit lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme. Maidir le heisitheoirí, tairgeoirí nó daoine a iarrann go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil faoi réir na hoibleagáide réamheolaire a fhoilsiú, áfach, ba cheart dóibh tairbhiú de nós imeachta an phas i gcás ina roghnóidh siad réamheolaire a dhréachtú ar bhonn deonach.
- (10) Tá roinnt forálacha i Rialachán (AE) 2017/1129 ina dtagraítear don chomaoin iomlán tairiscintí áirithe urrús don phobal, ***lena n-áirítear tairiscintí reatha urrús don phobal***, atá le ríomh thar thréimhse 12 mhí. Chun soiléireacht a thabhairt d'eisitheoirí, infheisteoirí agus údaráis inniúla agus chun cuir chuige éagsúla a sheachaint ar fud an Aontais, is gá a shonrú conas ■ a dhéanfar comaoin iomlán na dtairiscintí urrús sin don phobal a ríomh thar thréimhse 12 mhí.

(11) In Airteagal 1(5), pointe (a), de Rialachán (AE) 2017/1129 tá díolúine ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú maidir le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, urrúis atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála cheana ar an margadh rialáilte céanna, ar choinníoll gur lú ná 20 % de líon na n-urrús a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna iad na hurrúis nua a ligeadh isteach thar thréimhse 12 mhí, agus ar choinníoll nach bhfuil an ligean isteach *sin* comhcheangailte le tairiscint urrús don phobal. Chun castacht a laghdú agus chun teorainn a chur le costais agus ualaí neamhriachtanacha, ba cheart feidhm a bheith ag an díolúine *sin freisin* maidir le tairiscint don phobal *faoi Airteagal 1(4) den Rialachán sin*. Ar na cúiseanna céanna, ba cheart an tairseach chéatadáin lena socraítear incháilitheacht na díolúine *sin* a mhéadú *sa tairiscint urrús don phobal agus sa ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte araon*. Ina theannta *sin*, ba cheart go gcuimseodh *an díolúine maidir le tairiscintí urrús don phobal* tairiscint don phobal d'urrúis *atá le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna agus atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna* nó ar an margadh fáis FBManna céanna. *Ós rud é go bhfuil dlúthbhaint idir cearta suibscríbhinne agus eisiúint scaireanna nua, ba cheart go gcumhdófaí leis an díolúine sin freisin an ceart chun suibscríobh le haghaidh scaireanna atá idirmhalartach le scaireanna atá ann cheana*. Chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, go háirithe d'infheisteoirí miondíola, ba cheart doiciméad gearrfhoirme ina bhfuil faisnéis bharrthábhachtach d'infheisteoirí a chur ar fáil don phobal nuair a dhéantar tairiscint urrús idirmhalartach faoin díolúine. Ba cheart an doiciméad a chur ar fáil don phobal agus a chomhdú le húdarás inniúil an Bhallstáit baile, ach níor cheart é a bheith faoi réir a fhormheasta.

- (12) Tá díolúine in Airteagal 1(5), pointe (b), de Rialachán (AE) 2017/1129 **■** ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú maidir le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte scaireanna a eascraíonn as comhshó nó malartú urrús eile nó a eascraíonn as feidhmiú na gceart a thugtar le hurrúis eile, ar choinníoll gur lú na scaireanna nua a ligeadh isteach, thar thréimhse 12 mhí, ná 20 % de líon na scaireanna den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna. Ba cheart an tairseach 20 % sin a ailíniú leis an tairseach don díolúine le haghaidh urrús atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, ós rud é go bhfuil an dá dhíolúine coibhéiseach ó thaobh raon feidhme de.

- (13) Ní mór do chuideachtaí a ligtear isteach a gcuid urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna na ceanglais maidir le nochtadh tréimhsiúil agus leanúnach a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, i dTreoir 2004/109/CE a chomhlíonadh **agus**, i gcás eistheoirí ar mhargaí fáis FBManna, na ceanglais siúd i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún⁹. I gcás ina n-eisíonn na cuideachtaí sin urrúis atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála **ar na cineálacha sin ionad** trádála, ba cheart iad a dhíolmhú ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú, toisc go mbeidh go leor d'ábhar riachtanach réamheolaire ar fáil go poiblí cheana féin agus toisc go mbeidh infheisteoirí ábalta trádáil a dhéanamh ar bhonn na faisnéise sin. Mar sin féin, ba cheart an díolúine sin a bheith faoi réir cosaintí lena n-áirithítear gur chomhlíon an chuideachta atá ag eisiúint na n-urrús na ceanglais maidir le nochtadh tréimhsiúil agus leanúnach faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil sí **faoi réir athstruchtúrú nó tionscnamh imeachtaí dócmhainneachta, faoi mar a shainmhínítear faoi dhlí an Aontais**. Thairis sin, chun cosaint infheisteoirí a áirithiú, go háirithe infheisteoirí miondíola, ba cheart doiciméad gearrfhoirme ina mbeidh faisnéis bhunriachtanach d'infheisteoirí a chur ar fáil fós don phobal. **Ba cheart an doiciméad a chomhdú le húdarás inniúil an Bhallstáit baile, ach níor cheart é a bheith faoi réir a fhormheasta. I gcás ina bhfuil baint ag cearta suibscríbhinne le hurrúis a chumhdaítear leis an díolúine maidir leis an tairiscint nó an ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart an díolúine a bheith infheidhme, dá bhrí sin, maidir le cearta suibscríbhinne arb é atá i gceist leo ceart fhabhrach na scairshealbhóirí atá ann cheana na hurrúis a chumhdaítear leis an díolúine a shuibscríobh. I gcás ina n-éiríonn díolúintí eile atá ann cheana iomarcach mar gheall ar raon feidhme na díolúine, ba cheart na díolúintí eile sin a bhaint.**

⁹ Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críoch na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).

- (14) In Airteagal 1(4), pointe (j) de Rialachán (AE) 2017/1129, díolmhaítear institiúidí creidmheasa ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú i gcás ina dtairgtear urrúis neamhchothromais áirithe, nó ina ligtear urrúis neamhchothromais áirithe isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, a eisítear ar bhealach leanúnach nó arís agus arís eile suas go dtí **comaoin** comhiomlánaithe de EUR 75 000 000 thar thréimhse 12 mhí. Le Rialachán (AE) 2021/337, mar chuid den Phacáiste Téarnaimh um Margaí Caipitil, méadaíodh an tairseach sin go EUR 150 000 000 ar feadh tréimhse theoranta chun tiomsú airgid a chothú d’institiúidí creidmheasa agus chun deis a thabhairt do na hinstiúidí sin chun tacú lena gcliaint san fhíorgheilleagar. Chun leanúint le tacaíocht a thabhairt do thiomsú airgid trí mhargaí caipitil eisitheoirí, lena n-áirítear institiúidí creidmheasa, ba cheart an tairseach mhéadaithe a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2021/337 a dhéanamh buan.
- (15) Chun castacht dhoiciméadacht an réamheolaire a laghdú, agus chun doiciméad níos comhchuibhithe a dhéanamh den réamheolaire lena inléiteacht d’infheisteoirí ar fud an Aontais **a fheabhsú**, gan beann ar an dlínse ina dtairgtear urrúis don phobal nó ina ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, is gá formáid chaighdeánaithe a thabhairt isteach don réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais agus le haghaidh urrúis neamhchothromais araon agus lena cheangal go ndéanfar an fhaisnéis a áirítear sa réamheolaire a nochtadh i seicheamh caighdeánaithe **agus, ag an am céanna, a bheith cúramach gan ró-ualú a dhéanamh ar réamheolairí le faisnéis atá iomarcach nó nach bhfuil ábhartha ach ar éigean.**

(16) I gcásanna áirithe, bíonn an réamheolaire nó na doiciméid ghaolmhara an-mhór, rud a fhágann go mbíonn siad mí-oiriúnach d'infheisteoirí chun cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh **agus go mbíonn sé róchostasach d'eisitheoirí iad a tháirgeadh mar gheall ar an gcostas a bhaineann le réamheolairí fada. Ina theannta sin, tá éagsúlacht mhór ar fud an Aontais idir fad na réamheolairí agus a bhformáid, rud atá bunoscionn leis an gcuspóir cóineasú a chothú laistigh d'aontas na margai caipitil.** Chun inléiteacht an réamheolaire a fheabhsú, **na costais a bhaineann le dréachtú réamheolairí a laghdú d'eisitheoirí, cóineasú a chruthú ar fud an Aontais,** agus é a dhéanamh níos éasca d'infheisteoirí anailís a dhéanamh ar réamheolairí agus a mbealach a dhéanamh tríothu, is gá uasteorainn leathanaigh a shocrú. Níor cheart, áfach, an teorainn leathanach sin a thabhairt isteach ach le haghaidh tairiscintí don phobal nó le haghaidh scaireanna a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Ní bheadh teorainn leathanach iomchuí maidir le hurrúis chothromais nach scaireanna nó urrúis neamhchothromais iad, lena n-áirítear raon leathan ionstraimí éagsúla, lena n-áirítear cinn chasta. Ba cheart, thairis sin, an méid seo a leanas a eisiáimh ón teorainn leathanach: an achoimre; faisnéis a chorpraítear de réir tagairtí, **lena n-áirítear doiciméad clárúcháin uilíoch a fholmheasann údarás inniúil nó a chomhdaítear le húdarás inniúil; faisnéis atá ar áireamh i ndoiciméad clárúcháin uilíoch a úsáidtear mar chuid de réamheolaire;** agus faisnéis atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisitheoir nó ina bhfuil gealltanais suntasach airgeadais déanta aige, **nó i gcás ollathrú suntasach faoi mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún**¹⁰.

¹⁰ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid, ábhar, grinnscrúdú agus formheas an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 26).

- (17) Ba cheart formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe na faisnéise atá le nochtadh i réamheolaire a leagan amach sa Rialachán seo, gan beann ar cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh réamheolaire, nó réamheolaire bunaidh, a dhréachtú mar dhoiciméad aonair nó cé acu atá nó nach bhfuil sé comhdhéanta de dhoiciméid leithleacha, ***ach amháin i gcás ina bhfuil an fhaisnéis san áireamh i ndoiciméad clárúcháin uilíoch***. Is gá, dá bhrí sin, go leagfar amach in Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1129 ord caighdeánaithe na rann chun an fhaisnéis a nochtadh sa réamheolaire, nó chun an fhaisnéis a nochtadh aisti féin sa doiciméad clárúcháin agus sa nóta urrús. Ba cheart na hIarscríbhinní sin a bheith ina mbonn don Choimisiún chun leasú a dhéanamh ar aon ghníomh tarmlichte lena bhforchuirtear formáid chaighdeánaithe agus seicheamh caighdeánaithe de ranna den réamheolaire, den réamheolaire bunaidh agus de na téarmaí deiridh, lena n-áirítear maidir le míreanna um nochtadh laistigh de na ranna sin. Ina theannta sin, is gá ord caighdeánaithe na faisnéise atá le nochtadh san achoimre réamheolaire a leagan amach.
- (18) ***Chun an t-ualach a laghdú ar eisitheoirí a iarrann ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte san Aontas agus, ag an am céanna, a thairgeann urrúis nó a chuireann iad go príobháideach le hinfheisteoirí i dtríú tír, agus a gceanglófaí orthu roinnt doiciméad a tharraingt suas murach sin, níor cheart feidhm a bheith ag an teorainn leathanach ná ag an bhformáid chaighdeánaithe agus an ord caighdeánaithe maidir le réamheolaire a bhaineann leis na hurrúis sin a ligean isteach chun a dtrádála.***

- (19) *Chun cóineasú a bhaint amach ar fud an Aontais maidir le formáid na réamheolairí, ba cheart a cheangal ar ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun teimpléad agus leagan amach na réamheolairí, lena n-áirítear an clómhéid, agus na ceanglais stíle a shonrú, ag brath ar an gcineál réamheolaire agus ar chineál na n-infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu. Ina theannta sin, chun cuidiú le hinfeisteoirí an réamheolaire a láimhseáil, ba cheart a cheangal ar ESMA treoirlínte a fhorbairt maidir le sothuigtheacht agus maidir le teanga shimplí a úsáid i réamheolairí chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear iontu gonta, soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir, agus aird á tabhairt ar chineál an réamheolaire agus ar chineál na n-infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.*
- (20) Is doiciméad tábhachtach ***bunriachtanach*** í achoimre an réamheolaire, a fheidhmíonn mar threoir chun tacú le hinfeisteoirí miondíola tuiscint níos fearr a fháil ar an réamheolaire ina iomláine agus a mbealach a dhéanamh tríd agus, ar an dóigh sin, cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh. Chun go mbeidh achoimre an réamheolaire níos soléite agus níos sothuigte d’infheisteoirí miondíola, is gá ligean d’eisitheoirí faisnéis a chur i láthair nó achoimre a thabhairt uirthi san achoimre ar an réamheolaire i bhfoirm cairteacha, graf nó táblaí, ***laistigh den teorainn leathanach a leagtar amach in Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2017/1129.***

- (21) Le Rialachán (AE) 2017/1129 féadfaidh eisitheoirí leathanach amháin a chur le fad uasta achoimre an réamheolaire i gcás ina bhfuil ráthaíocht ag gabháil leis na hurrúis, ós rud é nach mór faisnéis faoin ráthaíocht agus faoin ráthóir araon a sholáthar. I gcás ina bhfuil níos mó ná ráthóir amháin ann, áfach, d'fhéadfadh sé nach leor leathanach breise. Is gá, dá bhrí sin, **foráil a dhéanamh maidir le** fad na hachóimre ar an réamheolaire a leathnú a thuilleadh i gcás ráthaíochtaí a sholáthraíonn níos mó ná ráthóir amháin.
- (22) ***Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm na gceanglas maidir leis an achoimre ar an réamheolaire, ba cheart a cheangal ar ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a fhorbairt chun teimpléad agus leagan amach achoimrí a shonrú, lena n-áirítear na ceanglais chlómhéide agus stíle. Ina theannta sin, chun cuidiú le hinfheisteoirí miondíola a mbealach a dhéanamh tríd an achoimre ar an réamheolaire, ba cheart a cheangal ar ESMA treoirlínte a fhorbairt maidir le sothuigtheacht agus maidir le teanga shimplí a úsáid in achoimrí chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear iontu gonta, soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir. Ba cheart don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.***

(23) Le Rialachán (AE) 2017/1129, ceadáítear d'eisitheoir ar fhorfhormheas údaráis inniúil doiciméad clárúcháin inniúil dó ar feadh tréimhse 2 bhliain airgeadais as a chéile stádas eisitheora rialta a bheith aige agus a bheith in ann gach doiciméad clárúcháin uilíoch, agus aon leasú orthu, a chomhdú ina dhiaidh sin gan formheas a fháil roimh ré. Chun ualaí nach bhfuil gá leo a laghdú agus chun úsáid an doiciméid clárúcháin uilíoch a dhreasú, ba cheart an tréimhse sin a laghdú go bliain airgeadais amháin. Ní bheidh tionchar ag an maolú sin ar chosaint infheisteoirí, toisc nach féidir an doiciméad clárúcháin uilíoch ná aon leasú air a úsáid mar chomhchuid de réamheolaire **gan é a bheith formheasta** ag an údaráis inniúil iomchuí. Ina theannta sin, tá cead ag údarás inniúil athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméad clárúcháin uilíoch a comhdaíodh leis ar bhonn *ex-post* aon uair a mheasann an t-údarás inniúil sin gur gá sin agus, i gcás inarb iomchuí, féadfaidh sé leasuithe a iarraidh.

- (24) Chun TTP cuideachtaí príobháideacha ar mhargaí poiblí an Aontais a éascú agus, go ginearálta, chun costais neamhriachtanacha agus ualaí neamhriachtanacha a laghdú do chuideachtaí a thairgeann urrúis don phobal nó ar mian leo iad a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart cuíchóiriú suntasach a dhéanamh ar an réamheolaire le haghaidh urrúis chothromais agus neamhchothromais araon, agus a áirithiú go gcoinneofar ardleibhéal leordhóthanach cosanta d'infheisteoirí.
- (25) Cé go bhfuil sé ró-shaintreorach do FBManna, is cosúil go mbeadh an leibhéal nochta i Réamheolaire Fáis an Aontais Eorpaigh (an Réamheolaire Fáis AE) oiriúnach don fheidhm do chuideachtaí ar mian leo go ligfear isteach chun trádála iad ar mhargadh rialáilte. Is iomchuí, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1129 a ailíniú le leibhéal nochta an réamheolaire Fáis AE, trí na hIarscríbhinní gaolmhara a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún a ghlacadh mar thagairt.

(26) Mar gheall ar an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann le breithnithe inbhuanaitheachta i gcinntí infheistíochta, tá infheisteoirí ag féachaint níos mó i gcónaí ar fhaisnéis faoi chúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus cinntí infheistíochta eolasacha á ndéanamh acu. Is gá, dá bhrí sin, cosc a chur ar ghlas-snasú, trí leagan síos na faisnéise a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais a bheidh le soláthar, i gcás inarb ábhartha, sa réamheolaire i ndáil le hurrúis chothromais nó neamhchothromais a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte. Níor cheart, áfach, forluí a bheith ann idir an ceanglas sin agus an ceanglas a leagtar síos i ngníomhartha reachtacha eile de chuid an Aontais an fhaisnéis sin a sholáthar. Cuideachtaí a thairgeann urrúis chothromais don phobal nó a iarrann urrúis cothromais a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart dóibh, dá bhrí sin, na tuarascálacha bainistíochta agus na tuarascálacha comhdhlúite bainistíochta a ionchorprú trí thagairt sa réamheolaire, ar feadh na dtréimhsí a chumhdaítear leis an bhfaisnéis airgeadais stairiúil, lena n-áirítear an tuairisciú inbhuanaitheachta, mar a cheanglaítear le Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹¹. Ina theannta sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún *sceidil* a leagan amach ina sonrú an fhaisnéis a bhaineann le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais atá le cuimsiú i réamheolairí maidir le hurrúis neamhchothromais a fhógraítear mar urrúis ina gcuirtear tosca ESG san áireamh nó ina saothraítear cuspóirí cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus rialachais. ***Ba cheart don Choimisiún comhsheasmhacht a áirithiú idir an fhaisnéis a cheanglaítear a nochtadh i réamheolaire agus, i gcás inarb infheidhme, na nochtaí inbhuanaitheachta faoi Threoir 2013/34/AE nó, i gcás inarb infheidhme, na nochtaí inbhuanaitheachta a cheanglaítear faoi Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹², gan an bonn a bhaint de chineál deonach an lipéid agus de na teimpléid um rogha a bheith páirteach a leagtar amach sa Rialachán sin.***

¹¹ *Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19)*

¹² *Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, lch. 30.11.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj>).*

(27) Foráiltear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2017/1129 go bhféadfaí réamheolaire simplithe a tharraingt suas le haghaidh eisiúintí tánaisteacha a dhéanann cuideachtaí a ligeadh isteach chun trádála cheana ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad. Mar sin féin, meastar go bhfuil leibhéal noхта na réamheolairí simplithe le haghaidh eisiúintí tánaisteacha fós ró-shainordaitheach agus róchósúil le leibhéal noхта réamheolaire chaighdeánaigh chun difríocht shuntasach a dhéanamh maidir le heisiúintí tánaisteacha cuideachtaí ar ligeadh a n-urrúis isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna agus atá faoi réir ceanglais maidir le nochtadh tréimhsiúil agus leanúnach. Chun go mbeidh sé níos éasca an doiciméadacht um liostú a thuiscint, agus mar sin chun chosaint infheisteoirí a dhéanamh níos éifeachtaí, agus costais agus ualáí d'eisitheoirí a laghdú, ba cheart 'Réamheolaire Leantach an Aontais Eorpaigh (an réamheolaire leantach AE)' nua agus níos éifeachtaí a thabhairt isteach le haghaidh na n-eisiúintí tánaisteacha sin. Chun teorainn a chur le hualáí ar eisitheoirí agus chun infheisteoirí a chosaint, áfach, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do réamheolairí arna bhformheas faoin gcóras noхта simplithe le haghaidh eisiúintí tánaisteacha roimh dháta chur i bhfeidhm an chórais nua. Ba cheart an réamheolaire leantach AE sin a bheith ar fáil do *chatagóirí éagsúla* eisitheoirí ar ligeadh a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh na 18 mí roimhe sin ar a laghad, nó do thairgeoirí na n-urrús *sin*. Ba cheart do na critéir sin a áirithiú gur chomhlíon na heisitheoirí sin na ceanglais maidir le nochtadh tréimhsiúil agus leanúnach a leagtar síos i dTreoir 2004/109/CE, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, nó, i gcás inarb infheidhme, Rialachán Tarmhligthe (AE) 2017/565. ■

(28) *Ionas gur féidir le heisitheoirí lántairbhe a bhaint as an réamheolaire leantach AE, mar chineál réamheolaire maolaithe, ba cheart dá raon feidhme a bheith leathan agus ba cheart a chuimsiú ann tairiscintí poiblí urrús nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ar urrúis iad atá idirmhalartach nó neamh-idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála. Ina theannta sin, chun go mbeidh cuideachtaí rathúla in ann méadú agus tairbhe a bhaint as bonn níos leithne infheisteoirí a bheith ar fáil dóibh, ba cheart don réamheolaire leantach AE a bheith ar fáil do chuideachtaí atá ag iarraidh aistriú ó mhargadh fáis FBManna go margadh rialáilte, ar an gcoinníoll gur ligeadh a n-urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh na 18 mí roimhe ar a laghad. Mar sin féin, maidir le heisitheoir nach ligtear isteach ach a urrúis neamhchothromais chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna, níor cheart cead a bheith aige réamheolaire leantach AE a tharraingt suas chun urrúis chothromais a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, toisc go n-éilítear leis sin go nochtfaí réamheolaire iomlán chun gur féidir le hinfeisteoirí cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh.*

(29) Ón 31 Nollaig 2022 i leith, ní féidir an réamheolaire téarnaimh AE dá dtagraítear i Rialachán (AE) **2017/1129** a úsáid a thuilleadh ina dhiaidh sin. Ba é an buntáiste a bhí leis an réamheolaire téarnaimh AE gur dhoiciméad aonair é a bhí teoranta ó thaobh méide de, rud a d'fhág go raibh sé éasca ar eisitheoirí é a tharraingt suas agus ar infheisteoirí é a thuiscint. Ar na cúiseanna sin, **ba cheart réamheolaire leantach AE a bhfuil an tsamhail chomhchosúil aige a thabhairt isteach** i gcásanna ina mbaineann an réamheolaire le scaireanna agus ina bhfuil sé faoi réir teorainn leathanach, dá bhrí sin, agus ba cheart dó a bheith faoi réir na tréimhse grinnscrúdaithe laghdaithe céanna agus a bhí an réamheolaire téarnaimh AE. **Níor cheart, áfach, feidhm a bheith ag an tréimhse theoranta grinnscrúdaithe i gcás aistriú ó mhargadh fáis FBManna chuig margadh rialáilte. Ina theannta sin,** níor cheart, ar chúiseanna follasacha, nochtaí a bhaineann le géarchéim COVID-19 a éileamh le ceanglais an réamheolaire leantaigh AE. Ós rud é gur cheart an réamheolaire leantach AE a chur in ionad an réamheolaire shimplithe le haghaidh eisiúintí tánaisteacha agus an réamheolaire téarnaimh AE, ba cheart é a bheith buan agus a chur ar fáil le haghaidh eisiúintí tánaisteacha urrús cothromais agus neamhchothromais araon. Ina theannta sin, níor cheart úsáid na n-urrús sin a bheith faoi réir aon srianta thar an gceanglas maidir le híostréimhse agus le tréimhse leanúnach chun urrúis lena mbaineann a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna.

- (30) Ba cheart achoimre **maolaithe** a bheith sa réamheolaire leantach AE mar fhoinsé faisnéise úsáideach le haghaidh infheisteoirí ■ miondíola. Ba cheart an achoimre sin a leagan amach ag tús an réamheolaire leantaigh AE agus ba cheart díriú inti ar an bpríomhfhaisnéis lena gcuirfear ar chumas infheisteoirí a chinneadh cé acu de na tairiscintí don phobal agus ligean isteach **urrús** chun a dtrádála a ndéanfaidh siad tuilleadh staidéir orthu, agus athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an réamheolaire leantach AE ina iomláine chun cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh. **Níor cheart an achoimre a bheith riachtanach, úfach, chun urrúis neamhchothromais mar a thagraítear dóibh in Airteagal 7(1) de Rialachán (AE) 2017/1129 a ligean isteach chun a dtrádála.**
- (31) Chun doiciméad comhchuibhithe a dhéanamh den réamheolaire leantach AE agus chun a inléiteacht a éascú d’infheisteoirí ar fud an Aontais, gan beann ar an dlínse ina dtairgtear urrúis don phobal nó ina ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ba cheart leagan amach an doiciméid a chaighdeánú le haghaidh urrúis cothromais agus urrúis neamhchothromais araon. Ar an gcúis chéanna, ba cheart an fhaisnéis sa réamheolaire leantach AE a nochtadh in ord caighdeánaithe. **Mar sin féin, chun tacú le heisiúintí tánaisteacha urrúis neamhchothromais, lena n-áirítear mar chuid de chlár tairisceana, ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm an réamheolaire leantach AE le haghaidh urrúis neamhchothromais a bheith leathan, agus an deis a thabhairt d’eisitheoirí é a tharraingt suas mar dhoiciméad aonair, nó mar dhoiciméid ar leithligh.**

(32) *Chun inléiteacht an réamheolaire leantaigh AE a fheabhsú agus chun é a dhéanamh níos éasca d'infheisteoirí anailís a dhéanamh air agus a mbealach a dhéanamh tríd, ba cheart é a bheith faoi réir teorainn leathanach le haghaidh eisiúintí tánaisteacha scaireanna. Os a choinne sin, bheadh teorainn leathanach míchuí do chatagóir leathan urrús cothromais seachas scaireanna nó urrús neamhchothromais, lena n-áirítear raon leathan ionstraimí éagsúla, ionstraimí casta san áireamh. Ba cheart, thairis sin, an méid seo a leanas a eisiámh ón teorainn leathanach: an achoimre; faisnéis a chorpraítear de réir tagairtí, lena n-áirítear doiciméad clárúcháin uilíoch a fhorghéasann údarás inniúil nó a chomhdaítear le húdarás inniúil; faisnéis atá ar áireamh i ndoiciméad clárúcháin uilíoch a úsáidtear mar chuid de réamheolaire; agus faisnéis atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisiitheoir nó ina bhfuil gealltanais suntasach airgeadais déanta aige, nó i gcás ollathrú suntasach.*

(33) Ceann de phríomhchuspóirí Aontas na Margaí Caipitil is ea rochtain FBManna ar mhargaí poiblí san Aontas a éascú, agus foinsí cistiúcháin seachas iasachtú bainc a sholáthar do na FBManna sin agus an deis a thabhairt dóibh méadú agus fás. D'fhéadfadh an costas a bhaineann le réamheolaire a tháirgeadh a bheith ina dhíspreagadh do FBManna atá sásta urrúis a thairiscint don phobal, agus gnáthmhéid *bheag* chomaoin na dtairiscintí sin á meas. Réamheolaire níos éadroime is ea an réamheolaire fáis AE, a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2017/1129, agus tá sé ar fáil do FBManna agus do roinnt catagóirí eile tairbhíthe, lena n-áirítear cuideachtaí a bhfuil caipitliú margaidh suas le EUR 500 milliún acu agus ar ligeadh a n-urrúis isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna. Bhí sé d'aidhm ag an Réamheolaire Fáis de chuid AE na costais a bhaineann le réamheolaire a ullmhú d'eisitheoirí beaga a laghdú, agus ag am céanna faisnéis ábhartha a sholáthar d'infheisteoirí chun an tairiscint a mheas agus cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh. Cé gur féidir le heisitheoirí a dhréachtaíonn réamheolaire fáis AE coigilteas costas measartha mór a bhaint amach, meastar go bhfuil an leibhéal nochta a dhéantar i réamheolaire fáis AE fós ró-shaintreorach agus róchosúil le réamheolaire caighdeánach chun difríocht shuntasach a dhéanamh do FBManna. Dá bhrí sin, tá gá le *réamheolaire* eisiúna fáis an Aontais Eorpaigh (réamheolaire eisiúna fáis AE) ina bhfuil riachtanais níos éadroma chun nach mbeidh an doiciméadacht um liostú do FBManna chomh casta trom agus lena mbeidh FBManna in ann coigilteas níos tábhachtaí fós a bhaint amach. Chun teorainn a chur leis na hualaí ar eisitheoirí agus chun infheisteoirí a chosaint, is gá, áfach, foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse le haghaidh Réamheolairí Fáis de chuid AE a fhorghasfar roimh dháta chur i bhfeidhm an chórais nua.

- (34) Ba cheart na ceanglais **a bhaineann** le hábhar an **réamheolaire eisiúna** fáis AE a bheith éadrom, ag cur san áireamh leibhéal nochta an réamheolaire téarnaimh AE agus cuid de na doiciméid is simplí um ligean isteach a éilíonn roinnt margáí fáis FBManna ar eisitheoirí a tháirgeadh i gcás díolúine ón oibleagáid maidir le réamheolaire a fhoilsiú; tá ábhar na ndoiciméad sin leagtha síos i leabhair rialacha na margáí fáis FBManna. Ba cheart an fhaisnéis laghdaithe atá le nochtadh sa **réamheolaire eisiúna** fáis AE a bheith comhréireach le méid na gcuideachtaí atá liostaithe ar na margáí fáis FBManna agus lena riachtanais tiomsaithe airgid agus ba cheart leibhéal leordhóthanach cosanta d’infheisteoirí a áirithiú léi. **Ina theannta sin, ba cheart doiciméad amháin a bheith sa réamheolaire eisiúna fáis AE, ionas go mbeidh sé éasca agus simplí do chuideachtaí, go háirithe FBManna, é a tharraingt suas agus go mbeidh sé éasca ar infheisteoirí é a léamh.**
- (35) Ba cheart an **réamheolaire** fáis eisiúna AE a bheith ar fáil do FBManna, eisitheoirí seachas FBManna a ligtear a n-urrúis isteach nó a bhfuil a n-urrúis le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna, agus cuideachtaí beaga neamhliostaithe nach airde ná EUR 50 000 000 thar thréimhse 12 mhí a gcomaoin iomlán i leith na n-urrús a thairgtear don phobal. Chun caighdeán nochta dhá shraith ar mhargáí rialáilte a sheachaint, ag brath ar mhéid an eisitheora, níor cheart an **réamheolaire** fáis eisiúna AE a bheith ar fáil do chuideachtaí ar ligeadh a n-urrúis isteach cheana nó a bhfuil a n-urrúis le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargáí rialáilte. Mar sin féin, chun uasghrádú chuig margadh rialáilte a éascú agus chun go mbeidh eisitheoirí in ann tairbhe a bhaint as bonn níos leithne infheisteoirí a bheith ar fáil dóibh, ba cheart eisitheoirí **ar ligeadh a n-urrúis** isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh na 18 mí roimhe ar a laghad a cheadú chun an réamheolaire leantach AE a úsáid chun aistriú chuig margadh rialáilte ■ .

- (36) Ba cheart achoimre *mhaolaithe* a bheith sa *réamheolaire* fáis eisiúna AE, mar fhoinsé faisnéise úsáideach d'infheisteoirí miondíola, ag a mbeidh an leagan amach agus an t-ábhar céanna agus atá ag an réamheolaire leantach AE. Ba cheart an achoimre sin a leagan amach ag tús an *réamheolaire* eisiúna fáis AE agus ba cheart díriú inti ar an bpríomhfhaisnéis lena mbeidh infheisteoirí in ann a chinneadh cé acu de na tairiscintí *urrús* don phobal a ndéanfaidh siad tuilleadh staidéir orthu, agus athbhreithniú a dhéanamh ina dhiaidh sin ar an *réamheolaire* eisiúna fáis AE ina iomláine chun cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh.

(37) Ba cheart an *réamheolaire* eisiúna fáis AE a bheith ina dhoiciméad comhchuibhithe atá éasca d' *eisitheoirí, go háirithe FBManna, é a tharraingt suas* agus atá éasca d'infheisteoirí é a léamh, gan beann ar an dlínse laistigh den Aontas ina dtairgtear na hurrúis lena mbaineann don phobal ■ . Ba cheart, dá bhrí sin, leagan amach an doiciméid a chaighdeánú le haghaidh urrús cothromais agus neamhchothromais araon agus ba cheart an fhaisnéis a áirítear sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE a nochtadh in ord caighdeánaithe. Chun inléiteacht an réamheolaire eisiúna fáis AE a chaighdeánú agus a fheabhsú a thuilleadh agus chun é a dhéanamh níos éasca d'infheisteoirí anailís a dhéanamh air agus a mbealach a dhéanamh tríd, ba cheart teorainn leathanach a thabhairt isteach i gcás ina dtarraingeofar suas réamheolaire eisiúna fáis AE ■ le haghaidh eisiúintí scaireanna. Ba cheart an teorainn leathanach sin a bheith éifeachtach freisin ó thaobh an fhaisnéis is gá a sholáthar le go mbeidh infheisteoirí in ann cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh agus ba cheart í a bheith éifeachtúil ó thaobh na gceanglas níos éadroime maidir le hinneachar an *réamheolaire* eisiúna fáis AE. Bheadh teorainn leathanach míchuí, áfach, do chatagóir leathan urrús cothromais seachas scaireanna nó urrús neamhchothromais, lena gcuimsítear raon leathan ionstraimí éagsúla, ionstraimí casta san áireamh. Lena chois sin, *ba cheart an méid seo a leanas a eisiúint ón teorainn leathanach*: an achoimre, faisnéis a corpraíodh trí thagairtí nó atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisitheoir nó ina bhfuil gealltanais airgeadais suntasach déanta aige, *nó i gcás ollathrú suntasach*.

- (38) Ba cheart don réamheolaire leantach AE agus an *réamheolaire* eisiúna fáis AE na *réamheolairí caighdeánacha* a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1129 a chomhlánú. Dá bhrí sin, mura luaitear a mhalairt go sainráite, tabharfar gach tagairt do ‘réamheolaire’ faoi Rialachán (AE) 2017/1129 le tuiscint mar thagairt do gach cineál réamheolaire éagsúil, lena n-áirítear an réamheolaire leantach AE agus an *réamheolaire* eisiúna fáis AE. *Tugtar le tuiscint, le cineál deonach na gcineálacha réamheolaire, gur féidir le heisitheoir ceann de na cineálacha réamheolaire atá ar fáil a roghnú i gcás ina bhfuil gá le réamheolaire le tairiscint don phobal nó ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte.*
- (39) *Chun muinín a chothú in úsáid an réamheolaire leantaigh AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE, tá sé tábhachtach go mbeadh a n-éifeachtacht agus a raon feidhme soiléir, ós rud é go bhfuil an réamheolaire leantach AE agus an réamheolaire eisiúna fáis AE faoi réir an chórais dliteanais chéanna agus atá réamheolaire iomlán, le haghaidh tairiscintí intíre agus trasteorann nó ligean isteach chun trádála. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil eisitheoir i dteideal réamheolaire leantach AE nó réamheolaire eisiúna fáis AE a úsáid, a fhágann an dá cheann acu go bhfuil ullmhú an idirbhirt atá i gceist níos éifeachtúla agus níos éadroime, agus nach ann d’aon chomaoin ábhartha eile i gcoinne úsáid aon cheann de na réamheolairí sin, ba cheart rogha na n-eisitheoirí as measc na gcineálacha réamheolaire atá ar fáil don eisitheoir a chosaint agus níor cheart do chomhairleoirí ná d’údaráis inniúla an t-eisitheoir a chur i dtreo réamheolaire iomlán a tharraingt suas i gcás nach bhfuil dianghá leis sin.*

- (40) Ba cheart fachtóirí riosca atá ábhartha agus sonracha don eisiitheoir agus **dú** urrúis a lua sa réamheolaire. Ar an gcúis sin, cuirfear fachtóirí riosca i láthair freisin i líon teoranta catagóirí riosca, ag brath ar a gcineál. **Chun an t-ualach ar eisiitheoirí a laghdú**, áfach, **in ionad an cheanglais chun na fachtóirí riosca is ábhartha a rangú**, ba cheart **ceanglas a chur, i ngach catagóir, chun** na fachtóirí riosca is ábhartha **a liostú ar bhealach** atá **comhsheasmhach leis an measúnú a dhéanann an t-eisiitheoir**. **Chun an réamheolaire a dhéanamh níos intuigthe** agus chun é a dhéanamh níos éasca d'infheisteoirí cinntí infheistíochta eolasacha a dhéanamh, is gá a shonrú nár cheart d'eisiitheoirí barraíocht fachtóirí riosca cineálacha a chur sa réamheolaire, fachtóirí nach bhfeidhmíonn ach mar shéanadh, nó a bhféadfadh rioscaí sonracha ar cheart d'infheisteoirí a bheith ar an eolas fúthu **a cheilt** leo.
- (41) Faoi Airteagal 17(1) de Rialachán (AE) 2017/1129, i gcás nach féidir praghas tairisceana deiridh nó méid na n-urrús atá le tairiscint don phobal a chur sa réamheolaire, tá ceart chun tarraingt siar ag an infheisteoir ar féidir é a fheidhmiú laistigh de 2 lá oibre tar éis an praghas tairisceana deiridh nó méid na n-urrús atá le tairiscint don phobal a chomhdú. Chun an leibhéal cosanta d'infheisteoirí a mhéadú, ba cheart síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le hinfeisteoirí an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú. ■

- (42) Le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2017/1129, tugtar an deis d'eisitheoirí faisnéis áirithe a ionchorprú sa réamheolaire trí thagairt a dhéanamh. Tugadh an fhéidearthacht sin isteach chun an t-ualach ar eisitheoirí a laghdú agus dúbláil faisnéise a nochtadh agus a foilsíodh cheana faoi dhlí eile um sheirbhísí airgeadais an Aontais a sheachaint. **Éascófar a thuilleadh an fhéidearthacht *faisnéis a ionchorprú* trí thagairt **amach anseo, a luaithe** a mbeidh infheisteoirí *in ann* rochtain a fháil **uirthi** ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí **ar an** ionad Eorpach ilfhreastail aonair ('ESAP') **a bunaíodh le Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**¹³. Le ESAP, **ba cheart** d'infheisteoirí a bheith in ann an chuid is mó d'fhaisnéis ábhartha a aimsiú in aon áit amháin, agus ar an gcaoi sin rochtain ar fhaisnéis arna chorprú trí thagairtí i réamheolairí a éascú a thuilleadh. **Ina theannta sin**, ba cheart **cead** a bheith ag cuideachtaí i gcónaí faisnéis nach bhfuil le nochtadh i réamheolaire a ionchorprú trí thagairtí ar bhonn deonach, ar choinníoll go gcomhlíonann an fhaisnéis sin na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/1129 maidir le corprú trí thagairtí.**
- (43) Chun deireadh a chur le costais agus ualaí nach bhfuil gá leo agus chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht ionchorprú na faisnéise sa réamheolaire trí thagairtí a mhéadú, **ba cheart a shoiléiriú nár** cheart a cheangal ar chuideachtaí forlíonadh a fhoilsiú le haghaidh **faisnéis airgeadais bhliantúil nó eatramhach nua i réamheolaire bunaidh atá fós bailí, murab ionann agus na cásanna a shonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/979. Ina ionad sin, ba cheart an fhaisnéis airgeadais bhliantúil nó eatramhach nua a ionchorprú trí thagairt sa réamheolaire bunaidh, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais maidir le hionchorprú trí thagairtí, ar nós foilsiú leictreonach agus ceanglais teanga. Mar sin féin, ba cheart cead a bheith ag cuideachtaí an fhaisnéis sin a fhoilsiú go deonach i bhforlíonadh.**

¹³ **Rialachán (AE) 2023/2859 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2023 lena mbunaítear pointe rochtana aonair Eorpach lena soláthraítear rochtain láraithe ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí agus atá ábhartha do sheirbhísí airgeadais, do mhargáí caipitil agus don inbhuanaitheacht (IO L, 2023/2859, 20.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2859/oj>).**

(44) Le Rialachán (AE) 2017/1129 cuirtear chun cinn cóineasú agus comhchuibhiú rialacha **a bhaineann** le grinnscrúdú agus formheas a dhéanann údaráis inniúla ar réamheolairí. Go sonrach, rinneadh na critéir maidir le grinnscrúdú ar iomláine, intuigtheacht agus comhsheasmhacht an réamheolaire ■ a leagan síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980. Níl an liosta critéar sin uileghabhálacha, áfach, toisc gur cheart an fhéidearthacht a bheith ann nuálaíochtaí sna margáí airgeadais a chur san áireamh. Dá thoradh sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ceadaítear d'údaráis inniúla critéir bhreise a chur i bhfeidhm maidir le réamheolairí a ghrinnscrúdú agus a fhorghnóthú i gcás inar gá chun infheisteoirí a chosaint. Cuireadh in iúl sa tuarascáil athbhreithnithe piaraí ón **Údarás Maoirseachta Eorpach** (*'an tÚdarás Eorpach* um Urrúis agus Margáí') ('ESMA') **a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**² gur cruthaíodh leis an bhféidearthacht sin difríochtaí ábhartha sa dóigh a gcuireann údaráis inniúla critéir bhreise ghrinnscrúdaithe i bhfeidhm agus a n-iarrann siad ar eisitheoirí faisnéis bhreise a sholáthar sa réamheolaire faoina ngrinnscrúdú. ■

- (45) *Chun cóineasú agus comhchuibhiú na gníomhaíochta maoirseachta réamheolaire a dhéanann na húdaráis inniúla a chothú, ar cheart di deimhneacht a thabhairt d'eisitheoirí agus muinín a thabhairt d'infheisteoirí, is iomchuí na himthosca a shonrú faoina bhféadfaidh údarás inniúil na critéir bhreise sin a úsáid, an cineál faisnéise breise a fhéadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal í a nochtadh sa bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear chun réamheolaire, réamheolaire leantach AE nó réamheolaire eisiúna fáis AE a tharraingt suas, lena n-áirítear an cineál faisnéise breise a d'fhéadfadh a cheangal í a nochtadh de réir na gcritéar breise agus an amlíne chun an réamheolaire a fhormheas.*
- (46) *Chun a áirithiú go gcuirfear eisitheoirí ar an eolas go tráthúil maidir le toradh an ghrinnscrúdaithe ar a réamheolaire, ba cheart a chur de cheangal ar údaráis inniúla sprioc-am soiléir lena ngrinnscrúdú a urramú. I gcás nach ndéantar cinneadh maidir leis an réamheolaire laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos, ba cheart d'údarás inniúil an chúis leis an mainneachtain sin a chur in iúl don eisitheoir, don tairgeoir nó don duine a iarrann ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialúilte agus do ESMA, ar cheart dó tuarascáil chomhiomlán a fhoilsiú ar bhonn bliantúil maidir leis na húdaráis inniúla a bheith ag comhlíonadh na teorainneacha ama a leagtar síos. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon mhainneachtain ag na húdaráis inniúla na teorainneacha ama a leagtar síos a chomhlíonadh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an réamheolaire. Ní mheasfar, áfach, i gcás nach ndéantar cinneadh, gurb ionann sin agus an t-iarratas a fhormheas.*

(47) *Ina theannta sin, ba cheart uastréimhse ama a shocrú chun bailchríoch a chur ar an nós imeachta grinnscrúdaithe agus i gcomhair chinneadh an údaráis inniúil maidir leis an réamheolaire. Ós rud é go bhfuil tionchar ag fachtóirí nach bhfuil neart ag an údarás inniúil orthu ar fhad an nós imeachta maidir le grinnscrúdú freisin, ba cheart an tréimhse ama a leagan síos mar uasfhad an nós imeachta ina iomláine, lena gcumhdófaí gníomhaíochtaí ón duine atá ag déanamh iarratais ar réamheolaire a fholmheas agus ón údarás inniúil araon. Ós rud é go bhféadfadh sé a bheith deacair gach cás nach féidir grinnscrúdú a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse ama a leagtar síos a réamh-mheas, tá sé tábhachtach na coinníollacha a shonrú maidir le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ón tréimhse ama sin. Ina theannta sin, ar an gcaoi chéanna leis na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 20, má mhainníonn an t-údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir leis an réamheolaire laistigh den uastréimhse ama sin, níor cheart a mheas gurb ionann sin agus an réamheolaire a fholmheas. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht dhlíthiúil, ba cheart a shoiléiriú sa sainmhíniú ar 'formheas' nach mbaineann sé le cruinneas na faisnéise i réamheolaire.*

- (48) *Rinneadh athbhreithniú piaraí ESMA ar ghrinnscrúdú agus formheas réamheolairí ag na húdaráis inniúla agus foilsíodh an tuarascáil athbhreithnithe piaraí roimh an togra ón gCoimisiún le haghaidh an Rialacháin leasaithe seo. Ós rud é gur féidir le ESMA athbhreithnithe piaraí a dhéanamh tráth ar bith a mheasann ESMA a bheith iomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, ní gá an ceanglas sin a shonrú i Rialachán (AE) 2017/1129. Dá bhrí sin, ba cheart mír 13 d’Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2017/1129 a bhaint amach, lena chuirtear de cheangal ar ESMA athbhreithniú piaraí ar nósanna imeacht na n-údarás inniúil maidir le grinnscrúdú agus formheas a eagrú agus a dhéanamh.*
- (49) Ceanglaítear le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2017/1129, i gcomhair tairiscint tosaigh *don phobal d’aicme* scaireanna *a ligtear isteach chun a thrádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair*, réamheolaire a fhoilsiú 6 lá oibre ar a laghad roimh dheireadh na tairisceana. Chun próisis leabharbhunaithe thapa a chothú, go háirithe i margaí mearghluaiseachta, agus chun cur le tarraingteacht chuimsiú na n-infheisteoirí miondíola i *dtairiscintí den chineál sin*, ba cheart an íostréimhse reatha 6 lá idir foilsiú an réamheolaire agus deireadh tairisceana scaireanna a laghdú, gan dul i gcion ar chosaint infheisteoirí.

- (50) Chun sonraí a bhailiú lena dtacaítear le measúnú ar an réamheolaire leantach AE agus ar an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, ba cheart leis an sásra stórála dá dtagraítear in Airteagal 21(6) de Rialachán (AE) 2017/1129 an réamheolaire leantach AE agus an *réamheolaire* eisiúna fáis AE a chumhdach, ar cheart iad a idirdhealú go soiléir ó na cineálacha eile réamheolairí.
- (51) Chun dáileadh an réamheolaire ar infheisteoirí ionchasacha a dhéanamh níos inbhuanaithe, chun digiteáil san earnáil airgeadais a mhéadú agus chun deireadh a chur le costais neamhriachtanacha, níor cheart infheisteoirí ionchasacha a bheith i dteideal cóip pháipéir de réamheolaire a iarraidh a thuilleadh. Dá bhrí sin, níor cheart cóip den réamheolaire a sheachadadh chuig infheisteoirí ionchasacha ach i bhformáid leictreonach, arna iarraidh sin agus í a bheith saor in aisce.

(52) Ceanglaítear le hAirteagal 23(3) de Rialachán (AE) 2017/1129 ar idirghabhálaithe airgeadais a chur in iúl d’infheisteoirí a cheannaigh nó a shuibscríobh urrúis tríd an idirghabhálaí airgeadais sin go bhféadfaí forlíonadh a fhoilsiú agus, in imthosca áirithe, go bhféadfaí teagmháil a dhéanamh leis na hinfeisteoirí sin an lá a fhoilseofar forlíonadh. Le Rialachán (AE) 2021/337, tugadh isteach míreanna 2a agus 3a ■ a ghabhann leis an Airteagal sin, ina ndéantar foráil maidir le córas níos comhréirí chun ualaí ar idirghabhálaithe airgeadais a laghdú, agus ardleibhéal cosanta d’infheisteoirí á choinneáil. Sonraítear sna míreanna sin na hinfeisteoirí ar cheart do na hidirghabhálaithe airgeadais dul i dteagmháil leo nuair a fhoilseofar forlíonadh agus nuair a chuirfear síneadh leis an spriodhata faoina ndéanfar teagmháil leis na hinfeisteoirí sin agus an spriodhata faoina bhféadfaidh na hinfeisteoirí sin a gcearta chun tarraingt siar a fheidhmiú. Ina theannta sin, sonraítear sna míreanna sin gur cheart d’idirghabhálaithe airgeadais teagmháil a dhéanamh le hinfeisteoirí a cheannaíonn nó a shuibscríobhann urrúis tráth nach déanaí ná deireadh na tréimhse tairisceana tosaigh. Tagraíonn an tréimhse sin don tréimhse ar lena linn a thairgeann eisitheoirí nó tairgeoirí urrúis don phobal mar a leagtar síos sa réamheolaire agus ní chuimsítear ann tréimhsí ina dhiaidh sin ar lena linn a n-athdhíoltar urrúis ar an margadh. **Chuaigh** an córas a tugadh isteach le hAirteagal 23(2a) agus (3a) de Rialachán (AE) 2017/1129 in éag an 31 Nollaig 2022. I bhfianaise an aiseolais dhearfaigh ar an iomlán a fuarthas ó na páirtithe leasmhara maidir leis an gcóras sin, ba cheart é a dhéanamh buan.

(53) Le hAirteagal 23(2a) agus (3a) de Rialachán (AE) 2017/1129 cuireadh síneadh leis an spriocdháta chun teagmháil a dhéanamh le hinfheisteoirí incháilithe maidir le forlíonadh a fhoilsiú go dtí deireadh an chéad lae oibre tar éis an lae a fhoilsítear an forlíonadh. Ionas gur féidir le hidirghabhálaithe airgeadais an spriocdháta sin a chomhlíonadh, is gá a leagan síos nach gceanglófar ar idirghabhálaithe airgeadais ach na hinfheisteoirí sin a d'aontaigh go rachfaí i dteagmháil leo trí mhodh leictreonach, **mar shampla trí ríomhphost**, a chur ar an eolas faoi fhoilsiú forlíonaidh. Anuas air sin, ba cheart d'idirghabhálaithe airgeadais a thairiscint do na hinfheisteoirí sin a chuir in iúl gur mian leo nach ndéanfar teagmháil leo ach trí mhodhanna eile seachas modhanna leictreonacha rogha maidir le teagmháil leictreonach chun an fógra i ndáil le foilsiú forlíonaidh a fháil agus chun na críche sin amháin. Is gá freisin a cheangal ar idirghabhálaithe airgeadais a chur in iúl do na hinfheisteoirí sin nach n-aontaíonn go rachfaí i dteagmháil leo trí mhodh leictreonach agus a dhiúltaíonn an rogha maidir le teagmháil leictreonach a dhéanamh leo gur féidir leo breathnú ar shuíomh gréasáin an eisiheora nó an idirghabhálaí airgeadais **chun a sheiceáil an bhfoilsítear nó nach bhfoilsítear** forlíonadh.

(54) *Mar thoradh ar léirmhíniú éagsúla maidir le cibé acu ar cheart nó nár cheart cead a thabhairt d'eisitheoir réamheolaire bunaidh a fhorlíonadh chun urrúis eile nó urrúis a bhfuil gnéithe éagsúla acu seachas na cinn ar formheasadh an réamheolaire bunaidh sin ina leith a thabhairt isteach, tá easpa cóineasaithe ann idir na Ballstáit. Chun* cosaint infheisteoirí a áirithiú agus cóineasú rialála a chothú ar fud an Aontais, is iomchuí a leagan síos, *dá bhrí sin*, nár cheart forlíonadh ar réamheolaire bunaidh a úsáid chun cineál nua urrúis a thabhairt isteach nach bhfuil an fhaisnéis riachtanach ina leith cuimsithe sa réamheolaire bunaidh sin, *ach amháin más gá déanamh amhlaidh chun ceanglais chaipitil a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta lena ndéantar dlí an Aontais a thrasú. Thairis sin, chun cóineasú maidir le húsáid an réamheolaire bunaidh a chothú a thuilleadh, ba cheart d'ESMA* soiléireacht bhreise a sholáthar trí threoirínte maidir leis na himthosca ina bhfuil sé le meas go dtugtar cineál nua urrúis isteach le forlíonadh nach bhfuil tuairisc air cheana i réamheolaire bunaidh.

(55) Ceanglaítear le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2017/1129 ar eisitheoirí aistriúcháin ar a réamheolaire a chur ar fáil chun go bhféadfaidh údaráis agus infheisteoirí grinnscrúdú cuí a dhéanamh ar na réamheolairí sin agus rioscaí a mheasúnú. I bhformhór na gcásanna, ní mór aistriúchán a chur ar fáil i gceann amháin ar a laghad de na teangacha oifigiúla a nglacann údaráis inniúla gach Ballstáit leis i gcás ina ndéantar tairiscint nó ina n-iarrtar ligean isteach chun trádála. Chun laghdú suntasach a dhéanamh ar ualaí neamhriachtanacha, ba cheart cead a bheith ag cuideachtaí réamheolaire a dhréachtú i dteanga a úsáidtear de ghnáth sa réimse airgeadais idirnáisiúnta, gan beann ar cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an tairiscint nó an ligean isteach chun trádála de chineál intíre nó trasteorann, agus ba cheart ceanglas an aistriúcháin a bheith teoranta d’achóimre an réamheolaire chun cosaint infheisteoirí miondíola a áirithiú. ***Ba cheart do Bhallstát a bheith in ann, áfach, rogha a dhéanamh gan a bheith páirteach agus ina ionad sin a éileamh go ndéanfaí an réamheolaire maidir le tairiscint urrús don phobal nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil á lorg ach sa Bhallstát sin amháin, go ndéanfaí an réamheolaire sin a tharraingt suas i dteanga a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin léi. Sna cásanna sin, ba cheart a chur de cheangal ar an mBallstát sin fógra a thabhairt don Choimisiún agus do ESMA maidir lena chinneadh. Chun trédhearcacht a sholáthar d’eisitheoirí agus infheisteoirí, ba cheart d’ESMA a fhoilsiú, ar a shuíomh gréasáin, liosta de na teangacha a nglacann údaráis inniúla gach Ballstáit leo le haghaidh tairiscint urrús don phobal nó urrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil á lorg ach sa Bhallstát sin.***

(56) Ceanglaítear le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2017/1129 faoi láthair go ndéanfaidh údarás inniúil Bhallstát baile eisitheoir na n-urrús lena mbaineann réamheolaire a tharraingítear suas agus a fhorhmeastar i gcomhréir le dlíthe náisiúnta tríú tír (‘réamheolaire tríú tír’), agus faoi réir na ndlíthe sin, a fhorhmeas, gan beann ar cibé acu atá nó nach bhfuil an réamheolaire tríú **tír** sin formheasta cheana ag an údarás ábhartha tríú tír. Ceanglaítear leis an Airteagal sin freisin go nglacfaidh an Coimisiún cinneadh ina sonrú go bhfuil na ceanglais faisnéise a fhorchuirtear le dlí náisiúnta an tríú tír sin comhionann leis na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2017/1129. Chun an rochtain ar mhargaí poiblí san Aontas a éascú d’eisitheoirí tríú tíortha, lena n-áirítear FBManna, agus chun deiseanna infheistíochta breise a chur ar fáil d’infheisteoirí san Aontas, agus a gcosaint á háirithiú ag an am céanna, is gá **na forálacha maidir leis an gcóras coibhéise a leasú. Ba** cheart a shoiléiriú, i gcás ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte **nó** i gcás ina dtairgfear urrúis don phobal san Aontas, nach bhfuil réamheolairí coibhéiseacha tríú tír atá formheasta cheana ag údarás maoirseachta na tríú tíre le comhdú ach le húdarás inniúil an Bhallstáit baile. Ina theannta sin, na critéir choibhéise ghinearálta, atá le bunú faoi láthair ar na ceanglais a leagtar síos in Airteagail 6, 7, 8 agus 13 de Rialachán (AE) 2017/1129, ba cheart iad a **leathnú** chun forálacha maidir le dliteanas, bailíocht an réamheolaire, fachtóirí riosca, grinnscrúdú, formheas agus foilsíú an réamheolaire, ■ agus forlíontaí a chuimsiú. Chun cosaint infheisteoirí san Aontas a áirithiú, is gá a shonrú freisin go bhfuil na cearta agus na hoibleagáidí uile dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2017/1129 le chuimsiú sa réamheolaire tríú tír. **Tá cead, freisin, ag eisitheoirí tríú tír an nós imeachta faoi Airteagal 28 de Rialachán (AE) 2017/1129 a úsáid maidir le haon chineál tairisceana urrús don phobal, trí réamheolaire a tharraingt suas i gcomhréir leis an Rialachán sin.**

(57) Tá gá le comhar éifeachtach le húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha i ndáil le malartú faisnéise leis na húdaráis sin agus forfheidhmiú na n-oibleagáidí a eascraíonn as Rialachán (AE) 2017/1129 i dtríú tíortha chun infheisteoirí san Aontas a chosaint agus chun cothroime iomaíochta idir eisitheoirí atá bunaithe san Aontas agus eisitheoirí tríú tír a áirithiú. Chun malartú faisnéise éifeachtúil comhsheasmhach le húdaráis mhaoirseachta a áirithiú, ba cheart ***d'údaráis inniúla na mBallstát nó d'ESMA, arna iarraidh sin d'údarás inniúil amháin ar a laghad***, socrúithe comhair le húdaráis mhaoirseachta ábhartha na dtríú tíortha a bhunú, agus ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún an t-ábhar íosta agus an teimpléad a bheidh le húsáid le haghaidh na socrúithe sin a chinneadh. ***Thairis sin, ba cheart do ESMA comhordú ar fhorbairt socrúithe comhair idir údaráis inniúla agus údaráis mhaoirseachta ábhartha tríú tíortha a éascú agus, i gcás inar gá, dáileadh na faisnéise a fhaightear ó údaráis mhaoirseachta tríú tíortha a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le bearta atá le glacadh faoi Airteagail 38 agus 39 de Rialachán (AE) 2017/1129 ar údaráis inniúla.*** Mar sin féin, ***chun cosaint infheisteoirí a áirithiú***, maidir le tríú tíortha atá ar ***liosta an Aontais de dhlínsí cánach neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach agus*** ar an liosta de na dlínsí a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras náisiúnta maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac agus ar bagairt shuntasach iad ar chóras airgeadais an Aontais, ba cheart iad a eisiáimh ó na comhaontuithe comhair sin.

- (58) Is gá a áirithiú go bhfuil an réamheolaire leantach AE, **an réamheolaire** eisiúna fáis AE agus achoimrí gaolmhara réamheolaire faoi réir na smachtbhannaí riaracháin agus na mbeart riaracháin céanna le réamheolairí eile. Ba cheart na smachtbhannaí agus na bearta sin a bheith éifeachtach comhréireach agus athchomhairleach agus cur chuige comhchoiteann a áirithiú sna Ballstáit.
- (59) Ceanglaítear le hAirteagal 47 de Rialachán (AE) 2017/1129 ar ESMA tuarascáil a fhoilsiú gach bliain ina mbeidh staidreamh maidir leis na réamheolairí a formheasadh agus ar tugadh fógra ina leith san Aontas agus ina mbeidh anailís ar threochtaí. Is gá a leagan síos gur cheart a chuimsiú sa tuarascáil sin freisin faisnéis staidrimh faoi na **réamheolairí** eisiúna fáis AE, arna n-idirdhealú de réir cineálacha eisitheoirí, agus ba cheart anailís a dhéanamh inti ar inúsáidteacht na gcóras nochta is infheidhme faoin réamheolaire leantach AE, faoi na **réamheolairí** eisiúna fáis AE agus faoi na **doiciméid** chlárúcháin uilíocha. Ba cheart anailís a dhéanamh sa tuarascáil **sin** freisin ar an díolúine nua maidir le heisiúintí tánaisteacha urrús atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna. ***Thairis sin, ba cheart a áireamh sa tuarascáil sin, bunaithe ar thuarascáil arna soláthar ag ESMA don Choimisiún, anailís an áirithítear cóineasú maoirseachta ar fud an Aontais le nósanna imeachta grinnschrúdaithe agus formheasa na n-údarás inniúil agus an bhfuil siad fós iomchuí i bhfianaise na cuspóirí atá á saothrú acu. Ar deireadh, ba cheart a áireamh sa tuarascáil sin anailís ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhéidearthacht ag na Ballstáit nochtaí náisiúnta faoi bhun na tairisí díolúine ábhartha de EUR 12 000 000 nó EUR 5 000 000 a éileamh chun urrúis a thairiscint don phobal fabhrach chun an ceanglas náisiúnta maidir le nochtheadh a chóineasú agus an bhfuil na nochtaí náisiúnta sin ina mbacainn roimh urrúis a thairiscint don phobal sna Ballstáit sin.***

(60) Ba cheart don Choimisiún, i ndiaidh tréimhse ama iomchuí i ndiaidh dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo, athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2017/1129 agus measúnú a dhéanamh go háirithe i dtaobh an iomchuí fós na forálacha maidir le hachóimre an réamheolaire, na córais nochta le haghaidh an réamheolaire Leantaigh AE, ***réamheolaire*** eisiúna Fáis AE agus an doiciméad clárúcháin uilíoch chun a gcuspóirí a bhaint amach. Is gá a leagan síos freisin gur cheart anailís a dhéanamh sa tuarascáil sin ar na sonraí, na treohtaí agus na costais ábhartha i ndáil ***leis*** an réamheolaire Leantach AE agus ***an réamheolaire*** eisiúna Fáis AE. Go sonrach, ba cheart measúnú a dhéanamh sa tuarascáil sin i dtaobh an mbaintear an chothromaíocht chuí amach leis na córais nua sin idir cosaint infheisteoirí agus laghdú an ualaigh riaracháin. ***I bhfianaise a thábhachtaí atá sé a áirithiú go gcuirtear dlús le haontas na margaí caipitil, agus go léirítear leis réaltachtaí an mhargaidh a luaithe is féidir tar éis dóibh tarlú, ní mór an tréimhse iomchuí chun na hathbhreithnithe sin a dhéanamh ag an gCoimisiún a bheith níos giorra ná an tréimhse a bhí ann sular glacadh an Rialachán leasaithe seo. Ba cheart don Choimisiún a mheas freisin an bhfuil údar maith leis na forálacha maidir le dliteanas réamheolaire a chomhchuibhiú a thuilleadh agus, má tá, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar leasuithe a dhéanamh ar na forálacha dliteanais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2017/1129.***

(61) Le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, bunaítear creat láidir chun sláine an mhargaidh agus muinín infheisteoirí a chaomhnú trí dhéileáil chos istigh, nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh agus cúbláil mhargaidh a chosc. Cuirtear roinnt oibleagáidí maidir le nochtadh agus coimeád taifead ar eisitheoirí leis agus éilítear ar eisitheoirí leis faisnéis ón taobh istigh a nochtadh don phobal. 6 bliana i ndiaidh theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, léirigh aiseolas a fuarthas ó pháirtithe leasmhara a bailíodh i gcomhthéacs na gcomhairliúchán poiblí agus na ngrúpaí saineolaithe go gcuireann roinnt gnéithe den Rialachán sin ualach mór ar eisitheoirí. Is gá, dá bhrí sin, soiléireacht dhlíthiúil a threisiú, aghaidh a thabhairt ar cheanglais dhíríreacha d'eisitheoirí agus tarraingteacht fhoriomlán mhargaí caipitil an Aontais a mhéadú, agus leibhéal iomchuí cosanta d'infheisteoirí agus sláine an mhargaidh á n-áirithiú.

- (62) Le hAirteagail 14 agus 15 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 cuirtear toirmeasc ar dhéileáil chos istigh, ar nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh agus ar chúbláil mhargaidh. Tá eisceacht in Airteagal 5 den Rialachán sin, áfach, maidir leis na toirmisc ar chláir aisceannaigh agus ar chobhsú. Ionas go mbainfidh clár aisceannaigh leas as an díolúine sin, tá oibleagáid ar eisitheoirí tuairisc a thabhairt d'údaráis inniúla uile na n-ionad trádála ar ligeadh na scaireanna isteach chun a dtrádála orthu nó a dtrádáiltear, gach idirbheart a bhaineann leis an gclár aisceannaigh orthu, lena n-áirítear faisnéis a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁴. Ina theannta sin, tá oibleagáid ar eisitheoirí na trádálacha a nochtadh don phobal ina dhiaidh sin. Tá na hoibleagáidí sin an-anásta. Is gá, dá bhrí sin, an nós imeachta tuairiscithe a shimpliú trína cheangal ar eisitheoir faisnéis maidir le hidirbhearta cláir aisceannaigh a thuairisciú d'údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha, agus don údarás sin amháin, i gcomhthéacs leachtachta dá scaireanna. Is gá freisin an oibleagáid maidir le nochtadh a shimpliú trí chead a thabhairt d'eisitheoir gan faisnéis chomhiomlánaithe a nochtadh ach amháin lena léirítear ***an méid comhiomlánaithe agus an meánphraghas ualaithe in aghaidh an lae agus in aghaidh an ionaid trádála.***
- (63) ***Tá coincheap na faisnéise ón taobh istigh a leagtar amach in*** Airteagal 7(1), pointe (d) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 rótheoranta, áfach, toisc nach mbaineann sé ach le daoine atá freagrach as orduithe a fhorghníomhú a bhaineann le hionstraimí airgeadais, ach go hiarbhrí, d'fhéadfadh sé go mbeadh daoine eile ar an eolas faoi ordú nó idirbheart atá le teacht. Dá bhrí sin, ba cheart an coincheap sin a leathnú chun cásanna a chumhdach freisin ina gcuirtear faisnéis ar aghaidh de bhua cuntas dílseánaigh nó ciste bainistithe a bhainistiú, agus go háirithe chun gach catagóir daoine a d'fhéadfadh a bheith ar an eolas faoi ordú amach anseo a chuimsiú.

¹⁴ Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáí in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 173, 12.6.2014, lch. 84).

(64) De réir Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, is éard atá i gceist le sondáil margaidh faisnéis a chur in iúl d'infheisteoir ionchasach amháin nó níos mó, sula bhfógraítear an t-idirbheart, d'fhonn spéis infheisteoirí ionchasacha in idirbheart féideartha agus na coinníollacha a bhaineann leis a thomhas, mar shampla a mhéid nó a phraghsáil fhéideartha. Is cleachtas seanbhunaithe é sondáil margaidh a chuireann le margáí caipitil éifeachtúla. D'fhéadfadh sé, áfach, go gceanglófaí le sondáil margaidh faisnéis ón taobh istigh a nochtadh d'infheisteoirí ionchasacha agus go nochtfaí na páirtithe lena mbaineann do rioscaí dlíthiúla dá deasca. Ba cheart an sainmhíniú ar shondáil margaidh a bheith leathan chun freastal ar chineálacha éagsúla tíopeolaíochta na sondála agus na gcleachtas éagsúil ar fud an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart a áireamh freisin leis an sainmhíniú ar shondáil margaidh cumarsáid faisnéise nach dtagann aon fhógra sonracha ina dhiaidh faoi idirbheart, mar sa chás sin freisin, d'fhéadfaí faisnéis ón taobh istigh a nochtadh d'infheisteoirí ionchasacha agus ba cheart eisitheoirí a bheith ábalta tairbhe a bhaint as an gcosaint a thugtar le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.

(65) Foráiltear le hAirteagal 11(4) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go measfar gur i ngnáthfheidhmiú fostaíochta, gairme nó dualgas duine a dhéantar faisnéis ón taobh istigh a nochtadh le linn sondáil margaidh agus, dá bhrí sin, ní hionann an nochtadh sin agus nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh, i gcás ina gcomhlíonann an rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh ***na ceanglais riachtanacha*** a leagtar síos in Airteagal 11(3) ***agus Airteagal 11(6), mar aon leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 11(4)*** den Rialachán sin. Ionas go seachnófar an léirmhíniú lena gceanglófaí ar rannpháirtithe margaidh a dhéanann nochtadh agus sondáil margaidh á déanamh acu na ceanglais go léir a leagtar amach in Airteagal ***11(4)*** de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 a chomhlíonadh, ba cheart a shonrú nach bhfuil sa chóras sondála margaidh agus sna ***ceanglais in Airteagal 11(4)*** ach rogha do rannpháirtithe margaidh a dhéanann an nochtadh agus gur cosaint ar líomhain maidir le nochtadh neamhdhleathach faisnéise ón taobh istigh iad. Mar sin féin, cé nár cheart a thoirmeachú go bhfuil faisnéis ón taobh istigh nochtadh go neamhdhleathach ag rannpháirtithe margaidh a dhéanann an nochtadh agus nach gcomhlíonann na ceanglais a leagtar amach in Airteagal ***11(4)*** de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus sondáil margaidh á déanamh acu, níor cheart go mbeadh na rannpháirtithe margaidh sin a dhéanann an nochtadh ábalta leas a bhaint as an gcosaint a thugtar dóibh siúd a dhéanann na ceanglais sin a chomhlíonadh. Lena áirithiú go bhféadfaidh údarais inniúla rian iniúchóireachta próisis a fháil lena bhféadfaí nochtadh faisnéise ón taobh istigh do thríú páirtithe a thabhairt le tuiscint, ba cheart a shonrú freisin go bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(3) ***agus (6)*** de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 éigeantach do gach rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh, ***gan beann ar chomhlíonadh an nós imeachta roghnaigh in Airteagal 11(4) den Rialachán sin.***

(66) Is féidir leachtacht i scaireanna eisitheora a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí soláthair leachtachta, lena n-áirítear socrú maidir le cruthú margaidh nó conarthaí leachtachta. Is é atá i gceist le socrú maidir le cruthú margaidh conradh idir an t-oibreoir margaidh agus tríú páirtí a gheallann go gcoinneoidh sé an leachtacht i scaireanna áirithe agus a bhaineann leas as lacáistí ar tháillí trádála i gcomaoin air sin. Tugtar conradh leachtachta ar chonradh idir eisitheoir agus tríú páirtí a gheallann go soláthróidh sé leachtacht i scaireanna an eisitheora, agus ar son an eisitheora. Le Rialachán (AE) Uimh. 2019/2115, tugadh isteach in Airteagal 13 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 an fhéidearthacht d'eisitheoirí ionstraimí airgeadais a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargaí fáis FBManna conradh leachtachta a dhéanamh le soláthraí leachtachta, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Ceann de na coinníollacha sin is ea gur admhaigh an t-oibreoir margaidh nó an gnólacht infheistíochta a oibríonn an margadh fáis FBManna i scríbhinn don eisitheoir go bhfuair sé cóip den chonradh leachtachta agus gur aontaigh sé le téarmaí agus coinníollacha an chonartha sin. Ní páirtí i gconradh leachtachta é oibreoir an mhargaidh fáis FBManna, áfach, agus bíonn castacht iomarcach mar thoradh ar an gceanglas gur aontaigh an t-oibreoir sin le téarmaí agus coinníollacha an chonartha leachtachta. Chun deireadh a chur leis an gcastacht sin agus chun forálacha leachtachta a chothú maidir leis na margaí fáis FBManna sin, is iomchuí deireadh a chur leis an gceanglas ar oibreoirí na margaí fáis FBManna aontú le téarmaí agus coinníollacha na gconarthaí leachtachta.

(67) Tá sé d'aidhm ag an toirmeasc ar dhéileáil chos istigh cosc a chur ar aon saothrú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhaisnéis ón taobh istigh agus ba cheart é a chur i bhfeidhm a luaithe a bheidh an fhaisnéis sin ar fáil. Is é is aidhm don cheanglas, **go príomha**, faisnéis ón taobh istigh a nochtadh chun a chur ar chumas infheisteoirí cinntí eolasacha a dhéanamh. Nuair a nochtar faisnéis ag céim an-luath agus nuair is de réamhchineál é, d'fhéadfaí infheisteoirí a chur amú leis, seachas cur le praghasmhúnlú éifeachtúil agus aghaidh a thabhairt ar neamhshiméadracht na faisnéise. **Dá bhrí sin**, i bpróiseas fadtréimhseach, níor cheart go gcumhdófaí leis an **oibleagáid maidir le nochtadh fógraí a bhaineann le rúin amháin, caibidlíocht leanúnach ná, ag brath ar na himthosca, dul chun cinn caibidlíochta (mar shampla, cruinniú idir ionadaithe na gcuideachtaí)**. Ba cheart don eisitheoir faisnéis a nochtadh a bhaineann leis **na himthosca nó an teagmhas ar leith** amháin a bhfuil sé i gceist ag **an** bpróiseas fadtréimhseach a bhaint amach **nó a tharlaíonn mar thoradh air (teagmhas deiridh), a luaithe is féidir tar éis do na himthosca sin nó an teagmhas sin tarlú. Mar shampla, i gcás cumaisc, ba cheart nochtadh a dhéanamh a luaithe is féidir tar éis don** lucht bainistíochta **cinneadh a dhéanamh an comhaontú cumaisc a shíniú, a luaithe a bheidh eilimintí lárnacha an chumaisc comhaontaithe. Go ginearálta, i gcás comhaontuithe conarthacha, ba cheart a mheas gur tharla an teagmhas deiridh nuair a comhaontaíodh bunchoinníollacha an chomhaontaithe sin.** I gcás próiseas nach próisis fhadtréimhseacha iad, a bhaineann **le teagmhas aonuaire nó le sraith imthosca**, go háirithe nuair nach mbraitheann tarlú **an teagmhais nó na sraithe imthosca sin** ar an eisitheoir, ba cheart an nochtadh a dhéanamh a luaithe a thiocfaidh an t-eisitheoir ar an eolas faoin teagmhas **nó faoin tsraith imthosca sin**.

- (68) *Ní bhíonn sé simplí i gcónaí a shainaithint go díreach an uair a éiríonn teagmhas críochnaitheach. Chun a chur ar chumas an eisitheora an tráth a bheidh gá leis an nochtadh faisnéise úbhartha a shainaithint, ba cheart don Choimisiún a bheith cumhachtaithe chun gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh chun liosta neamh-uileghabhálach de theagmhais deiridh i bpróisis fhadtréimhseacha a leagan amach, rud a spreagfadh an oibleagáid atá ann an fhaisnéis a nochtadh agus i gcás teagmhais, an tráth a mheastar gur tharla sé.*
- (69) Ba cheart d'eisitheoirí rúndacht faisnéise a bhaineann le céimeanna idirmheánacha a áirithiú i gcás nár nochtadh fós na himthosca nó an teagmhas, a bhfuil sé beartaithe é a bhaint amach le próiseas fadtréimhseach nó a tharlaíonn mar thoradh ar. Nuair a nochtfar na himthosca nó an teagmhas sin, níor cheart ceangal a bheith ar an eisitheoir rúndacht na faisnéise a bhaineann le céimeanna idirmheánacha a chosaint a thuilleadh.

(70) *D'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina bhféadfadh sé go mbeadh ar an eisitheoir nochtadh imthosca nó teagmhas ar leith a chur siar tar éis dóibh tarlú. Foráiltear le hAirteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go bhféadfaidh eisitheoir nó rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí, ar a fhreagracht féin, moill a chur ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh don phobal ar choinníoll go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe. **Níor cheart neamhnochtadh ó eisitheoir faisnéise chos istigh a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróiseas fadtréimhseach a bheith faoi réir na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 17(4) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Chun deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú don eisitheoir nó don rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí agus léirmhíniú comhsheasmhach ar na coinníollacha chun moill a chur ar an bhfaisnéis ón taobh istigh, ba cheart na himthosca nár cheart go gcuirfí an mhoill i bhfeidhm iontu a shoiléiriú trí thagairt dhíreach a dhéanamh do ráitis phoiblí roimhe sin nó do chineálacha eile cumarsáide ón eisitheoir nó ón rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí. Chun an soiléiriú sin a chur ar fáil, ba cheart don Choimisiún a bheith cumhachtaithe chun gníomh tarmligthe a ghlacadh chun liosta neamh-uileghabhálach a leagan amach de chásanna ina bhfuil sé i gceist ag an eisitheoir nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí moill a chur ar an bhfaisnéis chos istigh agus go bhfuil an fhaisnéis sin i gcodarsnacht leis an bhfógra poiblí is déanaí nó aon chineál cumarsáide eile ón eisitheoir nó ón rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí faoin ábhar céanna dá dtagraíonn an fhaisnéis chos istigh.***

- (71) Le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, cuirtear ceangal ar eisitheoirí agus ar aon duine a ghníomhaíonn thar a gceann nó ar a son liosta a dhréachtú agus a choinneáil cothrom le dáta de na daoine go léir a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis ón taobh istigh agus atá ag obair dóibh faoi chonradh fostaíochta, nó a dhéanann cúraimí ar shlí eile lena dtugtar rochtain dóibh ar fhaisnéis ón taobh istigh, lena n-áirítear comhairleoirí, cuntasóirí agus gníomhaireachtaí rátála creidmheasa. Cuireann Airteagal 18(6) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, teorainn leis an oibleagáid sin d'eisitheoirí ar ligeadh a gcuid ionstraimí isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM, ionas nach mbeidh orthu ach na daoine sin a mbíonn rochtain rialta ar fhaisnéis ón taobh istigh acu, mar gheall ar nádúr a bhfeidhme nó a bpoist laistigh den eisitheoir, a áireamh ar a gcuid liostaí de dhaoine ar an taobh istigh. ■
- (72) I roinnt Ballstát, meastar go bhfuil tábhacht ar leith le liostaí de dhaoine ar an taobh istigh chun ardleibhéal sláine margaidh a áirithiú. Ar an gcúis sin, le hAirteagal 18(6), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, ceadaítear do na Ballstáit a cheangal ar eisitheoirí ar mhargaí fáis FBManna liostaí níos cuimsithí de dhaoine ar an taobh istigh a dhréachtú ina gcuimseofar gach duine a bhfuil rochtain acu ar fhaisnéis ón taobh istigh, ar bhonn formáid mhaolaithe, áfach, lena n-éilítear níos lú faisnéise ina leith. Chun an t-ualach rialála iomarcach a sheachaint, agus an fhaisnéis riachtanach á coinneáil ag na húdaráis inniúla chun sárúithe ar dhrochúsáid mhargaidh a imscrúdú, ba cheart an fhormaid mhaolaithe sin a úsáid le haghaidh gach liosta de dhaoine ar an taobh istigh. ■

- (73) Foráiltear le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 maidir le bearta coisctheacha i gcoinne drochúsáid mhargaidh agus, go sonrach, déileáil chos istigh, maidir le daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta agus daoine a bhfuil dlúthbhaint acu leo. Ar na bearta sin tá fógra a thabhairt maidir le hidirbhearta in ionstraimí airgeadais an eisiheora ábhartha agus tá an toirmeasc ar idirbhearta a dhéanamh sna hionstraimí sin i le linn tréimhsí sainithe áirithe. Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 19(8) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 nach mór do dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta fógra a thabhairt don eisiheoir agus don údarás inniúil i gcás ina bhfuil idirbhearta ag na daoine ar mó iad ná an tairseach EUR 5 000 i mbliain féilire, chomh maith le haon idirbheart ina dhiaidh sin sa bhliain chéanna. Baineann na fógraí, a mhéid a bhaineann le heisitheoirí, le hidirbhearta a dhéanann daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta nó le daoine a bhfuil dlúthbhaint acu leo ar a gcuntas féin i ndáil le scaireanna nó ionstraimí fiachais an eisiheora sin, nó le díorthaigh nó ionstraimí airgeadais eile atá nasctha leo. Sa bhreis ar an tairseach EUR 5 000, foráiltear in Airteagal 19(9) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 go bhfuil na húdaráis inniúla in ann a chinneadh an tairseach a mhéadú go EUR 20 000.
- (74) Ionas go seachnófar ceanglas míchuí ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta idirbhearta a thuairisciú agus ar chuideachtaí idirbhearta a nochtadh ar idirbhearta iad nach mbeadh fiúntach d'infheisteoirí, is iomchuí an tairseach le haghaidh tuairisciú agus nochtáí gaolmhara a ardú ó EUR 5 000 go EUR 20 000. ***San am céanna, ba cheart solúbthacht a thabhairt do na húdaráis inniúla chun an tairseach sin a mhéadú go EUR 50 000 nó chun í a íslíú go EUR 10 000, i gcás ina bhfuil údar cuí leis i bhfianaise dhálaí an mhargaidh náisiúnta.***

(75) Le hAirteagal 19(11) de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, cuirtear toirmeasc ar dhaoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta, le linn tréimhse 30 lá féilire roimh thuairisciú airgeadais a gcuideachta (tréimhse dhúnta), scaireanna nó ionstraimí fiachais an eisitheora nó na ndíorthaigh nó ionstraimí airgeadais eile atá nasctha leo a thrádáil, mura rud é go dtabharfaidh an t-eisitheoir a thoiliú agus go gcomhlíontar imthosca sonracha. Cuimsítear sa díolúine sin ón gceanglas an tréimhse dhúnta faoi láthair scaireanna fostaí nó scéimeanna coigiltis chomh maith le cáilíochtaí nó teidlíocht scaireanna. Chun comhsheasmhacht rialacha a chur chun cinn ar fud aicmí sócmhainní éagsúla, ba cheart an díolúine sin a leathnú chun a áireamh sna scéimeanna fostaíthe díolmhaithe na scéimeanna sin a bhaineann le hionstraimí airgeadais nach scaireanna iad, agus chomh maith leis sin, chun cáilíocht nó teidlíocht ionstraimí nach scaireanna iad a chumhdach.

(76) Maidir le hidirbhearta nó gníomhaíochtaí áirithe a dhéanann an duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta le linn na tréimhse dúnta, d'fhéadfadh baint a bheith acu le socruithe neamh-inchúlghairthe a dhéantar lasmuigh de thréimhse dhúnta. D'fhéadfadh na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí sin a bheith mar thoradh ar shainordú lánroghnach bainistíochta sócmhainní arna fhorghníomhú ag tríú páirtí neamhspleách faoi shainordú lánroghnach bainistíochta sócmhainní. D'fhéadfadh na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí sin a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí corparáideacha atá údaraithe go cuí nach dtugtar le fios leo go gcaitear go tairbheach leis an duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta. Thairis sin, d'fhéadfadh na hidirbhearta nó na gníomhaíochtaí sin a bheith mar thoradh ar oidhreachtaí, bronntanais agus tabhartais a ghlacadh, nó ar fheidhmiú roghanna, todhcháíochtaí, nó díorthach eile a comhaontaíodh lasmuigh den tréimhse dhúnta. Ní bhaineann na gníomhaíochtaí agus na hidirbhearta sin, i bprionsabal, le cinntí infheistíochta gníomhacha arna ndéanamh ag na daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta. Dá dtoirmeascfaí idirbhearta nó gníomhaíochtaí dá leithéid le linn na tréimhse dúnta, chuirfí srian iomarcach le saoirse daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta, toisc nach bhfuil aon riosca ann go mbainfidh siad tairbhe as buntáiste faisnéiseach. Chun a áirithiú nach mbeidh feidhm ag an toirmeasc ar thrádáil le linn na tréimhse dúnta ach maidir le hidirbhearta nó gníomhaíochtaí a bhraitheann ar ghníomhaíocht infheistíochta thoiliúil an duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta, níor cheart a chumhdach faoin toirmeasc sin idirbhearta nó gníomhaíochtaí a bhraitheann ar thosca seachtracha *amháin* nó nach mbaineann le cinntí gníomhacha infheistíochta ó na daoine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta. ■

(77) Le comhtháthú na margaí atá ag méadú, méadaítear an riosca um dhrochúsáid mhargaidh trasteorann. Chun sláine an mhargaidh a chosaint, ba cheart do na húdaráis inniúla oibriú i gcomhar le chéile go pras tráthúil, agus le ESMA freisin. Chun an comhar sin a neartú, ba cheart ESMA a bheith in ann gníomhú **as stuaim údaráis inniúil amháin nó níos mó** chun comhar na n-údarás inniúil a éascú agus an deis a bheith ann an t-imscrúdú nó an chigireacht lena bhfuil éifeacht trasteorann a chomhordú. Tá sé cruthaithe go bhfuil ardáin chomhair a bhunaigh an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde úsáideach mar uirlis mhaoirseachta chun malartú faisnéise a neartú agus chun comhar idir údaráis a fheabhsú. Is iomchuí, dá bhrí sin, an deis a thabhairt isteach freisin go bhféadfaidh ESMA na hardáin sin a bhunú agus a chomhordú i réimse na margaí urrús, **as stuaim údaráis inniúil amháin nó níos mó**, i gcás ina bhfuil inní ann faoi shláine an mhargaidh nó faoi fheidhmiú cuí margaí. I bhfianaise an chaidrimh láidir idir margaí airgeadais agus spotmhargaí, **ba cheart ESMA** a bheith in ann na hardáin sin a chur ar bun le comhlachtaí poiblí a dhéanann faireachán ar mhargaí mórdhíola tráchtearraí, as stuaim údaráis inniúil amháin nó níos mó, lena n-áirítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), i gcás ina ndéanann na hábhair inní sin difear do mhargaí airgeadais agus do spotmhargaí.

(78) Tá sé ríthábhachtach faireachán a dhéanamh ar shonraí ■ ordaithe chun faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíocht an mhargaidh. Ba cheart, dá bhrí sin, rochtain éasca a bheith ag údaráis inniúla ar na sonraí ar gá dóibh dá ngníomhaíocht mhaoirseachta. Baineann cuid de na sonraí sin le hionstraimí a thrádáiltear in ionad trádála atá lonnaithe i mBallstát eile. Chun éifeachtacht na maoirseachta a fheabhsú, ba cheart do na húdaráis inniúla sásra a bhunú chun sonraí ordaithe a mhalartú ar bhonn leanúnach. . Lena áirithiú go mbeidh raon feidhme an tsásra sin um sonraí ordaithe a mhalartú comhréireach lena úsáid, níor cheart an oibleagáid a bheith rannpháirteach sa sásra sin ach a bheith ar údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar mhargaí a bhfuil ardleibhéal gníomhaíochta trasteorann ag baint leo. ***Ba cheart do na Ballstáit sin a mbeadh spéis ag a n-údaráis inniúla a bheith rannpháirteach sa sásra ar bhonn deonach a bheith in ann na forálacha céanna a chur i bhfeidhm agus rannchuidiú le cistiú an tsásra. Tá a shaineolas léirithe ag ESMA maidir le moil malartaithe sonraí a bhunú, ar nós mhalartú sonraí tuairiscithe idirbheart trí chur chun feidhme cruthaithe an tSásra um Malartú Tuairiscithe Idirbheart (TREM) nó tríd an bPointe Rochtana Aonair ar Shonraí Idirbhearta EMIR trí chur chun feidhme na stórtha trádála (TRACE). Dá bhrí sin, ba cheart d'údaráis inniúla rannpháirteacha bheith in ann an sásra nua sin a bhunú chun sonraí ordaithe a mhalartú trí fhorbairt an tionscadail a tharmligean chuig ESMA.***

*Ba cheart don Choimisiún liosta de na hionaid trádála a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo a chinneadh i ngníomh tarmligthe tríd an méid trádála a chuirtear ar bun san ionad trádála sin ar a laghad a chur san áireamh i gcás gach aicme ionstraimí airgeadais chomh maith leis an méid trádála san ionad trádála sin in ionstraimí airgeadais a bhfuil údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha ina leith éagsúil le húdarás inniúil an ionaid trádála sin. D'fhonn deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar agus gan moill a chur ar chur chun feidhme an tsásra, ba cheart na critéir chun ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach trasteorann ag baint leo a chinneadh a shocrú sa Rialachán seo agus tairseacha sonracha a shocrú le haghaidh scaireanna. Chun a áirithiú, áfach, go leanfaidh na critéir de bheith inoibrithe agus solúbtha go leor chun forbairtí na margái airgeadais agus an gá atá le maoirseacht éifeachtach a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún na tairseacha sin a oiriúnú le himeacht ama trí bhíthin gníomh tarmligthe, agus comhréireacht á háirithiú ag an am céanna, agus tuairim a iarraidh ar ESMA maidir le tairseacha a chalabhrú. Ina theannta sin, níor cheart baint a bheith ag an sásra um malartú sonraí ordaithe ach le scaireanna ar dtús, **sula mbainfidh sé le** bannaí agus todhchaíochtaí chomh maith, agus ábharthacht na n-ionstraimí airgeadais sin á cur san áireamh i gcomhthéacs trádáil trasteorann agus cúbláil margaidh araon. Chun a áirithiú, áfach, go **léiríonn** sásra mar sin um malartú **sonraí** ordaithe a mhalartú forbairtí sna margái airgeadais mar aon le cumas na n-údarás inniúil sonraí nua a phróiseáil, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún raon feidhme na n-ionstraimí a leathnú **tuilleadh** ar féidir a sonraí a mhalartú tríd an sásra sin **agus cuimsiú bannaí agus todhchaíochtaí a chur ar athló, seans, agus anailís ESMA ar imscaradh na meicníochta á cur san áireamh, go háirithe ó thaobh costas de.***

(79) ***Chun feabhas a chur ar an bhfaireachán a dhéantar ar orduithe trí fhorbairtí teicneolaíochta agus chun sláine an mhargaidh a threisiú,*** ba cheart do na húdaráis inniúla bheith in ann rochtain a fháil ar shonraí ordaithe, ní hamháin ar iarratas *ad hoc*, ach ar bhonn leanúnach freisin. Thairis sin, chun próiseáil sonraí ordaithe ag údaráis inniúla náisiúnta a éascú, is gá formáid na sonraí sin a chomhchuíbhíú. ■

(80) **I** Is toisc thábhachtach é an riosca go sárófaí na ceanglais maidir le nochtadh ar bhealach neamhaireach faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus na smachtbhannaí riaracháin lena mbaineann lena ndíspreagtar cuideachtaí ligean chun trádála a iarraidh. Chun ualach iomarcach ar chuideachtaí, go háirithe FBManna, **lena n-áirítear micrifhiontair, a sheachaint, ba cheart méid deiridh** na smachtbhannaí i leith sárúithe arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha i ndáil le ceanglais maidir le nochtadh a bheith comhréireach le méid na cuideachta. Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, Airteagal **30(2), pointe (j)(iii) agus (iv) íosmhéid d'uasmhéid na smachtbhannaí is féidir le húdarás inniúil náisiúnta a fhorchur i sárú a bhaineann leis an gcóras noхта. Chun comhréireacht a áirithiú**, ba cheart na méideanna sin **a chinneadh, mar riail ghinearálta, bunaithe ar láimhdeachas bliantúil iomlán na cuideachta. Mar sin féin**, i gcás ina mbeadh **méid deiridh an smachtbhanna a fhorchuirfear** díréireach íseal i bhfianaise na n-imthosca a leagtar amach in Airteagal 31 de Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 **tríd an uasmhéid a leagtar amach sa dlí náisiúnta a chur i bhfeidhm** bunaithe ar an láimhdeachas bliantúil iomlán, **ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta méid deiridh na smachtbhannaí a mhéadú, tríd an uasmhéid a bhunaítear sa dlí náisiúnta a chur san áireamh, mar a shloinntear i ndearbhmhéideanna**. Sna cásanna sin, is iomchuí freisin **cead a thabhairt do gach Ballstát ina dhlí náisiúnta leibhéal uasta smachtbhannaí níos ísle a chur i bhfeidhm** le haghaidh FBManna, mar a léirítear i ndearbhmhéideanna, **mar bhealach** chun a áirithiú go gcaithfear leo go comhréireach. **Mar sin féin, ba cheart cead a bheith ag Ballstát an leibhéal uasta céanna a bhunú ina dhlí náisiúnta agus a shloinntear i ndearbhmhéideanna i gcás gach cineál eisitheora.**

(81) Agus sonraí pearsanta á bpróiseáil ag na húdaráis inniúla faoi chuimsiú Rialachán (AE) Uimh. 596/2014, ba cheart dóibh Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh¹⁵. Maidir leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann ESMA faoi chuimsiú an Rialacháin sin, ba cheart do ESMA Rialachán (AE) Uimh. 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh¹⁶. Go sonrath, **ba cheart** do ESMA agus údaráis náisiúnta inniúla sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá chun na gcríoch sin dá ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil ■

¹⁵ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

¹⁶ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (82) Chun na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a shonrú, i gcomhréir lena chuspóirí, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le hinneachar agus formáid chaighdeánaithe a shonrú chomh maith le hord caighdeánaithe an réamheolaire, an réamheolaire bunaidh agus na dtéarmaí críochnaitheacha, ina sonraítear an fhaisnéis íosta atá le háireamh sa doiciméad clárúcháin uilíoch, ***ina sonraítear ábhar laghdaithe agus formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe réamheolaire Leantach AE agus réamheolaire eisiúna Fáis AE***, cóineasú maoirseachta a chothú trí na critéir ghrinnsrúdaithe agus na nósanna imeachta maidir le formheas an réamheolaire ag údaráis inniúla a shonrú tuilleadh, critéir ghinearálta choibhéise a shonrú a thuilleadh maidir le réamheolairí arna dtarraingt suas ag eisitheoirí tríú tír, lena gcinntear inneachar íosta na socrúithe comhair idir ***údaráis inniúla nó, i gcás ina n-iarrann ceann amháin ar a laghad de na húdaráis sin, ESMA agus údaráis mhaoirseachta tríú tír é, de bhun Rialachán (AE) 2017/1129, chomh maith le liosta neamh-uileghabhálach d'imeachtaí deiridh a leagan amach agus a athbhreithniú i bpróisis agus i gcásanna fadtréimhseacha nár cheart an nochtadh a mhoilliú, liosta na n-ionstraimí airgeadais a leathnú chun a chur ar chumas na n-údarás inniúil sonraí ordaithe a fháil, liosta d'ionaid trádála ainmnithe a bhfuil gné shuntasach trasteorann i scaireanna acu a bhunú agus a thabhairt cothrom le dáta***, de bhun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹⁷. Go sonrath, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (83) Chun coinníollacha cothroma a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart go dtabharfaí an chumhacht don Choimisiún caighdeán teicniúla cur chun feidhme, arna bhforbairt ag ESMA, a ghlacadh, maidir leis an

¹⁷ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

gclómhéid, agus na ceanglais stíle a shonrú, ag brath ar an gcineál réamheolaire agus ar chineál na n-infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu; teimpléad agus leagan amach na n-achoirí ar réamheolairí, lena n-áirítear na ceanglais maidir le clómhéid agus stíl; formáid laghdaithe na liostaí de dhaoine ar an taobh istigh; na socruithe iomchuí a cheanglaítear leis an sásra chun *sonraí* ordaithe a mhalartú; ***na socruithe, na córais agus na nósanna imeachta iomchuí d'ionaid trádála, chun sásra a bhunú chun na sonraí sin a mhalartú go leanúnach agus go tráthuil, lena n-áirítear formáid agus spriocdhátaí do sholáthar na sonraí arna n-iarraidh ag údarás inniúil.*** Ba cheart *don* Choimisiún na caighdeán theicniúla cur chun feidhme sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme de bhun Airteagal 291 CFAE agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

(84) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a bhaint amach go leordhóthanach, toisc go n-éilítear leis na bearta a tugadh isteach comhchuibhiú iomlán ar fud an Aontais, ach de bharr fairsinge agus éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(85) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) Uimh. 596/2014, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 2017/1129 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1129

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/1129 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) scriostar mír 3;

(b) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(da) tairiscint urrús atá le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna agus atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh céanna, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) gur lú iad, thar thréimhse 12 mhí, ná 30 % den líon urrús a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh céanna;

(ii) nach bhfuil eisitheoir na n-urrús faoi réir imeachtaí dócmhainneachta nó athstruchtúraithe;

(iii) comhdaítear doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, i bhformáid leictreonach, le húdarás inniúil an Bhallstáit baile agus cuirtear ar fáil don phobal é i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 21(2), ag an am céanna a chomhdaítear é leis an údarás inniúil;

(ii) ;

(db) tairiscint urrús atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBM go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad roimh thairiscint na n-urrús nua, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) nach n-eisítear na hurrúis a thairgtear don phobal i dtaca le táthcheangal trí bhíthin tairiscint malartaithe, cumaisc nó deighilte;

(ii) nach bhfuil eisiitheoir na n-urrús ***faoi réir imeachtaí dócmhainneachta nó*** athstruchtúraithe;

(iii) comhdaítear doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, ***i bhformáid leictreonach***, le húdarás inniúil an Bhallstáit baile agus cuirtear ar fáil don phobal é i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 21(2), ***ag an am céanna a chomhdaítear é leis an údarás inniúil.***’;

(ii) i bpointe (j), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘(j) urrúis neamhchothromais arna n-eisiúint ag institiúid chreidmheasa ar bhealach leanúnach nó arís agus arís eile, i gcás inar lú an chomaoin chomhiomlánaithe iomlán san Aontas i leith na n-urrús a thairgtear ná EUR 150 000 000 in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa arna ríomh thar thréimhse 12 mhí, ar choinníoll:’;

(iii) scriostar pointe (l);

(iv) cuirtear isteach na fohíreanna seo a leanas:

Beidh uasfhad ***II*** taobh de leathanaigh de pháipéar A4 sa doiciméad dá dtagraítear ***sa chéad fhomhír***, pointí ***(da)***, ***pointe (iii)*** agus (db)

pointe (iii) nuair a phriontálfar é, agus leagfar amach ar bhealach atá éasca le léamh é, ag baint úsáid as carachtair de mhéid inléite agus dréachtófar é i dteanga oifigiúil an Bhallstáit baile, nó i gceann amháin ar a laghad dá theangacha oifigiúla, nó i dteanga eile a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin léi.

Cuirfear san áireamh sa chomaoin chomhiomlánaithe iomlán le haghaidh na n-urrús a thairgtear don phobal dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (j), comaoin chomhiomlánaithe iomlán na dtairiscintí urrús uile don phobal **atá ar siúl agus na tairiscintí don phobal a rinneadh** sa 12 mhí roimh dháta tosaithe tairisceana nua urrús don phobal, cé is moite de na tairiscintí urrús sin don phobal **dár foilsíodh réamheolaire nó** a bhí faoi réir aon díolúine ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, nó de bhun Airteagal 3(2).’;

(c) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) urrúis atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, ar choinníoll gur lú iad, thar thréimhse 12 mhí, ná **30 %** den líon urrús a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna;

- (b) scaireanna atá mar thoradh ar chomhshó nó malartú urrús eile nó ar fheidhmiú na gcearta a thugtar le hurrúis eile, i gcás ina bhfuil na scaireanna sin den aicme chéanna leis na scaireanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, ar choinníoll gur lú na scaireanna sin, thar thréimhse 12 mhí, ná **30** % den líon scaireanna den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna, faoi réir an *dara* fomhír den mhír seo;
- (ba) urrúis atá idirmhalartaithe le hurrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte go leanúnach ar feadh 18 mí roimhe sin ar a laghad roimh ligean isteach na n-urrús nua chun a dtrádála, ar choinníoll go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) nach n-eisítear na hurrúis atá le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte i dtaca le tathcheangal trí bhíthin tairiscint malartaithe, cumaisc nó deighilte;

- (ii) nach bhfuil eisitheoir na n-urrús *faoi réir imeachtaí dócmhainneachta nó* athstruchtúraithe;
 - (iii) comhdaítear doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn IX, *i bhformáid leictreonach*, le húdarás inniúil an Bhallstáit baile agus cuirtear ar fáil don phobal é i gcomhréir leis na socruithe a leagtar amach in Airteagal 21(2), *ag an am céanna a chomhdaítear é leis an údarás inniúil;*’;
- (2) i bpointe (i), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:
- ‘(i) urrúis neamhchothromais arna n-eisiúint ag institiúid chreidmheasa ar bhealach leanúnach nó arís agus arís eile, i gcás inar lú an chomaoin chomhiomlánaithe iomlán san Aontas i leith na n-urrús a thairgtear ná EUR 150 000 000 in aghaidh na hinstitiúide creidmheasa arna ríomh thar thréimhse 12 mhí, ar choinníoll:’;
- (3) scriostar pointí (j) agus (k);
- (ii) sa dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

Maidir leis an gceanglas gur lú na scaireanna a thiocfaidh as sin, thar thréimhse 12 mhí, ná **30 %** den líon scaireanna den aicme chéanna a ligeadh isteach chun a dtrádála ar an margadh rialáilte céanna mar a thagraítear don mhéid sin sa chéad fhomhír, pointe (b), ní bheidh feidhm aige maidir le haon cheann de na cásanna seo a leanas:’;

(iii) cuirtear isteach an dá fhomhír seo a leanas:

‘Beidh uasfhad **11** taobh de leathanaigh A4 sa doiciméad dá dtagraítear **sa chéad fhomhír**, pointe (ba)(iii) nuair a phriontálfar é, agus leagfar amach ar bhealach atá éasca le léamh é, ag baint úsáid as carachtair de mhéid inléite agus dréachtófar é i dteanga oifigiúil an Bhallstáit baile, nó i gceann amháin ar a laghad dá theangacha oifigiúla, nó i dteanga eile a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin léi.

Cuirfear san áireamh sa chomaoin chomhiomlánaithe iomlán le haghaidh na n-urrús a thairgtear don phobal dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (i), comaoin chomhiomlánaithe iomlán na dtairiscintí urrús uile don phobal **atá ar siúl agus na tairiscintí don phobal a rinneadh** sa 12 mhí roimh dháta tosaithe tairisceana nua urrús don phobal, cé is moite de na tairiscintí urrús sin don phobal **dár foilsíodh réamheolaire** nó a bhí faoi réir aon díolúine ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú i gcomhréir leis an gcéad fhomhír ■ .’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Maidir leis na díolúintí ón oibleagáid réamheolaire a leagtar amach i míreanna 4 agus 5 a fhoilsiú, féadfar iad a chomhcheangal. Mar sin féin, ní dhéanfar na díolúintí i mír 5, an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b) a chomhcheangal i gcás ina bhféadfadh, mar thoradh ar an gcomhcheangal sin, ligean isteach láithreach nó ligean isteach iarchurtha chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a bheith ann thar thréimhse 12 mhí maidir le breis agus 30 % den líon scaireanna den aicme chéanna a ligeadh isteach cheana chun a dtrádála ar an margadh rialaithe céanna, gan réamheolaire a fhoilsiú.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(da) ciallaíonn ‘athstruchtúru’ athstruchtúru mar a shainmhínítear in Airteagal 2(1), pointe (1) de Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁸;

(db) ciallaíonn ‘imeachtaí dócmhainneachta’ imeachtaí dócmhainneachta mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4), de Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁹;

¹⁸ *Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúru coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais, agus maidir le dícháiliúcháin agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúru, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132. (IO L 172, 26.6.2019, lch. 18).*

¹⁹ *Rialachán (AE) 2015/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le himeachtaí dócmhainneachta (athmhúnlú) (IO L 141, 5.6.2015, lch. 19).’;*

(b) leasaítear pointe (r) mar a leanas:

‘(r) ciallaíonn ‘formheas’ toradh dearfach an ghrinnscrúdaithe arna dhéanamh ag údarás inniúil an Bhallstáit baile ar iomláine, ar chomhsheasmhacht agus ar shothuigtheacht na faisnéise atá sa réamheolaire, ach ní bhaineann sé le cruinneas na faisnéise sin;’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (z):

‘(z) ciallaíonn ‘formáid leictreonach’ formáid leictreonach mar a shainmhínítear í in Airteagal 4(1), pointe (62a) de Threoir 2014/65/AE.’;

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Gan dochar d’Airteagal 1(4) agus do mhír 2 den Airteagal seo, ní thairgfear urrúis don phobal san Aontas ach tar éis réamhfhóilsíú réamheolaire i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Gan dochar d' Airteagal 4, **díolmhófar** tairiscint urrús don phobal ón oibleagáid réamheolaire a leagtar amach i mír 1 a fhoilsiú ar choinníoll:
- (a) nach an tairiscint sin faoi réir fógra a thabhairt ina leith i gcomhréir le hAirteagal 25;
 - (b) gur lú ná EUR 12 000 000 in aghaidh an eisitheora nó an tairgeora an chomaoin chomhiomlánaithe iomlán san Aontas i leith na n-urrús a tairgeadh, arna ríomh thar thréimhse 12 mhí.
- 2a. De mhaolú ar mhír 2, pointe (b), féadfaidh na Ballstáit tairiscint urrús don phobal a dhíolmhú ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú a leagtar amach i mír 1 ar choinníoll gur lú ná EUR 5 000 000 an chomaoin chomhiomlánaithe iomlán san Aontas i leith na n-urrús a thairgtear in aghaidh an eisitheora nó an tairgeora arna ríomh in imeacht tréimhse 12 mhí.**
- 2b. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do ESMA i gcás ina gcinnfidh siad an tairseach díolúine EUR 5 000 000 a chur i bhfeidhm a leagtar síos i mír 2a. Tabharfaidh na Ballstáit fógra freisin don Choimisiún agus do ESMA i gcás ina gcinnfidh siad ina dhiaidh sin an tairseach díolúine EUR 12 000 000 dá dtagraítear i mír 2, pointe (b) a ghlacadh ina ionad sin.**

- 2c. Cuirfear san áireamh sa chomaoin chomhiomlánaithe iomlán le haghaidh na n-urrús a thairgtear **don phobal** mar a thagraítear di i **mír 2**, pointe (b) **agus i mír 2a**, comaoin chomhiomlánaithe iomlán na dtairiscintí urrús uile don phobal **atá ar siúl agus na tairiscintí don phobal a rinneadh sa 12 mhí roimh dháta tosaithe tairisceana nua urrús don phobal**, cé is moite de na tairiscintí urrús sin don phobal **dár foilsíodh réamheolaire nó** a bhí faoi réir aon díolúine ón oibleagáid réamheolaire **a fhoilsiú** de bhun Airteagal 1(4), an chéad fhomhír. **Thairis sin, áireofar i gcomaoin chomhiomlánaithe iomlán na n-urrús a thairgtear don phobal gach cineál agus gach aicme urrús a thairgtear.**
- 2d. I gcás ina ndíolmhaítear tairiscint urrús don phobal ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú **de bhun mhír 2, pointe (b) nó mhír 2a**, féadfaidh Ballstát a cheangal **ar an eisitheoir doiciméad ina bhfuil an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 7 (3) go (10) agus (12), nó doiciméad ina bhfuil** ceanglais **faisnéise** ar an leibhéal náisiúnta, **a chomhdú agus a chur ar fáil don phobal i gcomhréir leis na socrúithe a leagtar amach in Airteagal 21(2), ar choinníoll go bhfuil méid agus leibhéal na faisnéise sin coibhéiseach nó níos ísle ná an fhaisnéis a leagtar amach in Airteagal 7 (4) go (10) agus (12).**’;

(4) in Airteagal 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina ndíolmhaítear tairiscint urrús don phobal nó tairiscint urrús a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 1(4) nó (5) nó le hAirteagal 3 (2), beidh eisitheoir, tairgeoir nó duine atá ag iarraidh go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte é i dteideal réamheolaire a dhréachtú go deonach i gcomhréir leis an Rialachán seo.’;

(5) in Airteagal (5)1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Maidir le haon athdhíol urrús ina dhiaidh sin a bhí faoi réir ceann amháin nó níos mó de na cineálacha tairisceana urrús don phobal a liostaítear in Airteagal 1(4), pointe (a) go pointe (db), measfar gur tairiscint ar leithligh é agus beidh feidhm ag an sainmhíniú a leagtar amach in Airteagal 2, pointe (d), chun a chinneadh an tairiscint urrús don phobal é an t-athdhíol sin. Beidh láithriú urrús trí idirghabhálaithe airgeadais faoi réir réamheolaire a fhoilsiú mura bhfuil feidhm ag ceann de na díolúintí a liostaítear in Airteagal 1(4), pointí (a) go (db) maidir leis an láithriú deiridh.’;

(6) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

Gan dochar d'Airteagal 14a(2), d'Airteagal 15a(2) agus d'Airteagal 18(1), cuimseofar i réamheolaire an fhaisnéis is gá atá ábhartha d'infheisteoir chun measúnú eolasach a dhéanamh ar an méid seo a leanas:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh an réamheolaire i bhformáid chaighdeánaithe agus déanfar an fhaisnéis a nochtfar i réamheolaire a chur i láthair in ord caighdeánaithe, i gcomhréir leis na gníomhartha tarmlichte dá dtagraítear in Airteagal 13(1). Scríobhfar agus cuirfear i láthair an fhaisnéis i réamheolaire i bhfoirm sho-inanailísithe, ghonta agus shothuigthe, agus cuirfear san áireamh inti na tosca a leagtar amach i mír 1, an dara fómhír, den Airteagal seo.;

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ar mhíreanna 4 agus 5 agus ar na ceanglais a leagtar amach sna caighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna nglacadh de bhun mhír 8 den Airteagal seo, féadfar faisnéis a úirítear i ndoiciméad clárúcháin uilíoch a áireamh gan féachaint don fhormaid chaighdeánaithe, don seicheamh caighdeánaithe, don fhad uasta, don teimpléad agus don leagan amach lena n-úirítear na ceanglais maidir le clómhéid agus stíl.’;

(c) cuirtear na míreanna ■ seo a leanas isteach:

4. Maidir le réamheolaire a bhaineann le scaireanna ■ , beidh fad uasta 300 taobh de pháipéar A4 ann nuair a bheidh sé priontáilte agus déanfar é a chur i láthair agus a leagan amach sa dóigh is go mbeidh sé éasca a léamh, ag baint úsáid as carachtair atá inléite ó thaobh méide de.
5. Ní chuirfear san áireamh an achoimre, an fhaisnéis a chorpraítear trí thagairtí i gcomhréir le hAirteagal 19 nó an fhaisnéis bhreise atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisitheoir nó i gcás ina bhfuil gealltanais suntasach airgeadais déanta ag an eisitheoir, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún, ***nó an fhaisnéis atá le soláthar i gcás ollathrú suntasach, mar a shainmhínítear an méid sin in Airteagal 1, pointe (e) den Rialachán Tarmligthe sin***, san uasfhad dá dtagraítear i mír 4 den Airteagal seo.
6. ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír de mhír 2 agus ar mhíreanna 4 agus 5, i gcás ina bhfuil urrúis le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte san Aontas agus ina dtairgtear iad d'infheisteoirí i dtríú tír nó ina gcuirtear iad go príobháideach le hinfeisteoirí i dtríú tír ina n-ullmhaítear doiciméad tairisceana faoin dlí, faoin rialú nó faoi chleachtas an mhargaidh, ní bheidh feidhm ag ceanglais i leith na formáide caighdeánaithe, an oird chaighdeánaithe, an uasfhaid, an teimpléid agus leagan amach na réamheolairí, lena n-áirítear na ceanglais maidir le clómhéid agus stíl, maidir leis an réamheolaire chun na hurrúis sin a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.***

7. *Forbróidh ESMA treoirlínte maidir le sothuigtheacht agus maidir le teanga shimplí a úsáid i réamheolairí chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a thugtar iontu gonta, soiléir agus soláimhsithe ag brath ar an gcineál réamheolaire agus ar an gcineál infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu.*
8. *Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun teimpléad agus leagan amach na réamheolairí, lena n-áirítear an chlómhéid, agus na ceanglais stíle a shonrú, ag brath ar an gcineál réamheolaire agus ar chineál na n-infheisteoirí a bhfuiltear ag díriú orthu.*

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

** Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980 ón gCoimisiún an 14 Márta 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formáid, ábhar, grinnschrúdú agus formheas an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 809/2004 ón gCoimisiún (IO L 166, 21.6.2019, lch. 26).’;*

(7) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) i mír 3, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

Gan dochar don chéad fhomhír den mhír seo, d'fhéadfaí faisnéis a chur i láthair nó a achoimriú i bhfoirm cairteacha, graf nó táblaí.';

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Beidh na ceithre ranna seo a leanas san achoimre san ord seo a leanas:';

(c) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

Beidh an fhaisnéis seo a leanas san áireamh sa roinn dá dtagraítear i mír 4, pointe (a), san ord seo a leanas:';

(ii) leasaítear an dara mír mar a leanas:

- cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Beidh na rabhaidh seo a leanas inti san ord seo a leanas:';

- cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(g) i gcás inarb infheidhme, fógra gur shaináithin an chuideachta saincheisteanna comhshaoil mar fhachtóir riosca ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 16.'

(d) leasaítear mír 6 *mar a leanas,*

(i) *cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:*

'Beidh an fhaisnéis seo a leanas san ord seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír 4, pointe (b):'

(ii) *i bpointe (a), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

'(vi) i gcás ina bhfuil eisiitheoir urrús cothromais faoi réir Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁰, ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil baint ag gníomhaíochtaí an eisiitheora le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a cháilíonn mar ghníomhaíochtaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de faoi Airteagail 3 agus 9 den Rialachán sin.'

²⁰ *Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).'*

(e) leasaítear mír 7 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte tosaigh:

‘Beidh an fhaisnéis seo a leanas san ord seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír 4, pointe (c).’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fómhír:

I gcás ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (c) san achoimre, cuirfear síneadh leis an bhfad uasta a leagtar amach i mír 3 le taobh breise amháin de pháipéar A4 **in aghaidh an** ráthóra **■**, **ar choinníoll go bhfuil** na taobhanna breise de pháipéar A4 **tiomnaithe don tuairisc ar na** ráthóirí.’;

(f) i mír 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

‘Beidh an fhaisnéis seo a leanas san ord seo a leanas sa roinn dá dtagraítear i mír 4, pointe (d).’;

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12a:

‘12a. De mhaolú ar mhíreanna 3 go 12 den Airteagal seo, beidh achoimre arna dréachtú i gcomhréir leis an mír seo i réamheolaire Leantach an Aontais Eorpaigh (réamheolaire leantach AE) arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 14b nó i **réamheolaire** eisiúna Fáis an Aontais Eorpaigh (réamheolaire eisiúna fáis AE) arna dhréachtú i gcomhréir le hAirteagal 15a.

Déanfar achoimre ar réamheolaire Leantach AE nó ar **réamheolaire** eisiúna Fáis AE a dhréachtú mar dhoiciméad gairid a scríobhfar ar bhealach gonta agus a mbeidh uasfhad 7 thaobh de pháipéar A4 ann nuair a bheidh sé priontáilte.

Ní bheidh crostagairtí san achoimre ar réamheolaire Leantach AE ná ar **réamheolaire** eisiúna Fáis AE chuig codanna eile den réamheolaire ná ní bheidh faisnéis corpraithe inti trí thagairtí agus comhlíonfaidh sí na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh sí curtha i láthair agus leagtha amach ar bhealach soléite, ag baint úsáid as carachtair atá inléite ó thaobh méid de;

- (b) beidh sí scríofa i dteanga a bheidh soiléir, neamhtheicniúil, gonta agus intuigthe d'infheisteoirí agus i stíl a éascóidh an tuiscint ar an bhfaisnéis;

- (c) beidh na ranna ■ seo a leanas inti san ord seo a leanas:
- (i) réamhrá, ina bhfuil an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo, lena n-áirítear rabhaidh agus dáta formheasta an réamheolaire *leantaigh* AE nó an *réamheolaire* eisiúna Fáis AE;
 - (ii) faisnéis bhunriachtanach faoin eisitheoir;
 - (iii) faisnéis bhunriachtanach maidir leis na hurrúis, lena n-áirítear na cearta a ghabhann leis na hurrúis sin agus aon teorainneacha ar na cearta sin;
 - (iv) faisnéis bhunriachtanach faoin tairiscint urrús don phobal nó faoi na hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáil, nó faoin dá rud;
 - (v) i gcás ina bhfuil ráthaíocht ag gabháil leis na hurrúis, faisnéis bhunriachtanach faoin ráthóir agus faoi chineál agus raon feidhme na ráthaíochta.

Gan dochar don tríú fomhír, pointí (a) agus go (b), d'fhéadfaí faisnéis a chur i láthair nó a achoimriú in achoimre ar réamheolaire Leantach AE nó ar *réamheolaire* eisiúna Fáis AE i bhfoirm cairteacha, graf nó táblaí.

I gcás ina mbeidh an fhaisnéis dá dtagraítear sa tríú fomhír, pointe (c)(v) san achoimre ar *Réamheolaire* leantach AE nó ar réamheolaire eisiúna Fáis AE, déanfar an t-uasfhad dá dtagraítear sa dara fomhír a leathnú le taobh breise amháin de leathanaigh A4 *in aghaidh an* **■**, *ar choinníoll go* mbeidh na taobhanna breise de leathanaigh A4 *tiomnaithe do thuairiscí* ar na ráthóirí.’;

(h) *cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:*

‘14. *‘Forbróidh ESMA treoirínite maidir le sothuigtheacht agus maidir le teanga shimplí a úsáid in achoimrí chun a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis a sholáthraítear iontu gonta, soiléir agus soláimhsithe don úsáideoir.*

15. *Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur i bhfeidhm an Airteagail seo, forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme chun teimpléad agus leagan amach na n-achoirní a shonrú, lena n-áirítear na ceanglais chlómhéide agus stíle.*

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(8) in Airteagal 9(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Tar éis don údarás inniúil doiciméad clárúcháin uilíoch an eistheora a fhorpheas le haghaidh bliain airgeadais amháin, féadfar doiciméid clárúcháin uilíocha ina dhiaidh sin a chomhdú leis an údarás inniúil gan formheas a fháil roimh ré.’;

(9) in Airteagal 11(2), an dara fomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Áiritheoidh na Ballstáit, áfach, nach mbeidh aon dliteanas sibhialta ar aon duine ar bhonn na hachóimre de bhun Airteagal 7 amháin, lena n-áirítear aon aistriúchán uirthi, mura rud é gur fíor an méid a leanas:’;

(10) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar seo a leanas:

(i) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Faoin... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], ‘glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmlichte i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlónadh maidir le formáid chaighdeánaithe agus ord caighdeánaithe an réamheolaire, an réamheolaire bunaidh agus na téarmaí críochnaitheacha, agus na sceidil lena sainítear an fhaisnéis shonrach atá le cur san áireamh i réamheolaire, lena n-áirítear LEInna agus ISINanna, lena seachnófar dúbailt faisnéise nuair a bhíonn réamheolaire comhdhéanta de dhoiciméid ar leithligh.’;

- (ii) sa dara fomhír, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:
- (f) an bhfuil sé de cheangal ar eisitheoir ***na n-urrús cothromais*** tuairisciú inbhuanaitheachta a sholáthar, mar aon leis an tuairim dearbhaithe lena mbaineann, i gcomhréir le Treoir 2004/109/CE agus Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
 - (g) an ndéantar urrúis neamhchothromais a thairgtear don phobal nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte a fhógairt mar thosca comhshaoil, sóisialta nó rialachais (ESG) nó a thugann faoi chuspóirí ESG a chur san áireamh.

* ***Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).***;

(iii) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘1a. Chun críocha mhír 1, an dara fomhír, pointe (g), agus sceidil éagsúla na réamheolairí á leagan amach, beidh feidhm ag an méid seo a leanas:

(a) ionchorprófar trí thagairt sa réamheolaire le haghaidh Banna Glas Eorpach mar a thagraítear don mhéid in Airteagal 1, pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹ an fhaisnéis ábhartha atá sa bhileog eolais maidir le Bannaí

*Glasa Eorpacha mar a thagraítear don mhéid sin in
Airteagal 10 den Rialachán sin;*

(b) sa réamheolaire le haghaidh banna a mhargaítear mar bhanna comhshaoil inbhuanaithe nó le haghaidh banna atá nasctha le hinbhuanaitheacht, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 1, pointe (c) den Rialachán sin, áireofar noхтаí roghnacha a leagtar amach sa Rialachán sin, ar choinníoll gur roghnaigh an t-eisitheoir na noхтаí roghnacha sin.

*** Rialachán (AE) 2023/2631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bannaí Glasa Eorpacha agus noхтаí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht (IO L, 2023/2631, ELI. 30.11.2023, <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2631/oj>);**

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

Glacfaidh an Coimisiún, faoin ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an sceideal a leagan amach lena sonraítear an t-íosmhéid faisnéise a bheidh le cur sa doiciméad clárúcháin uilíoch.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Comhlíonfaidh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 Iarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo.’;

(11) Scriostar Airteagal 14;

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 14a:

‘Airteagal 14a

Réamheolaire leantach AE

1. Féadfaidh na daoine seo a leanas réamheolaire leantach AE a dhréachtú i gcás tairiscint urrús don phobal nó i gcás ligean isteach urrús chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:

- (a) eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús ligthe isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad sula dtairgtear na hurrúis nua don phobal nó sula ligtear na hurrúis nua isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte;
- (b) *eisitheoirí a bhfuil a gcuid urrús ligthe isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad sula dtairgtear na hurrúis nua don phobal;*
- (c) *eisitheoirí a iarrann go ligfí isteach urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ar urrúis iad atá idirmhalartach le hurrúis a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad sular ligeadh isteach na hurrúis chun a dtrádála;*

- (d) tairgeoirí urrúis a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna go leanúnach ar feadh 18 mí ar a laghad sula dtairgtear urrúis don phobal.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, eisitheoir nach bhfuil aige ach urrúis neamhchothromais a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó ar mhargadh fáis FBManna, ní cheadófar dó réamheolaire leantach AE a dhréachtú chun urrúis chothromais a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

2. De mhaolú ar Airteagal 6(1), agus gan dochar d'Airteagal 18 (1), cuimseofar i réamheolaire Leantach AE an fhaisnéis ar fad a theastaíonn ó infheisteoirí chun an méid seo a leanas a thuiscint:
- (a) ionchais agus feidhmíocht airgeadais an eisitheora agus na hathruithe suntasacha ar staid airgeadais agus ghnó an eisitheora a tharla ó dheireadh na bliana airgeadais seo caite, más ann dóibh;
- (b) an fhaisnéis riachtanach maidir leis na hurrúis, lena n-áirítear na cearta a ghabhann leis na hurrúis sin agus aon teorainn ar na cearta sin;
- (c) na cúiseanna atá leis an eisiúint agus an tionchar a bheidh aige ar an eisitheoir, lena n-áirítear ar struchtúr foriomlán caipitil an eisitheora, agus an úsáid a bhaintear as na fáltais.

3. Déanfar an fhaisnéis i réamheolaire Leantach AE a scríobh agus a chur i láthair i bhfoirm sho-inanailísithe, ghonta agus intuigthe agus lena gcuirfear ar chumas infheisteoirí **■**, cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh, agus an fhaisnéis rialáilte a nochtadh don phobal cheana de bhun Threoir 2004/109/CE á cur san áireamh, i gcás inarb infheidhme, Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus, más infheidhme, an fhaisnéis dá dtagraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún²².
4. Sa réamheolaire leantach AE *beidh an fhaisnéis íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó V, ag brath ar na cineálacha urrús.*

Is mar dhoiciméad aonair a tharraingeofar *réamheolaire Leantach AE ina mbeidh an fhaisnéis íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.*

Féadfar réamheolaire leantach AE, ina bhfuil an fhaisnéis íosta a leagtar amach in Iarscríbhinn V, a tharraingt suas mar dhoiciméad aonair nó mar dhoiciméid ar leithligh.
5. Maidir le réamheolaire Leantach AE a bhaineann le scaireanna **■**, beidh fad uasta 50 taobh de pháipéar A4 ann nuair a bheidh sé priontáilte agus déanfar é a chur i láthair agus a leagan amach sa dóigh is go mbeidh sé éasca a léamh, ag baint úsáid as carachtair atá inléite ó thaobh méide de.

²² *Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinniollacha oibriúcháin do ghnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainithe chun críoch na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).’;*

6. Ní chuirfear san áireamh an achoimre, an fhaisnéis a chorpraítear trí thagairtí i gcomhréir le hAirteagal 19 den Rialachán seo nó an fhaisnéis bhreise atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisitheoir nó i gcás ina bhfuil gealltanais suntasach airgeadais déanta ag an eisitheoir, mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ***nó an fhaisnéis atá le soláthar i gcás ollathrú suntasach, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) den Rialachán Tarmligthe*** sin, san uasfhad dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.
7. Beidh réamheolaire Leantach AE ina dhoiciméad i bhformáid chaighdeánaithe agus cuirfear an fhaisnéis a nochtfar i réamheolaire Leantach AE i láthair in ord caighdeánaithe bunaithe ar ord an nochta a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó V, ag brath ar na cineálacha urrús.
8. ***Glacfaidh an Coimisiún, faoin ... [15 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí inneachar laghdaithe, agus formáid chaighdeánaithe agus seicheamh an réamheolaire Leantaigh AE, a shonrú.***

Beidh na gníomhartha tarmligthe sin bunaithe ar Iarscríbhinní IV agus V.

(13) scriostar Airteagal 15;

(14) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 15a

Réamheolaire eisiúna fáis AE

1. Gan dochar d'Airteagail 1(4) agus 3(2), **féadfaidh** na daoine seo a leanas **réamheolaire** eisiúna Fáis AE a dhréachtú i gcás ina dtairgfear urrúis don phobal, ar choinníoll nach bhfuil aon urrúis iontu a ligeadh isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:
 - (a) FBManna;
 - (b) eiseitheoirí, seachas FBManna, a ligtear isteach a gcuid urrús, nó a ligfear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBManna;
 - (c) eiseitheoirí, seachas iad siúd dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), i gcás ina bhfuil an chomhionann chomhiomlánaithe iomlán san Aontas i leith na n-urrús arna dtairiscint don phobal níos lú ná EUR 50 000 000 arna ríomh thar thréimhse 12 mhí, agus ar choinníoll nach bhfuil aon urrúis arna dtrádáil ar MTF ag na heiseitheoirí sin agus go raibh meánlíon fostaithe suas le 499 acu le linn na bliana airgeadais roimhe sin;
 - (d) tairgeoirí urrúis arna n-eisiúint ag eiseitheoirí mar a thagraítear dóibh i bpointí (a) agus (b).

Cuirfear san áireamh sa chomaoin chomhiomlánaithe iomlán le haghaidh na n-urrús a thairgtear don phobal mar a thagraítear don mhéid sin sa chéad fhomhír, pointe (c), comaoin chomhiomlánaithe iomlán **na dtairiscintí urrús uile don phobal** atá ar **siúl** agus na tairiscintí don phobal a rinneadh sa 12 mhí roimh dháta tosaithe tairisceana nua urrús don phobal, cé is moite de na tairiscintí urrús sin don phobal **dár foilsíodh réamheolaire** nó a bhí faoi réir aon díolúine ón oibleagáid réamheolaire a fhoilsiú de bhun Airteagal 1(4), an chéad fhomhír, nó de bhun Airteagal 3(2). **Thairis sin, áireofar i gcomaoin chomhiomlánaithe iomlán na n-urrús a thairgtear don phobal gach cineál agus gach aicme urrús a thairgtear.**

2. De mhaolú ar Airteagal 6(1) agus gan dochar d'Airteagal 18(1), cuimseofar i **réamheolaire** eisiúna Fáis AE an fhaisnéis ábhartha laghdaithe agus chomhréireach is gá chun go dtuigfidh infheisteoirí an méid seo a leanas:
 - (a) ionchais agus feidhmíocht airgeadais an eisitheora agus na hathruithe nach beag ar staid airgeadais agus ghnó an eisitheora ó dheireadh na bliana airgeadais roimhe sin, más ann dóibh, chomh maith lena straitéis fáis;
 - (b) an fhaisnéis riachtanach maidir leis na hurrúis, lena n-áirítear na cearta a ghabhann leis na hurrúis sin agus aon teorainn ar na cearta sin;
 - (c) na cúiseanna atá leis an eisiúint agus an tionchar a bheidh aige ar an eisitheoir, lena n-áirítear ar struchtúr foriomlán caipitil an eisitheora, agus an úsáid a bhaintear as na fáltais.

3. Déanfar an fhaisnéis atá sa *réamheolaire* eisiúna Fáis AE a scríobh agus a chur i láthair i bhfoirm sho-inanailísithe, ghonta agus shothuigthe agus cabhróidh sí le hinfheisteoirí, go háirithe infheisteoirí miondíola, cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh.
4. Déanfar an *réamheolaire* eisiúna Fáis AE a dhréachtú mar dhoiciméad aonair ina mbeidh an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn VII nó VIII, ag brath ar na cineálacha urrús.
5. Maidir le *réamheolaire* eisiúna fáis AE a bhaineann le scaireanna ■ , beidh fad uasta 75 thaobh de pháipéar A4 ann nuair a bheidh sé priontáilte agus déanfar é a chur i láthair agus a leagan amach sa dóigh is go mbeidh sé éasca a léamh, ag baint úsáid as carachtair atá inléite ó thaobh méide de.
6. Ní chuirfear san áireamh an achoimre, an fhaisnéis a chorpraítear trí thagairtí i gcomhréir le hAirteagal 19 nó an fhaisnéis bhreise atá le soláthar i gcás ina bhfuil stair chasta airgeadais ag an eisitheoir nó i gcás ina bhfuil gealltanais suntasach airgeadais déanta ag an eisitheoir, mar a thagraítear dó in Airteagal 18 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/980, ***nó an fhaisnéis atá le soláthar i gcás ollathrú suntasach, mar a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (e) den Rialachán Tarmligthe sin***, san uasfhad dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

7. Beidh an ***réamheolaire*** eisiúna Fáis AE ina dhoiciméad i bhformáid chaighdeánaithe agus cuirfear an fhaisnéis a nochtfar i ***réamheolaire*** eisiúna Fáis AE i láthair in ord caighdeánaithe bunaithe ar ord an nochta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII nó in Iarscríbhinn VIII, ag brath ar na cineálacha urrús. ■
8. ***Glacfaidh an Coimisiún, faoin ... [15 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí inneachar laghdaithe, agus formáid chaighdeánaithe agus seicheamh an réamheolaire eisiúna Fáis AE, a shonrú.***

Déanfar na gníomhartha tarmligthe sin a bhunú ar Iarscríbhinn VII agus ar Iarscríbhinn VIII.;

(15) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Ní luafar sa réamheolaire ach na tosca riosca sin a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus leis na hurrúis agus atá ábhartha maidir le cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh, de réir mar a thagann sé le hábhar an réamheolaire.

Ní chuirfeofar tosca riosca cineálacha i réamheolaire, tosca nach bhfeidhmíonn ach mar shéanadh, nó nach dtugtar léargas sách soiléir leo ar na tosca sonracha riosca ar cheart d'infheisteoirí a bheith ar an eolas fúthu.

Agus an réamheolaire á dhréachtú ag an eisitheoir, an tairgeoir nó an daoine atá ag iarraidh go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, déanfaidh sé ábharthacht na dtosca riosca a mheasúnú ar bhonn dhóchúlacht a dtarlaithe agus mhéid a dtionchair diúltaigh.

Déanfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach chun trádála iad ar mhargadh rialáilte tuairisc leordhóthanach a thabhairt ar gach toisc riosca, agus míneoidh sé conas a dhéantar difear leis an toisc riosca sin don eisitheoir, nó conas a dhéantar difear léi do na hurrúis atá á dtairiscint nó atá le ligean isteach chun a dtrádála. Féadfaidh eisitheoirí, tairgeoirí nó daoine atá ag iarraidh go ligfí isteach chun trádála iad ar mhargadh rialáilte an measúnú ar ábharthacht na dtosca riosca dá dtagraítear sa tríú fomhír a nochtadh freisin trí úsáid a bhaint as scála cáilíochtúil íseal, meánach nó ard, dá rogha féin.

Cuirfear na tosca rioscai láthair i líon teoranta catagóirí, ag brath ar a gcineál. ***I ngach catagóir, liostófar, ar bhealach atá comhréireach leis an measúnú dá bhforáiltear sa tríú fomhír, na fachtóirí riosca is ábhartha.***’;

(16) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) féadfar glacadh cheannach nó suibscríbhinn na n-urrús a tharraingt siar go ceann 3 lá oibre ar a mhéad nuair a bheidh praghas na tairisceana deiridh agus líon na n-urrús a thairgtear don phobal comhdaithe; nó’;

(17) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) i mír 1, leasaítear an chéad fhomhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. Aon fhaisnéis a chuirtear i réamheolaire de bhun an Rialacháin seo agus de bhun na ngníomhartha tarmhligthe arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin seo, féadfar í a chorprú trí thagairtí sa réamheolaire sin i gcás inár foilsíodh an fhaisnéis sin go leictreonach cheana nó ina bhfoilsítear go leictreonach í an tráth céanna, i dteanga a chomhlíonann ceanglais Airteagal^o27 agus i gcás ina bhfuil sí cuimsithe i gceann de na doiciméid seo a leanas:’;

(ii) ***cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):***

‘(a) doiciméid arna bhformheas ag údarás inniúil nó arna gcomhdú le húdarás inniúil i gcomhréir leis an Rialachán seo, lena n-áirítear doiciméad clárúcháin uilíoch nó aon ranna den doiciméad sin;

(b) na doiciméid dá dtagraítear sa chéad fhomhír d'Airteagal 1(4), i bpointí *(da)*, (db) agus (f) go (i), agus in Airteagal 1 (5), sa chéad fhomhír, i bpointí (ba) agus (e) go (h);’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) tuarascálacha bainistíochta mar a thagraítear don mhéid sin i gCaibidlí 5 agus 6 de Threoir 2013/34/AE lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tuairisciú maidir le hinbhuanaitheacht;’;

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘1a. Féadfar faisnéis nach bhfuil le háireamh i réamheolaire a chorprú trí thagairtí sa réamheolaire sin ar bhonn deonach fós, i gcás inár foilsíodh an fhaisnéis sin go leictreonach cheana nó ina bhfoilsítear go leictreonach í an tráth céanna, arna dhréachtú i dteanga a chomhlíonann ceanglais Airteagal 27 agus i gcás ina gcuimsítear í i gceann de na doiciméid dá dtagraítear i mír 1 den chéad fhomhír.

1b. Ní cheanglófar ar eisitheoir, ar thairgeoir ná ar dhuine atá ag iarraidh go ligfí isteach iad chun trádála ar mhargadh rialáilte forlíonadh a fhoilsiú de bhun Airteagal 23(1) le ***haghaidh na faisnéise airgeadais bliantúla nó eatramhaí nuair atá réamheolaire bunaidh fós bailí de bhun Airteagal 12(1). I gcás ina bhfoilsítear an fhaisnéis airgeadais nua bhliantúil nó eatramhach sin go leictreonach, féadfar í a chorprú trí thagairtí a dhéanamh sa réamheolaire bunaidh i gcomhréir le mír (1), pointe (d). Mar sin féin, beidh eisitheoir, tairgeoir nó duine a iarrann go ligfí isteach urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, beidh sé i dteideal forlíonadh ar an bhfaisnéis sin a fhoilsiú dá dheoin féin.***’;

(18) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

(a) *i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:*

I gcás nach ndéanfaidh an t-údarás inniúil cinneadh maidir leis an réamheolaire laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo agus i míreanna 3 agus 6, tabharfaidh an t-údarás inniúil sin fógra don eisiitheoir, don tairgeoir nó don duine atá ag iarraidh go ligfí isteach urrúis chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus do ESMA faoi na cúiseanna nár éirigh leis teacht ar chinneadh. Ní mheasfar, áfach, i gcás nár éirigh leis, gurb ionann sin agus an t-iarratas a fhorhmeas.

Airitheoidh na Ballstáit go bhfuil bearta iomchuí i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar aon mhainneachtain na n-údarás inniúil na teorainneacha ama a leagtar síos sa chéad fhomhír den mhír seo agus i míreanna 3 agus 6 a chomhlíonadh.

Poibleoidh ESMA ar bhonn bliantúil tuarascáil chomhiomlán maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na húdaráis inniúla na teorainneacha ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo agus i míreanna 3 agus 6.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6a:

‘6a. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 4 den *Airteagal seo*, déanfar na teorainneacha ama a leagtar amach i mír 2, an chéad fhomhír, agus i mír 4 a laghdú go 7 lá oibre i gcás réamheolaire leantach AE *atá faoi réir an uasfhaid dá dtagraítear in Airteagal 14a(5) agus (6)*. Cuirfidh an t-eisiitheoir an t-údarás inniúil ar an eolas 5 lá oibre ar a laghad roimh an dáta atá beartaithe an t-iarratas ar fhorhmeas a chur isteach.

Ní bheidh feidhm ag an teorainn ama laghdaithe a leagtar amach sa chéad fhomhír den mhír seo maidir le réamheolaire leantach AE arna tharraingt suas ag eisiitheoirí mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 14a(1), pointe (c).’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

‘11. Tugtar an chumhacht don Choimisiún, *tar éis di dul i gcomhairle le ESMA*, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na critéir maidir le réamheolairí a

ghrinnscrúdú a shonrú, go háirithe iomláine, intuigtheacht agus comhsheasmhacht na faisnéise atá ann, agus na nósanna imeachta maidir leis an réamheolaire a fhorghéall, agus gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) na himthosca ina bhfuil cead ag údarás inniúil critéir bhreise a úsáid chun an réamheolaire a ghrinnscrúdú, i gcás ina meastar gur gá sin ar mhaithe le cosaint infheisteoirí;
- (b) *na himthosca faoina gceadaítear d'údarás inniúil, i gcás ina meastar gur gá sin ar mhaithe le cosaint infheisteoirí, faisnéis a éileamh sa bhreis ar an bhfaisnéis a cheanglaítear faoi Airteagail 6, 13, 14a, agus 15a chun réamheolaire, réamheolaire Leantach AE nó réamheolaire eisiúna Fáis AE a tharraingt suas, lena n-áirítear an cineál faisnéise breise a nochtfar faoi na critéir bhreise dá dtagraítear i bpointe (a) den fhomhír seo;*
- (c) *an tréimhse uasta ama d'údarás inniúil chun grinnscrúdú an réamheolaire a thabhairt chun críche agus teacht ar chinneadh i dtaobh ar formheasadh an réamheolaire sin nó ar diúltaíodh an formheas, agus ar cuireadh deireadh leis an bpróiseas athbhreithnithe, agus coinníollacha maidir le maoluithe a d'fhéadfadh a bheith ann ón tráthchlár sin.*

Leis an tréimhse uasta ama dá dtagraítear *i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo, cuirfear san áireamh pointe (a) den fhomhír sin, meánlín na n-atreoruithe idir an t-eisitheoir, an tairgeoir nó an duine a iarrann go ligfí isteach é chun bheith ag trádáil ar mhargadh rialáilte agus an t-údarás inniúil laistigh den iarratas céanna ar dhréacht-réamheolaire a fhorpheas, agus na tréimhsí ama a leagtar síos i míreanna 2, 3, 4, 6 agus 6a. ■*

I gcás nach n-éiríonn leis an údarás inniúil cinneadh a dhéanamh maidir leis an réamheolaire laistigh den tréimhse uasta ama dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír den mhír seo, ní mheasfar gur formheas ar an iarratas atá sa mhainneachtain sin.’;

(e) *scriostar* mír 13;

(19) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘I gcás ina ndéantar aicme scaireanna a ligtear isteach chun a trádála ar mhargadh rialáilte den chéad uair a thairiscint don phobal den chéad uair, cuirfear an réamheolaire ar fáil don phobal 3 lá oibre ar a laghad roimh dheireadh na tairisceana.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5a:

‘5a. Déanfar réamheolaire Leantach AE a aicmiú ar leithligh sa sásra stórála dá dtagraítear i mír 6.

5b. Déanfar *réamheolaire* eisiúna Fáis AE a aicmiú sa sásra stórála dá dtagraítear i mír 6 ar bhealach ina n-idirdhealófar é ó na cineálacha eile réamheolairí.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

‘11. Tabharfaidh an t-eisitheoir, an tairgeoir, an duine atá ag iarraidh go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte nó na hidirghabhálaithe airgeadais a bhfuil na hurrúis á dtairiscint nó á ndíol acu, cóip saor in aisce den réamheolaire i bhformáid leictreonach, d’aon infheisteoir ionchasach arna iarraidh sin dó.’;

(20) Leasaítear Airteagal 23 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina mbaineann an réamheolaire le tairiscint ar urrúis don phobal, beidh sé de cheart ag infheisteoirí a d’aontaigh na hurrúis a cheannach nó a shuibscríobh sular foilsíodh an forlíonadh a nglacadh a tharraingt siar, laistigh de 2 lá oibre tar éis an forlíonadh a fhoilsiú, ar choinníoll gur tháinig an fachtóir nua tábhachtach, an botún substainte nó an míchruinneas substainte dá dtagraítear i mír 1 chun cinn nó gur tugadh faoi deara é roimh dhúnadh thréimhse na tairisceana nó roimh sheachadadh na n-urrús, cibé acu is tuisce a tharlóidh. Féadfaidh an t-eisitheoir nó an tairgeoir an tréimhse sin a fhadú. Luafar san fhorlíonadh dáta deiridh an chirt chun tarraingt siar.

Beidh san fhorlíonadh ráiteas feiceálach maidir leis an gceart chun tarraingt siar, ina luaitear go soiléir an méid seo a leanas:

(a) ní thugtar ceart chun tarraingt siar ach amháin do na hinfeisteoirí sin a d'aontaigh na hurrúis a cheannach nó a shuibscríobh sular foilsíodh an forlíonadh agus i gcás nach raibh na hurrúis tugtha do na hinfeisteoirí fós an tráth ar tháinig an toisc thábhachtach nua, an botún substainte nó an míchruinneas substainte chun solais nó an tráth ar tugadh faoi deara é;

- (b) an tréimhse ar lena linn a fhéadann infheisteoirí an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú;
- (c) cé leis a bhféadann na hinfeisteoirí dul i dteagmháil i gcás inar mian leo an ceart chun tarraingt siar a fheidhmiú.;

(b) scriostar mír 2a;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás ina gceannaíonn nó ina suibscríobhann infheisteoirí urrúis trí idirghabhálaí airgeadais idir an tráth a fhorhmeastar an réamheolaire do na hurrúis sin agus an tráth a dhúnfar an tréimhse tairisceana tosaigh, déanfaidh an t-idirghabhálaí airgeadais sin an méid seo a leanas:

- (a) cuirfidh sé in iúl do na hinfeisteoirí sin gur féidir forlíonadh a fhoilsiú, an áit agus **an tréimhse** a fhoilseofar é, lena n-áirítear ar a shuíomh gréasáin, agus, sa chás sin, go gcuideoidh an t-idirghabhálaí airgeadais leo a gceart chun glacadh a aistarraingt a fheidhmiú;
- (b) cuirfidh sé na hinfeisteoirí sin ar an eolas faoi na cásanna sin ina rachadh an t-idirghabhálaí airgeadais i dteagmháil leo trí mhodh leictreonach de bhun an dara fómhír chun fógra a thabhairt go bhfuil forlíonadh foilsithe agus faoi réir a gcomhaontaithe go rachfaí i dteagmháil leo trí mheán leictreonach;

- (c) maidir leis na hinfheisteoirí sin a aontaíonn nach ndéanfar teagmháil leo ach trí mhodhanna eile seachas modhanna leictreonacha, tairgfidh sé rogha dóibh maidir le teagmháil leictreonach chun an fógra maidir le foilsiú forlónaidh a fháil agus chun na críche sin amháin;
- (d) tabharfaidh sé rabhadh do na hinfheisteoirí sin nach n-aontaíonn go rachfaí i dteagmháil leo trí mhodh leictreonach agus a dhiúltaíonn an rogha maidir le teagmháil leictreonach mar a thagraítear dó i bpointe (c) chun faireachán a dhéanamh ar shuíomh gréasáin an eisitheora nó an idirghabhálaí airgeadais seiceáil a dhéanamh ar foilsíodh forlónadh.

I gcás ina bhfuil an ceart chun tarraingt siar dá dtagraítear i mír 2a ag na hinfheisteoirí dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 2, rachaidh an t-idirghabhálaí airgeadais i dteagmháil leis na hinfheisteoirí sin trí mhodh leictreonach faoi dheireadh an chéad lae oibre tar éis an lae a fhoilseofar an forlónadh.

I gcás ina mbeidh na hurrúis á gceannach nó á suibscríobh go díreach ón eisitheoir, cuirfidh an t-eisitheoir sin na hinfheisteoirí ar an eolas maidir leis an bhféidearthacht go bhfoilseofaí forlónadh, *an úit agus an tréimhse* a mbeadh sé á fhoilsiú agus go bhféadfadh go mbeadh ceart acu a nglacadh a tharraingt siar i sa chás sin.’;

- (d) scriostar mír 3a;

(e) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4a. Ní úsáidfeadh forlíonadh ar réamheolaire bunaidh chun cineál nua urrúis a thabhairt isteach nach bhfuil an fhaisnéis riachtanach ina leith cuimsithe sa réamheolaire bunaidh sin, ***ach amháin más gá déanamh amhlaidh chun ceanglais chaipitil a chomhlíonadh faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta lena ndéantar dlí an Aontais a thrasú.***’;

(f) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘8. Forbróidh ESMA treoirlínte faoin ... [**18 mí ó** dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] chun na himthosca a shonrú ina measfar go dtugtar isteach le forlíonadh cineál nua urrúis nach bhfuil tuairisc air cheana i réamheolaire bunaidh.’;

(21) Leasaítear Airteagal 27 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. I gcás ina ndéanfar urrús a thairiscint don phobal nó i gcás ina lorgáítear ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte sa Bhallstát baile amháin, déanfar an réamheolaire a dhréachtú i dteanga lena nglacann údarás inniúil an Bhallstáit baile nó i dteanga eile a úsáidtear de ghnáth sa réimse airgeadais idirnáisiúnta, de réir rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine atá ag iarraidh go ligfi isteach chun trádála é ar mhargadh rialáilte.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh Ballstát rogha a dhéanamh gan a bheith páirteach agus a éileamh go ndéanfaí an réamheolaire maidir le tairiscint urrús don phobal nó ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil á lorg ach sa Bhallstát sin, go ndéanfaí an réamheolaire sin a dhréachtú i dteanga a nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin léi. Sa chás sin, tabharfaidh an Ballstát sin fógra don Choimisiún agus do ESMA maidir leis an gcinneadh sin.

Foilseoidh ESMA, ar a shuíomh gréasáin, liosta de na teangacha a nglacann údarás inniúla gach Ballstáit leo le haghaidh tairiscint urrús don phobal nó ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte nach bhfuil á lorg ach sa Bhallstát baile.

Beidh an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 7 ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit baile, nó i gceann amháin ar a laghad dá theangacha oifigiúla, nó i dteanga eile lena nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin. Ní éileoidh an t-údarás inniúil sin aon chuid eile den réamheolaire a aistriú.

2. I gcás ina ndéanfar tairiscint urrús don phobal nó ina lorgaítear ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte nó i gcás ina lorgaítear sin in breis agus Ballstát amháin, déanfar an réamheolaire a dhréachtú i dteanga lena nglacann údarás inniúla an Bhallstáit ***baile agus gach Ballstáit óstaigh*** nó i dteanga a úsáidtear de ghnáth sa réimse airgeadais idirnáisiúnta, de rogha an eisitheora, an tairgeora nó an duine atá ag iarraidh go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte.

Beidh an achoimre dá dtagraítear in Airteagal 7 ar fáil i dteanga oifigiúil gach Ballstáit, nó i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla gach Ballstáit, nó i dteanga eile lena nglacann údarás inniúil gach Ballstáit. Ní éileoidh na Ballstáit go ndéanfaí aon chuid eile den réamheolaire a aistriú.;

- (b) scriostar mír 3;
- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar na téarmaí críochnaitheacha a dhréachtú sa teanga chéanna le teanga an réamheolaire bunaidh fhormheasta.

Beidh an achoimre ar an tsaincheist aonair ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit baile, nó i gceann amháin dá theangacha oifigiúla ar a laghad, nó i dteanga eile lena nglacann údarás inniúil an Bhallstáit sin.

Nuair a chuirtear na téarmaí críochnaitheacha in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 25(4), d’údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh nó, má tá níos mó ná Ballstát óstach amháin ann, d’údarás inniúla na mBallstát óstach, beidh achoimre ar an tsaincheist aonair atá i gceangal leis na téarmaí críochnaitheacha ar fáil i dteanga oifigiúil an Bhallstáit óstaigh nó i gceann amháin ar a laghad de theangacha oifigiúla an Bhallstáit óstaigh, nó i dteanga eile lena nglacann údarás inniúil an Bhallstáit óstaigh i gcomhréir leis an dara fomhír de mhír 2.’;

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

‘Airteagal 29

Coibhéis

1. Féadfaidh eisitheoir tríú tír *urrúis a thairiscint don phobal san Aontas nó* ligean isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte atá bunaithe san Aontas a lorg tar éis réamheolaire a fhoilsiú arna dhréachtú agus arna fhorghéas i gcomhréir le dlíthe náisiúnta, agus faoi réir dhlíthe náisiúnta, an tríú tír (dá ngairtear ‘réamheolaire tríú tír’ anseo feasta), ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:
 - (a) tá gníomh cur chun feidhme glactha ag an gCoimisiún i gcomhréir le mír 4;
 - (b) tá an réamheolaire comhdaithe ag an eisitheoir tríú tír le húdarás inniúil a Bhallstáit baile;
 - (c) sholáthair an t-eisitheoir í dtríú tír dearbhú i scríbhinn gur fhorghéas údarás maoirseachta tríú tír an réamheolaire agus gur sholáthair sé sonraí teagmhála an údaráis sin;
 - (d) comhlíonann an réamheolaire na ceanglais teanga a leagtar amach in Airteagal 27;

- (e) comhlíonann na fógraí ábhartha uile a scaipeann an t-eisitheoir tríú tír san Aontas na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 22(2) go (5);
- (f) **tá socrúithe comhair tugtha i gcrích ag an mBallstát baile nó, i gcás inarb ábhartha, ag ESMA, le húdaráis ábhartha mhaoirseachta an eisitheora i dtríú tír i gcomhréir le hAirteagal 30.**

I

2. I gcás, i gcomhréir le **mír 1**, ina dtairgeann eisitheoir tríú tír urrúis don phobal nó go n-iarrann sé go ligfí isteach chun trádála ar mhargadh rialáilte é i mBallstát seachas an Ballstát baile, beidh feidhm ag na ceanglais a leagtar amach in Airteagail 24, 25 agus 27.
3. I gcás ina gcomhlíontar na critéir go léir a leagtar síos i **mír 1**, beidh na cearta ag an eisitheoir tríú tír agus beidh sé faoi réir na n-oibleagáidí go léir i gcomhréir leis an Rialachán seo faoi mhaoirseacht údarás inniúil an Bhallstáit baile.

4. Féadfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 45(2), lena gcinnfear go n-áirithítear le creat dlíthiúil agus maoirseachta tríú tír go gcomhlíonann réamheolaire tríú tír ceanglais atá ceangailteach ó thaobh dlí agus atá coibhéiseach leis na ceanglais dá dtagraítear sa Rialachán seo, ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) go n-áiritheofar le ceanglais cheangailteacha dlí an tríú tír go gcuimseofar i réamheolaire an tríú tír an fhaisnéis ábhartha is gá chun go mbeidh infheisteoirí ábalta cinneadh infheistíochta eolasach a dhéanamh ar bhealach a bheidh coibhéiseach leis na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo;
 - (b) i gcás ina mbeidh cead ag infheisteoirí miondíola infheistíocht a dhéanamh in urrúis a bhfuil réamheolaire tríú tír dréachtaithe ina leith, go mbeidh achoimre sa réamheolaire sin ina dtugtar an fhaisnéis bhunriachtanach is gá d’infheisteoirí miondíola chun go dtuigfidh siad cineál agus rioscaí an eisiitheora, na n-urrús agus, i gcás inarb infheidhme, an ráthóra, agus ní mór é sin a léamh in éineacht le ranna eile an réamheolaire sin;

- (c) beidh feidhm ag dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin an tríú tír maidir le dliteanas sibhialta maidir leis na daoine atá freagrach as an bhfaisnéis a thugtar sa réamheolaire, lena n-áirítear ar a laghad don eiseitheoir nó dá chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta, an tairgeoir, an duine atá ag iarraidh go ligfí urrúis isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte agus, i gcás inarb infheidhme, don ráthóir;
- (d) sonrófar i gceanglais cheangailteacha dlí an tríú tír bailíocht réamheolaire an tríú tír agus an oibleagáid maidir le réamheolaire an tríú tír a fhorlíonadh i gcás ina bhféadfadh toisc shuntasach nua, botún ábhartha nó míchruinneas ábhartha na faisnéise atá sa réamheolaire sin dul i gcion ar mheasúnú na n-urrús, chomh maith leis na coinníollacha d'infheisteoirí chun a gcearta chun tarraingt siar a fheidhmiú sa chás sin;
- (e) tá éifeacht choibhéiseach ag creat maoirseachta an tríú tír maidir le grinnschrúdú agus formheas réamheolairí tríú tír agus ag na socruithe maidir le réamheolairí tríú tír a fhoilsiú leis na forálacha dá dtagraítear in Airteagail 20 agus 21.

Féadfaidh an Coimisiún cur i bhfeidhm an ghnímh cur chun feidhme sin a chur faoi réir chomhlíonadh éifeachtach agus leanúnach tríú tír maidir le haon cheanglais a leagtar amach sa ghníomh cur chun feidhme sin.

5. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 44, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na *coinníollacha* dá dtagraítear i mír 4 a shonrú a thuilleadh.?’;

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 30:

‘1. Chun críoch Airteagal 29 agus, i gcás ina meastar gur gá, chun críoch Airteagal 28, **déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát nó ESMA, arna iarraidh sin d’údarás inniúil amháin ar a laghad, socrúithe comhair a thabhairt i gcrích** maidir le malartú faisnéise **le** húdaráis mhaoirseachta **i** dtríú tíortha ■ agus oibleagáidí a eascraíonn as an Rialachán seo a fhorfheidhmiú i dtríú tíortha. **Ní dhéanfar socrúithe comhair a thabhairt i gcrích le** tríú tír **atá**, i gcomhréir le gníomh tarmiligthe **atá i bhfeidhm arna ghlacadh ag an gCoimisiún de bhun** Airteagal 9 de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²³, ar liosta na ndlínsí a bhfuil easnaimh straitéiseacha ina gcóras náisiúnta chun an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac ar bagairtí suntasacha iad ar chóras airgeadais an Aontais **nó atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**. Áiritheofar leis na socrúithe comhair seo malartú éifeachtúil faisnéise, **ar a laghad**, lena ligfead do na húdaráis inniúla a ndualgais a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

Sula dtabharfaidh údarás inniúil socrú comhair i gcrích i gcomhréir le mír 1, cuirfidh sé ESMA agus na húdaráis inniúla eile ar an eolas ina leith.

²³ Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais chun críoch sciúrtha airgid agus maoinithe sceimhlitheoirí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena naisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).;’

:

2. *Chun críoch Airteagal 29 agus, i gcás ina meastar gur gá, chun críoch Airteagal 28, éascóidh agus comhordóidh ESMA forbairt na socrúithe comhair idir na húdaráis inniúla agus na húdaráis mhaoirseachta ábhartha i dtríú tíortha. Éascóidh agus comhordóidh ESMA freisin, i gcás inar gá, malartú na faisnéise a fhaightear ó údaráis mhaoirseachta i dtríú tíortha idir na húdaráis inniúla, faisnéis a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le bearta a dhéanamh faoi Airteagail 38 agus 39.*
3. 'Ní fhéadfar socrúithe comhair maidir le malartú faisnéise a thabhairt i gcrích le ■ húdaráis mhaoirseachta tríú tíortha *ach amháin i gcás* ina bhfuil an fhaisnéis a nochtar faoi réir ráthaíochtaí rúndachta gairmiúla atá coibhéiseach ar a laghad leis na ráthaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 35. Beidh an malartú faisnéise sin beartaithe chun cúraimí na n-údarás inniúil *sin* a chur i gcrích.

4. Tugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 44 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ábhar íosta na socrúithe comhair dá dtagraítear i mír 1 agus sa doiciméad teimpléid atá le húsáid le haghaidh na socrúithe comhair sin a chinneadh.’;

(24) in Airteagal 38(1), sa chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) sárúithe ar Airteagal 3, Airteagail 5 agus 6, Airteagal 7(1) go (11) agus (12a), Airteagail 8 go 10, Airteagal 11(1) agus (3), Airteagal 14a(1), Airteagal 15a(1), Airteagal 16(1), (2) agus (3), Airteagail 17 agus 18, Airteagal 19(1) go (3), Airteagal 20(1), Airteagal 21(1) go (4) agus (7) go (11), Airteagal 22(2) go (5), Airteagal 23(1), (2), (3), (4a) agus (5), agus Airteagal 27;’;

(25) In Airteagal 40, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Chun críocha Airteagal 20, beidh feidhm ag ceart achomhairc freisin i gcás nach mbeidh cinneadh glactha ag an údarás inniúil chun iarratas ar fhorpheas a fhorpheas nó a dhiúltú nó i gcás nach mbeidh iarratas ar bith ar athruithe ná ar fhaisnéis fhorlíontach déanta aige laistigh de na teorainneacha ama a leagtar amach in Airteagal 20(2), (3), (6) agus (6a) i ndáil leis an iarratas sin.’;

(26) Leasaítear Airteagal 44 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

- ‘2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 1(7), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal **14a(8)**, **Airteagal 15a(8)**, **Airteagal** 16(5), Airteagal 20(11) Airteagal **29(5)** agus Airteagal 30(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinnte ón 20 Iúil 2017.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na gcumhachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(7), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal **14a(8)**, **Airteagal 15a(8)**, **Airteagal** 16(5), Airteagal 20(11), Airteagal **29(5)** agus Airteagal 30(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon gníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6:

‘6. Ní thiocfaidh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagal 1(7), Airteagal 9(14), Airteagal 13(1) agus (2), Airteagal **14a(8)**, **Airteagal 15a(8)**, **Airteagal** 16(5), Airteagal 20(11), Airteagal **29(5)** agus Airteagal 30(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh 3 mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(27) Leasaítear Airteagal 47 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) na cineálacha eisitheoirí, go háirithe na catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 15a(1), pointí (a) go (d);’;

- (b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):
- ‘(a) anailís ar a mhéid a úsáidtear ar fud an Aontais na córais nochta a leagtar amach in Airteagail 14a agus 15a, agus an doiciméad clárúcháin uilíoch dá dtagraítear in Airteagal 9;’;
- (c) cuirtear an mhír ■ seo a leanas leis:
- ‘3. Sa bhreis ar na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1 agus 2, cuirfidh ESMA an fhaisnéis seo a leanas sa tuarascáil dá dtagraítear i mír 1:
- (a) anailís ar a mhéid a úsáidtear ar fud an Aontais na díolúintí dá dtagraítear sa chéad fhomhír d’Airteagal 1(4), **pointí (da) agus (db)**, agus sa chéad fhomhír d’Airteagal 1(5), pointe (ba), lena n-áirítear staidreamh ar na doiciméid dá dtagraítear sna hAirteagail sin a comhdaíodh leis na húdaráis inniúla;
- (b) staidreamh maidir leis na doiciméid chlárúcháin uilíocha dá dtagraítear in Airteagal 9 a comhdaíodh leis na húdaráis inniúla.’;

(28) Scriostar Airteagal 47a;

(29) in Airteagal 48, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

- ‘1. Faoin 31 Nollaig...[4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo] cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus, i gcás inarb iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.
2. Beidh measúnú sa tuarascáil ar an bhfuil achoimre an réamheolaire, na córais nochta a leagtar amach in Airteagail 14a agus 15a, an doiciméad clárúcháin uilíoch dá dtagraítear in Airteagal 9 **agus an creat do ghrinnscrúdú agus formheas an réamheolaire dá dtagraítear in Airteagal 20**, i measc nithe eile, iomchuí fós i bhfianaise na gcuspóirí atá á saothrú acu. Beidh an méid seo a leanas ar fad sa tuarascáil:
 - (a) líon **réamheolairí eisiúna** fáis AE na ndaoine atá i ngach ceann de na catagóirí dá dtagraítear in Airteagal 15a(1), pointí (a) go (d), agus anailís ar fhorbairt gach lín mar sin agus ar na treochtaí i roghnú ionad trádála ag na daoine atá i dteideal úsáid a bhaint as an **réamheolaire** eisiúna fáis AE;

- (b) anailís ar cibé acu an aimsítear nó nach n-aimsítear, a bhuí leis an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, cothromaíocht chuí idir cosaint infheisteoirí agus an t-ualach riaracháin a laghdú do na daoine atá i dteideal é a úsáid;
- (c) líon na réamheolairí leantacha AE arna bhformheas agus anailís ar fhorbairt an lín sin;
- (d) anailís ar cibé acu an aimsítear nó nach n-aimsítear, a bhuí leis an réamheolaire leantach AE, an chothromaíocht chuí idir cosaint infheisteoirí agus na hualaí riaracháin a laghdú do na daoine atá i dteideal é a úsáid;
- (e) an costas a bhainfeadh le réamheolaire leantach AE agus *réamheolaire* eisiúna fáis AE a ullmhú agus a fhorpheas i gcomparáid leis na costais reatha a bhaineann le réamheolaire caighdeánach a ullmhú agus a fhorpheas, mar aon le léiriú ar an gcoigilteas airgeadais a baineadh amach ar an iomlán agus na costais a d'fhéadfá a laghdú a thuilleadh i gcás an réamheolaire leantaigh AE agus an *réamheolaire* eisiúna fáis AE;
- (f) anailís ar cibé acu a aimsítear nó nach n-aimsítear leis an doiciméad a leagtar amach in Iarscríbhinn IX cothromaíocht chuí idir cosaint infheisteoirí agus an t-ualach riaracháin a laghdú do na daoine atá i dteideal é a úsáid.

- (g) *anailís ar cibé acu an áirithíonn nó nach n-áirithíonn nósanna imeachta grinnscrúdaithe agus formheasa na n-údarás inniúil, i gcomhréir le hAirteagal 20 agus leis na gníomhartha tarmligthe arna nglacadh ar bhonn an Airteagail sin, leibhéal cóineasaithe maoirseachta cuí ar fud an Aontais agus an bhfuil siad fós iomchuí i bhfianaise na geuspóirí atá á saothrú acu; beidh an anailís sin bunaithe ar thuarascáil arna soláthar ag ESMA tráth nach déanaí ná bliain amháin roimh dháta na tuarascála athbhreithnithe ón gCoimisiún;*
- (h) *anailís ar cibé acu an gcuidíonn nó nach gcuidíonn an fhéidearthacht atá ag na Ballstáit nochtaí náisiúnta a éileamh i gcomhréir le hAirteagal 3(2a) leis an gceanglas náisiúnta maidir le nochtadh a chóineasú faoi bhun na tairsí díolúine ábhartha a leagtar amach in Airteagal 3(2) nó 3(2a) agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na nochtaí náisiúnta sin ina mbacainn ar thairiscint urrús don phobal sna Ballstáit sin.*

2a. *Cuirfidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle lena ndéanfar anailís ar shaincheist an dliteanais i leith na faisnéise a thugtar i réamheolaire, lena measúnófar an bhféadfaí údar a thabhairt le dliteanas an réamheolaire a chomhchuibhiú a thuilleadh san Aontas agus, más ábhartha, molfaidh sé leasuithe ar na forálacha dliteanais a leagtar amach in Airteagal 11 den Rialachán seo.’;*

(30) cuirtear an mhír **■** seo a leanas leis:

‘Airteagal 48a

Forálacha idirthréimhseacha

1.

Réamheolairí arna bhformheas go dtí an... [18 mí lúide lá amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], leanfaidh siad de bheith faoi rialú an leagain den Rialachán seo a bheidh i bhfeidhm lá a bhformheasta go dtí deireadh a mbailíochta.

2. De mhaolú ar mhír 1, leanfaidh réamheolairí arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 14 go dtí an... [**15 mhí lúide lá amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo**], de bheith faoi rialú an Airteagail sin go dtí deireadh a mbailíochta.

3. De mhaolú ar mhír 1, leanfaidh réamheolairí arna bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 15 go dtí an... [**15 mhí lúide lá amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo**], de bheith faoi rialú an ***Airteagail sin*** go dtí deireadh a mbailíochta.’;

(31) Leasaítear Iarscríbhinní I go V agus Va i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 596/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 mar a leanas:

(1) *in Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas isteach:*

‘(35a) ciallaíonn ‘inmheánaitheoir córasach’ inmheánaitheoir córasach mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (20), de Threoir 2014/65/AE é.’;

(2) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) nuair a dhéantar trádálacha a thuairisciú d’údarás inniúil an ionaid trádála mar chuid den chlár aisceannaigh i gcomhréir le mír 3 agus nuair a nochtar iad don phobal ina dhiaidh sin i bhfoirm chomhiomlán.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Chun tairbhe a bhaint as an díolúine a leagtar síos i mír 1, déanfaidh an t-eisitheoir gach idirbheart a bhaineann leis an gclár aisceannaigh a thuairisciú d’údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha i dtéarmaí leachtachta mar a thagraítear dóibh in Airteagal 26(1) de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014. Cuirfidh an t-údarás inniúil is faighteoir, arna iarraidh sin air, an fhaisnéis ar aghaidh chuig údaráis inniúla an ionaid trádála inar ligeadh na scaireanna isteach chun a dtrádála agus ina dtrádáiltear iad.’;

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7(1), pointe (d):

‘(d) faisnéis arna cur in iúl ag cliant nó ag daoine eile ag gníomhú thar ceann an chliaint nó faisnéis atá ar eolas de bhua cuntas dílseánach nó ciste bainistithe a bhainistiú agus a bhaineann le horduithe ar feitheamh in ionstraimí airgeadais, atá de chineál beacht, a bhaineann, go díreach nó go hindíreach, le heisitheoir nó níos mó nó le hionstraim airgeadais amháin nó níos mó, agus, dá bpoibleofaí í, ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach aici ar phraghsanna na n-ionstraimí airgeadais sin, ar phraghas na gconarthaí spot-tráchtearraí gaolmhara, nó ar phraghas na n-ionstraimí airgeadais díorthacha lena mbaineann.’;

(4) Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. Is ionann sondáil margaidh agus faisnéis a bheith curtha in iúl, sula bhfógrófar idirbheart, más ann dó, chun leas infheisteoirí ionchasacha in idirbheart féideartha agus na coinníollacha a bhaineann leis mar shampla a mhéid ionchasach nó a phraghsáil, d’infheisteoir ionchasach, a thomhas trí:’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Measfar gur nocht an rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh faisnéis ón taobh istigh le linn sondáil margaidh i ngnáthfheidhmiú fostaíochta, gairme nó dualgas duine chun críocha Airteagal 10(1) i gcás ina roghnaíonn an rannpháirtí margaidh sin na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) fuair an rannpháirtí toiliú ón duine a fhaigheann an tsondáil margaidh á rá go bhfuil sé nó sí sásta faisnéis ón taobh istigh a fháil;
- (b) chuir an rannpháirtí in iúl don duine a fhaigheann an tsondáil margaidh go bhfuil an duine sin toirmisceithe ón bhfaisnéis sin a úsáid, nó féachaint leis an bhfaisnéis sin a úsáid, trí ionstraimí airgeadais atá gaolmhar don fhaisnéis sin a fháil nó a dhiúscairt ar a chuntas féin nó ar chuntas tríú páirtí, go díreach nó go hindíreach;
- (c) chuir an rannpháirtí in iúl don duine a fhaigheann an tsondáil margaidh go bhfuil an duine sin toirmisceithe ón bhfaisnéis sin a úsáid, nó féachaint leis an bhfaisnéis sin a úsáid, trí ordú a rinneadh cheana i dtaca le hionstraim airgeadais lena mbaineann an fhaisnéis a chealú nó a leasú;

- (d) chuir an rannpháirtí in iúl don duine a fhaigheann an tsondáil margaidh go bhfuil oibleagáid ar an duine sin an fhaisnéis a choimeád ar mhodh rúin;
 - (e) rinne agus choinnigh an rannpháirtí taifead ar an bhfaisnéis go léir arna tabhairt don duine a fhaigheann an tsondáil margaidh, lena n-áirítear an fhaisnéis arna tabhairt i gcomhréir le pointí (a) go (d), agus ar chéannacht na n-infheisteoirí ionchasacha chuig ar nochtadh an fhaisnéis, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, daoine dlítheanacha agus daoine nádúrtha a bhíonn ag gníomhú thar ceann an infheisteora ionchasaigh, agus ar dháta agus am gach nochtá;
 - (f) sholáthair an rannpháirtí an taifead sin don údarás inniúil arna iarraidh sin dó nó di.’;
- (c) scriostar mír 5;
 - (d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 6 agus 7:

‘6. I gcás ina scoirfidh faisnéis a nochtadh le linn sondáil margaidh ■ de bheith ina faisnéis ón taobh istigh i gcomhréir le measúnú an rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh, déanfaidh an rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh an faighteoir a chur ar an eolas dá réir sin, a luaithe agus is féidir. Ní bheidh feidhm ag an oibleagáid sin i gcásanna ina mbeidh an fhaisnéis fógartha go poiblí ar shlí eile.

Déanfaidh an rannpháirtí margaidh a dhéanann an nochtadh taifead a choimeád ar an bhfaisnéis a tugadh i gcomhréir leis an mír seo agus déanfaidh sé, arna iarraidh ag an údarás sin air, an fhaisnéis sin a sholáthar don údarás inniúil a luaithe agus is féidir.

7. D’ainneoin an Airteagail seo, déanfaidh daoine a fhaigheann an tsondáil margaidh a mheasúnú dóibh féin an bhfuil faisnéis ón taobh istigh acu.’;

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 13(12), pointe (d):

‘(d) admhaíonn an t-oibreoir margaidh nó an gnólacht infheistíochta a oibríonn an margadh fáis FBManna i scríbhinn don eisitheoir go bhfuil cóip den chonradh leachtachta faighte aige.’;

(6) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Cuirfidh eisitheoir an pobal ar an eolas a luaithe is féidir maidir le faisnéis ón taobh istigh, a bhaineann go díreach leis an eisitheoir sin. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas sin maidir le *faisnéis ón taobh istigh* a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróiseas fadtréimhseach mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 7(2) agus (3) i gcás ina bhfuil baint ag na céimeanna sin le *himthosca sonracha nó teagmhas sonracha* a thabhairt i gcrích nó má tá siad mar thoradh orthu. *I bpróiseas fadtréimhseach, ní nochtfar ach na himthosca deiridh nó an teagmhas deiridh a luaithe is féidir tar éis dóibh tarlú.*’; ■

(b) cuirtear isteach *an mhír* seo a leanas:

‘1a. *Áiritheoidh eisitheoir rúndacht na faisnéise a chomhlíonann na critéir maidir le faisnéis ón taobh istigh mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 7 go dtí go nochtfar an fhaisnéis sin de bhun mhír 1 den Airteagal seo.*’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Féadfaidh eisitheoir nó rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí ar a fhreagracht féin, moill a chur ar nochtadh poiblí faisnéise ón taobh istigh ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ba dhóchúil go ndéanfaidh nochtadh láithreach dochar do leasanna dlisteanacha an eisitheora nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí;

(b) *nach bhfuil* an fhaisnéis ón taobh istigh a mbeartaíonn an t-eisitheoir *nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí* moill a chur *uirthi i gcodarsnacht leis an bhfógra poiblí is déanaí nó le cineál eile teachtaireachta ón eisitheoir nó ón rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí maidir leis an ábhar céanna dá dtagraíonn an fhaisnéis ón taobh istigh;*

(c) is féidir leis an eisitheoir nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí rúndacht na faisnéise sin a áirithiú.

I gcás inar chuir eisitheoir nó rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí **moill ar** nochtadh faisnéise ón taobh istigh faoin mír seo, déanfaidh sé, láithreach tar éis an **fhaisnéis a nochtadh don phobal**, a chur in iúl don údarás inniúil a shonraítear faoi mhír 3 gur **cuireadh moill ar nochtadh na faisnéise** agus tabharfaidh sé míniú i scríbhinn ar an gcaoi a ndearnadh na coinníollacha a leagtar amach sa mhír seo a chomhlíonadh. **De rogha air sin, féadfaidh na Ballstáit a fhoráil nach mbeidh taifead ar an míniú sin le tarchur ach ar iarraidh ó údarás inniúil a shonraítear faoi mhír 3.**

De mhaolú ar an dara fomhír den mhír seo, eisitheoir nach ligtear a chuid ionstraimí airgeadais isteach chun a dtrádála ach ar mhargadh fáis FBManna, ní sholáthróidh sé míniú i scríbhinn don údarás inniúil a shonraítear faoi mhír 3 ach arna iarraidh sin. Fad a bheidh an t-eisitheoir in ann údar cuí a thabhairt lena chinneadh maidir le moilliú, ní cheanglófar air taifead a choinneáil ar an míniú sin.

- 4a. **Níl neamhnochtadh ag eisitheoir faisnéise ón taobh istigh a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróisis fhadtréimhseacha, i gcomhréir le mír 1, faoi réir na gceanglas a leagtar síos i mír 4.’;**

(d) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘5. Féadfaidh eisitheoir ar institiúid creidmheasa nó institiúid airgeadais nó eisitheoir ar máthairghnóthas é, ar a fhreagracht féin, moill a chur ar nochtadh poiblí faisnéise ón taobh istigh, lena n-áirítear, ach nach bhfuil teoranta di, faisnéis a bhaineann le fadhb shealadach leachtachta, agus go háirithe an gá cúnaimh leachtachta sealadach a fháil ó bhanc ceannais nó ó iasachtóir na rogha deiridh, ar choinníoll go gcomhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:’;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad **■** mhír 7 **■** :

‘7. I gcás ina mbeidh moill ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh i gcomhréir le míreanna 4 nó 5, nó i gcás nár nochtadh faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróiseas fadtréimhseach i gcomhréir le hAirteagal 17(1), agus nach mbeidh rúndacht na faisnéise ón taobh istigh sin á háirithiú a thuilleadh, nochtfaidh an t-eisitheoir nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí an fhaisnéis sin don phobal a luaithe is féidir.

Áirítear sa mhír seo staideanna ina mbeidh ráfla ann a bhaineann go sainráite le faisnéis ón taobh istigh ar cuireadh moill ar a nochtadh i gcomhréir le míreanna 4 nó 5, ***nó le faisnéis ón taobh istigh a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróiseas fadtréimhseach nár nochtadh i gcomhréir le mír 1***, i gcás ina mbeidh an ráfla sin chomh beacht ■ agus go léiríonn sé nach bhfuil rúndacht na faisnéise sin á háirithiú a thuilleadh. ■

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 11:

‘11. Eiseoidh ESMA treoirlínte chun liosta táscach neamh-uileghabhálach de leasanna dlisteanacha eisisheoirí a bhunú, mar a thagraítear don mhéid sin ***i mír 4***, an chéad fhomhír pointe (a).

12. Tabharfar an chumhacht don Choimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh chun liosta neamh-uileghabhálach den mhéid seo a leanas a leagan amach agus a athbhreithniú, i gcás inar gá:

(a) na teagmhais deiridh i bpróisis fhadtréimhseacha agus, i gcás gach teagmhais, an nóiméad a mheastar a tharla sé, agus an nóiméad a nochtfar é de bhun mhír 1 den Airteagal seo;

(b) na staideanna ina bhfuil an fhaisnéis ón taobh istigh a mbeartaíonn an t-eisitheoir nó an rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí moill a chur uirthi, ina bhfuil an fhaisnéis sin i gcodarsnacht leis an bhfógra poiblí is déanaí nó le cineál eile teachtaireachta ón eisitheoir nó ón rannpháirtí sa mhargadh lamháltas astaíochtaí maidir leis an ábhar céanna dá dtagraíonn an fhaisnéis ón taobh istigh, mar a thagraítear don mhéid sin i mír 4, an chéad fhomhír, pointe (b) den Airteagal seo.’;

(7) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) *leasaítear mír 6 mar seo a leanas:*

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo agus i gcás ina bhfuil údar leis de bharr inní shonrach náisiúnta maidir le hiomláine an mhargaidh, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh ar eisitheoirí ionstraimí airgeadais arna ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM a áireamh ina liostaí de dhaoine ar an taobh istigh gach aon duine dá dtagraítear i mír 1, pointe (a).’;

(ii) scriostar an ceathrú, an cúigiú agus an séú fomhír.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

‘9. Déanfaidh ESMA athbhreithniú ar na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le formáid mhaolaithe na liostaí de dhaoine ar an taobh istigh le haghaidh na n-eisitheoirí a ligtear isteach chun a dtrádála ar na margaí fáis FBManna chun úsáid na formáide sin a leathnú chuig gach liosta de dhaoine ar an taobh istigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 6, an chéad fhomhír agus an dara fomhír.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo].

Tugtar an chumhacht don Choimisiún na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.’;

(8) Leasaítear Airteagal 19 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 8 agus 9:

- ‘8. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon idirbheart ina dhiaidh sin a thúisce a bheidh méid iomlán de EUR 20 000 sroichte laistigh de bhliain féilire. Déanfar an tairseach sin a ríomh trí na hidirbhearta uile dá dtagraítear i mír 1 a shuimiú d’uireasa glanluachála.
9. Féadfaidh údarás inniúil a chinneadh an tairseach a leagtar amach i mír 8 a mhéadú go EUR 50 000 **nó í a laghdú go EUR 10 000** agus cuirfidh sé ESMA ar an eolas faoina chinneadh agus faoin údar lena chinneadh, agus tagairt shonrach á déanamh do dhálaí an mhargaidh, chun an tairseach níos airde **nó níos ísle** a ghlacadh sula gcuirfear i bhfeidhm é. Foilseoidh ESMA ar a shuíomh gréasáin an liosta de na tairseacha a bhfuil feidhm acu i gcomhréir leis an Airteagal seo mar aon leis na réasúiníthe do na tairseacha sin a bheidh soláthraithe ag na húdaráis inniúla.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 12:

- ‘12. Gan dochar d’Airteagail 14 agus 15, féadfaidh eisitheoir a cheadú do dhuine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta laistigh de trádáil nó idirbhearta a dhéanamh ar a chuntas féin nó ar chuntas tríú páirtí le linn tréimhse dhúnta mar a thagraítear don mhéid sin i mír 11:

- (a) de réir an cháis mar gheall ar imthosca eisceachtúla, mar shampla deacrachtaí tromchúiseacha airgeadais, a bheith ann lena gceanglaítear go ndéanfaí scaireanna nó **ionstraimí airgeadais seachas scaireanna** a dhíol láithreach; nó
- (b) i ngeall ar shaintréithe na trádála atá i gceist maidir le hidirbhearta a dhéantar faoi, nó a bhaineann le, scéim scaireanna nó coigiltis d'fhostaithe agus scéimeanna fostaithe a bhaineann le hionstraimí airgeadais seachas scaireanna, cáilíocht nó teidlíocht scaireanna agus cáilíochtaí nó teidlíochtaí ionstraimí airgeadais seachas scaireanna, nó idirbhearta i gcás nach n-athraíonn an leas tairbhiúil san urrús ábhartha; ■

12a. Gan dochar d'Airteagail 14 agus 15, ceadóidh eisitheoir do dhuine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta laistigh de trádáil nó idirbhearta a dhéanamh ar a chuntas féin nó ar chuntas tríú páirtí le linn tréimhse dhúnta mar a thagraítear don mhéid sin i mír 11, i gcás idirbhearta nó gníomhaíochtaí trádála nach mbaineann le cinntí infheistíochta gníomhacha a dhéanann an duine a bhfuil freagrachtaí bainistíochta á gcomhlíonadh aige nó a eascraíonn go heisiach as tosca seachtracha nó as gníomhaíochtaí tríú páirtithe, nó ar idirbhearta nó gníomhaíochtaí trádála iad, lena n-áirítear feidhmiú díorthach, bunaithe ar théarmaí réamhshocraithe.;

- (9) in Airteagal 23(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (g):
- ‘(g) taifid atá ann cheana ar chomhráite teileafóin, ar theachtaireachtaí leictreonacha nó ar thrácht sonraí atá i seilbh gnólachtaí infheistíochta, institiúidí creidmheasa nó institiúidí airgeadais a éileamh chomh maith le riarthóirí tagarmhairc nó ranníocóirí maoirsithe a éileamh;’;
- (10) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:
- (a) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
- ‘1a. Déanfaidh ESMA, **arna iarraidh sin d’aon údarás inniúil amháin ar a laghad**, an comhar agus an malartú faisnéise idir údaráis inniúla agus údaráis rialála i mBallstáit eile agus i dtríú tíortha a éascú agus a chomhordú. Nuair a bheidh údar maith leis sin de bharr chineál an cháis, agus arna iarraidh sin don údarás inniúil, rannchuideoidh ESMA leis an imscrúdú a dhéanfaidh an t-údarás inniúil ar an gcás.’;
- (11) cuirtear na hairteagail seo ■ a leanas isteach:
- ‘Airteagal 25a
- Sásra chun sonraí ■ ordaithe a mhalartú

1. Déanfaidh údaráis inniúla a dhéanann maoirseacht ar ionaid trádála a bhfuil gné shuntasach thrasteorann ag baint leo, faoi ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], sásra a chur ar bun chun go bhféadfar *sonraí ordaithe maidir leis na hionstraimí airgeadais* dá dtagraítear i mír 4 *pointe (a)* a mhalartú go leanúnach agus go tráthúil, ar sonraí iad a bhailítear ó na hionaid trádála sin i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 i dtaca leis na hionstraimí *airgeadais* a thrádáiltear sa mhargadh sin. Féadfaidh na húdaráis inniúla cur ar bun an tsásra a tharmligean chuig ESMA.

I gcás ina gcuirfidh údarás inniúil iarratas ar shonraí isteach faoi mhír 4, *iarrfaidh* an t-údarás inniúil iarrtha na sonraí sin ar an *ionad trádála ábhartha* ar bhealach tráthúil agus tráth nach déanaí ná *4 lá oibre* ó dháta an iarratais. Cuirfear *na sonraí arna n-iarraidh ar fáil don* údarás inniúil *a chuir an chéad iarraidh isteach a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná an sprioc-am a chinntear i mír 6, pointe (c).*

Déanfar malartú leanúnach tráthúil na sonraí ordaithe maidir leis na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i mír 4, pointí (b) agus (c) a chur i bhfeidhm tríd an sásra sin faoi ... [42 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

2. *Déanfaidh an t-ionad trádála ábhartha socruithe, córais agus nósanna imeachta iomchuí a bhunú agus a choimeád ar bun chun malartú leanúnach tráthúil sonraí ordaithe a cheadú faoi ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].*
3. *Féadfar an t-iarratas ar shonraí leanúnacha ó údarás inniúil a chur isteach le haghaidh sraith ionstraimí airgeadais shonrach.*
4. Féadfaidh údarás inniúil sonraí ordaithe a fháil de thionscnamh ionaid trádála lena mbaineann gné *shuntasach* thrasteorann nuair is é an t-údarás inniúil sin údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 *agus nuair a d'fhéadfadh na sonraí sin a bheith ábhartha le haghaidh ghníomhaíochtaí maoirseachta an údaráis sin le haghaidh* na n-ionstraimí airgeadais seo a leanas:
 - (a) scaireanna;
 - (b) bannaí;
 - (c) todhchaíochtaí.

5. Féadfaidh Ballstát a chinneadh go bhfuil a údarás inniúil rannpháirteach sa sásra arna chur ar bun de bhun mhír 1 fiú mura mbeidh gné shuntasach thrasteorann ag baint le haon cheann de na hionaid trádála faoi mhaoirseacht an údaráis inniúil sin. Cuirfear an cinneadh sin in iúl do ESMA agus cuirfidh ESMA ar fáil ar a shuíomh gréasáin é.

I gcás ina ***ndéanfaidh Ballstát cinneadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, comhlíonfaidh an Ballstát sin agus a údarás inniúil forálacha an Airteagail seo.***

6. ***Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme:***

- (a) chun an sásra iomchuí a shonrú chun sonraí ordaithe a mhalartú. Go sonrach, leis na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme, leagfar síos na socruithe oibríochtúla chun tarchur tapa faisnéise idir údaráis inniúla a áirithiú;
- (b) ***chun socruithe, córais agus nósanna imeachta iomchuí a chinneadh ionas go gcloifidh ionaid trádála leis an gceanglas atá i mír 1, an tríú fomhír; agus***

(c) *chun an fhormáid agus an spriocdháta a chinneadh chun na sonraí arna n-iarraidh i mír 1, an tríú fomhír, a sholáthar gan mhoill.*

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].

Tarmligtear chuig an gCoimisiún an chumhacht chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme dá dtagraítear sa chéad fomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

7. Déanfaidh an Coimisiún *gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35* chun liosta a bhunú d'ionaid trádála ainmnithe lena mbaineann gné shuntasach thrasteorann maidir le drochúsáid mhargaidh a mhaoirsiú, tríd *an méid seo a leanas* ar a laghad a chur san áireamh *le haghaidh gach aicme ionstraimé airgeadais*:

(a) *an méid trádála ar an ionad trádála; agus*

(b) *an méid trádála ar an ionad trádála sin in ionstraimí airgeadais a bhfuil údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 éagsúil le húdarás inniúil an ionaid trádála ina leith.*

Maidir le scaireanna, déanfar an critéar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a) a thomhas mar láimhdeachas i scaireanna arna gcomhiomlánú ar leibhéal an ionaid trádála, agus ní bheidh sé faoi bhun EUR 100 billiún in aghaidh na bliana in aon cheann de na 4 bliana dheireanacha. Déanfar an critéar dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (b) a shainmhíniú mar an cóimheas idir an láimhdeachas i scaireanna a bhfuil údarás inniúil an mhargaidh is ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014 éagsúil le húdarás inniúil an ionaid trádála agus an láimhdeachas iomlán sna scaireanna uile a thrádáiltear ar an ionad sin in aon bhliain amháin. Ní beidh an cóimheas sin faoi bhun 50 %.

8. *Faoin ... [36 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh ESMA tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin maidir le feidhmiú an tsásra.*

Cumhdófar sa tuarascáil sin ar a laghad na nithe seo a leanas:

- (a) tuairisc ar na dúshláin theicniúla a bhí roimh na hionaid trádála, na húdaráis inniúla agus ESMA le linn chur chun feidhme an tsásra le haghaidh scaireanna;*
- (b) na costais arna dtabhú ag na húdaráis inniúla agus ag ESMA agus an sásra le haghaidh scaireanna á chur ar bun.*

(c) *feidhmiú na dtairseach dá dtagraítear i mír 7, an dara fomhír den Airteagal seo.*

Áireofar sa tuarascáil anailís costais is tairbhe a bhaineann le forbairt an tsásra amach anseo maidir le hionstraimí airgeadais ábhartha a d'fhéadfadh a bheith ann a áireamh sa raon feidhme, lena n-áirítear na hionstraimí sin dá dtagraítear i mír 4, pointí (b) agus (c). Áireofar sa tuarascáil freisin moltaí maidir leis an raon feidhme a leathnú chuig na hionstraimí airgeadais dá dtagraítear i mír 4, agus an breisluach, na dúshláin theicniúla agus na costais ionchasacha á gcur san áireamh.

9. *Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 35 chun míreanna 4 agus 7 a leasú trí nuashonrú a dhéanamh ar an liosta d'ionaid trádála ainmnithe lena mbaineann gné shuntasach thrasteorann agus d'ionstraimí airgeadais, agus trí leasú a dhéanamh ar an dara fomhír de mhír 1 chun leathnú an tsásra chuig bannaí agus todhchaíochtaí a chur siar, agus an tuarascáil dá dtagraítear i mír 8, na forbairtí sna margaí airgeadais agus acmhainneacht na n-údarás inniúil na sonraí maidir leis na hionstraimí airgeadais sin a phróiseáil á gcur san áireamh.*

Airteagal 25b

Ardáin Chomhair

1. Féadfaidh ESMA **■** arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil amháin nó níos mó, i gcás inní mhór a bheith ann faoi shláine an mhargaidh nó faoi fheidhmiú **ordúil** na margaí, ardán comhair a chur ar bun agus a chomhordú.
2. Gan dochar d'Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh 1095/2010, déanfaidh na húdaráis inniúla ábhartha, arna iarraidh sin do ESMA, an fhaisnéis uile is gá a sholáthar go tráthúil.
3. I gcás ina n-easaontaíonn dhá údarás inniúla ardáin comhair nó níos mó faoi nós imeachta nó ábhar gníomhaíochta atá le déanamh, nó neamhghníomhú, féadfaidh ESMA, arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil ábhartha nó as a stuaim féin, **■** cuidiú leis na húdaráis inniúla teacht ar chomhaontú i gcomhréir le hAirteagal 19(1), **an chéad fhomhír**, de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010.

Féadfaidh ESMA freisin, **arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil amháin nó níos mó**, cigireachtaí ar an láthair a chomhordú. **■ Féadfaidh** údarás inniúil an Bhallstáit baile mar aon le húdaráis inniúla ábhartha eile ón ardán comhair **cuireadh a thabhairt do ESMA** páirt a ghlacadh sna cigireachtaí sin ar an láthair.

Féadfaidh ESMA freisin, **arna iarraidh sin d'aon údarás inniúil amháin nó níos mó**, ardán comhair a bhunú freisin i gcomhar le ACER agus leis na comhlachtaí poiblí a dhéanann faireachán ar mhargaí mórdhíola tráchtearraí i gcás ina ndéanann na hábhair inní maidir le sláine an mhargaidh agus feidhmiú **ordúil** na margaí difear do mhargaí airgeadais agus spotmhargaí araon. ';

(12) Scriostar Airteagal 28

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 29:

‘Airteagal 29

Sonraí pearsanta a nochtadh do thríú tíortha

1. Féadfaidh údaráis inniúla Ballstáit sonraí pearsanta a aistriú chuig tríú tír ar choinníoll go gcomhlíonfar ceanglais Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴ agus de réir an cháis amháin. Áiritheoidh údaráis inniúla gur gá aistriú mar sin chun críoch an Rialacháin seo agus nach n-aistreoidh an tríú tír na sonraí chuig tríú tír eile mura rud é go dtugtar údarú sainráite i scríbhinn di déanamh amhlaidh agus go gcomhlíonann sí na coinníollacha a bheidh sonraithe ag údarás inniúil an Bhallstáit.

2. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla Ballstáit na sonraí pearsanta a fhaightear ó údarás inniúil Ballstáit eile a nochtadh d’údarás maoirseachta tríú tír ach amháin i gcás ina bhfuil comhaontú sainráite faighte ag údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann ón údarás inniúil a tharchuir na sonraí agus, i gcás inarb infheidhme, ar choinníoll go ndéanfar na sonraí a nochtadh chun na gcríoch lenar thug an t-údarás inniúil sin a chomhaontú, agus chun na gcríoch sin amháin.’;

²⁴ *Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1)’;*

(14) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (e) go (g):

‘(e) cosc sealadach ar aon duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta i ngnólacht infheistíochta, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú i ngnólachtaí infheistíochta chomh maith le riarthóirí tagarmhairc nó ranníocóirí faoi mhaoirseacht;

(f) i gcás sáruiithe leantacha ar Airteagal 14 nó 15, ***cosc 10 mbliana ar a laghad*** ar aon duine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta i ngnólacht infheistíochta, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, feidhmeanna bainistíochta a fheidhmiú i ngnólachtaí infheistíochta chomh maith le riarthóirí tagarmhairc nó ranníocóirí faoi mhaoirseacht;

(g) cosc sealadach ar dhuine a chomhlíonann freagrachtaí bainistíochta i ngnólacht infheistíochta, nó ar aon duine nádúrtha eile a chinntear a bheith freagrach as an sárú, déileáil ar a chuntas féin chomh maith le riarthóirí tagarmhairc nó ranníocóirí faoi mhaoirseacht;’;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (j):
- ‘(j) maidir le duine nádúrtha, smachtbhannaí airgid riaracháin uasta arb ionann iad agus na méideanna seo a leanas ar a laghad:
- (i) i gcás sáruithe ar Airteagail 14 agus 15, 15 % de láimhdeachas bliantúil iomlán an duine dhlítheanaigh de réir na gcuntas deireanach atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta nó EUR 15 000 000 nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an 2 Iúil 2014;
- (ii) i gcás sáruithe ar Airteagal 16, 2 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas deireanach atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, nó EUR 2 500 000 nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, an luach comhfhreagrach san airgeadra náisiúnta an 2 Iúil 2014;

(iii) i gcás sárúithe ar Airteagal 17, 2 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas deireanach atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta. ***I gcás ina measann na húdaráis inniúla go mbeadh an méid le haghaidh an smachtbhanna riaracháin bunaithe ar an láimhdeachas bliantúil iomlán díréireach íseal i ndáil leis na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 31(1), pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g) agus (h), áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis sin smachtbhannaí riaracháin de EUR 2 500 000 ar a laghad a fhorchur. I gcás inar FBM an duine dlítheanach, féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis sin, mar mhalairt air sin, smachtbhannaí riaracháin de EUR 1 000 000 ar a laghad a fhorchur nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, na luachanna comhfhreagracha san airgeadra náisiúnta an 2 Iúil 2014;***

- (iv) i gcás sáruithe ar Airteagail 18 agus 19, 0,8 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas deireanach atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta. ***I gcás ina measann na húdaráis inniúla go mbeadh an méid le haghaidh an smachtbhanna riaracháin bunaithe ar an láimhdeachas bliantúil iomlán díréireach íseal i ndáil leis na himthosca dá dtagraítear in Airteagal 31(1), pointí (a), (b), (d), (e), (f), (g) agus (h), áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfaidh na húdaráis sin smachtbhannaí riaracháin de EUR 1 000 000 ar a laghad a fhorchur. I gcás inar FBM an duine dlítheanach, féadfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhféadfaidh na húdaráis sin, mar mhalairt air sin, smachtbhannaí riaracháin de EUR 400 000 ar a laghad a fhorchur nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, na luachanna comhfhreagracha san airgeadra náisiúnta an 2 Iúil 2014;***
- (v) i gcás sáruithe ar Airteagal 20, 0,8 % dá láimhdeachas bliantúil iomlán de réir na gcuntas deireanach atá ar fáil agus atá formheasta ag an gcomhlacht bainistíochta, nó EUR 1 000 000 nó, sna Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu, na luachanna comhfhreagracha san airgeadra náisiúnta an 2 Iúil 2014.?’;

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:
‘Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (j), i gcás ina bhfuil an duine dlítheanach ina mháthairghnóthas nó ina fhochuideachta de mháthairghnóthas nach mór dó cuntais airgeadais chomhdhlúite a ullmhú de bhun Threoir 2013/34/AE*, is é a bheidh sa láimhdeachas bliantúil iomlán ábhartha, an láimhdeachas bliantúil iomlán nó an cineál ioncaim comhfhreagrach de réir na dtreoracha ábhartha cuntasáíochta – Treoir 86/635/CEE ón gComhairle le haghaidh na mbanc agus Treoir 91/674/CEE ón gComhairle*** le haghaidh na ngnóthas árachais – de réir na gcuntas deireanach comhdhlúite atá ar fáil agus iad formheasta ag comhlacht bainistíochta an mháthairghnóthais deiridh. ’;**

(b) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘4. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn ‘fiontar beag agus meánmhéide’ nó ‘FBM’ micrifhiontar, fiontar beag nó fiontar meánmhéide de réir bhrí Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún****.

* Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

** Treoir 86/635/CEE ón gComhairle an 8 Nollaig 1986 maidir le cuntais bhliantúla agus cuntais chomhdhlúite banc agus institiúidí airgeadais eile (IO L 372, 31.12.1986, lch. 1).

*** Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir leis na ráitis airgeadais bhliantúla, na ráitis airgeadais chomhdhlúite agus na tuarascálacha gaolmhara de chuid cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear

Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle (IO L 182, 29.6.2013, lch. 19).

Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide a shainmhíniú (IO L 124, 20.5.2003, lch. 36).’;(15) in Airteagal 31, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

- ‘1. Áiríteoidh na Ballstáit agus cinneadh á dhéanamh acu ar an gcineál agus ar an leibhéal smachtbhannaí riaracháin, go gcuirfidh údaráis inniúla gach cúinse ábhartha san áireamh, chun smachtbhannaí comhréireacha a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear i gcás inarb iomchuí:
 - (a) tromchúis agus fad an tsáraithe;
 - (b) méid freagrachta an duine atá freagrach as an sárú;

- (c) láidreacht airgeadais an duine atá freagrach as an sárú, arna léiriú, mar shampla, le láimhdeachas iomlán an duine dhlítheanaigh nó le hioncam bliantúil pearsanta an duine nádúrtha;
- (d) tábhacht na mbrabús a ghnóthaigh an duine atá freagrach as an sárú, nó tábhacht na gcaillteanas a sheachain an duine atá freagrach as an sárú, a mhéid is féidir iad a chinneadh;
- (e) a mhéid atá an duine atá freagrach as an sárú ag comhoibriú leis an údarás inniúil, gan dochar don ghá aisíoc na mbrabús a ghnóthaigh an duine sin nó aisíoc na gcaillteanas a sheachain sé a áirithiú;
- (f) sáruihte roimhe sin ag an duine atá freagrach as an sárú;
- (g) bearta arna nglacadh ag an duine atá freagrach as an sárú chun a áirithiú nach dtarlaíonn an sárú sin arís; **agus**
- (h) ***an míbhuntáiste don duine atá freagrach as an sárú a tháinig as dúbláil imeachtaí coiriúla agus riaracháin agus fineálacha i leith an iompair chéanna.***’;

(16) Leasaítear Airteagal 35 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

- ‘2. Tabharfar don Choimisiún an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus (6), Airteagal 12(5), Airteagal 17(2), an tríú fómhír, Airteagal 17(3), Airteagal 17(12), Airteagal 19(13) agus (14), Airteagal **25a(7) agus (9)** agus Airteagal 38 go ceann tréimhse 5 bliana ó ... [*dáta* theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a dhréachtú maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 6(5) agus (6), Airteagal 12(5), Airteagal 17(2), an tríú fómhír, Airteagal 17(3), Airteagal 17(12), Airteagal 19(13) agus (14), Airteagal **25a (7) agus (9)** agus Airteagal 38, a chúlghairm aon tráth. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligeán na cumhachta a shonraítear sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

‘5. Ní thiocfaidh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagal 6(5) nó (6), Airteagal 12(5), Airteagal **17(2)**, **an tríú** fomhír, Airteagal **17(3)**, Airteagal **17(12)**, Airteagal 19(13) nó (14), Airteagal 25a(7), **agus (9)** nó Airteagal 38, i bhfeidhm ach i gcás nach mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 3 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, gur chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 3 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.’;

(17) ***Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:***

(a) cuirfear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Tuarascálacha’;

((b) leasaítear an chéad mhír mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

*‘Faoin ... [4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, mar aon le togra reachtach chun é a leasú más iomchuí, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Sa tuarascáil sin déanfar measúnú ar, *inter alia*, na nithe seo a leanas:’;*

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad *phointí (c) agus (d)*:

‘(c) dála na forála maidir le neamhnochtadh faisnéise ón taobh istigh a bhaineann le céimeanna idirmheánacha i bpróiseas fadtréimhseach in Airteagal 17(1), cé acu atá nó nach bhfuil cothromaíocht leordhóthanach ann idir an t-ualach ar eisitheoirí a laghdú agus ligean d’infheisteoirí cinntí eolasacha infheistíochta a dhéanamh; agus

(d) comhréireacht na ndearbhmhéideanna, mar a chuirtear in iúl in Airteagal 30(2), pointí (j)(iii) agus (iv) iad, agus a iomchuí atá siad i ndáil le micrifhiontair, fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide.’;

(iii) scriostar pointe (e);

(c) i ndiaidh an dara fómhír, cuirtear an fómhír seo a leanas isteach:

‘Faoin ... [7 mbliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le feidhmiú an tsásra faireachais i ndáil le sonraí ordaithe tras-mhargaidh, maidir lena thionchar ar chumas na n-údarás inniúil náisiúnta maoirseacht éifeachtach a áirithiú, conas is féidir an sásra sin a fhorfheidhmiú, agus na buntáistí a d’fhéadfadh a bheith le himhédnaitheoirí córasachha faoi raon feidhme an tsásra a thabhairt isteach;’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fómhír:

‘Faoin ... [4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo], déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle le ESMA, tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le leibhéal na dtairseacha a leagtar amach in Airteagal 19(1a), pointí (a) agus (b), i dtaca le hidirbhearta bainisteoirí i gcás ina bhfuil scaireanna nó ionstraimí fiachais an eistheora ina gcuid de ghnóthas comhinfeistíochta nó go soláthraíonn siad neamhchosaint ar phunann sócmhainní, d’fhonn a mheasúnú an bhfuil an leibhéal sin iomchuí nó ar cheart é a choigeartú.’

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 600/2014

In Airteagal 25 de Rialachán (AE) Uimh. 600/2014, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 2 agus 3:

- ‘2. Coimeádfaidh oibreoir ionaid trádála faoina réir ag an údarás inniúil, ar feadh 5 bliana ar a laghad, na sonraí ábhartha a bhaineann le gach ordú in ionstraimí airgeadais a fhógrófar trína gcórais ***i bhformáid mheaisín-inléite agus trí úsáid a bhaint as teimpléad coiteann.*** Féadfaidh údarás inniúil an ionaid trádála na sonraí sin a iarraidh ar bhonn leanúnach. Beidh sna taifid, na sonraí ábhartha is ionann agus saintréithe an ordaithe, lena n-áirítear na saintréithe sin a nascfaidh ordú leis na hidirbhearta forghníomhaithe a eascraíonn ón ordú sin agus a dhéanfar sonraí an ordaithe ina leith a thuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 26(1) agus (3). Comhlíonfaidh ESMA ról éascaithe agus comhordaithe i ndáil le rochtain a bheith ag údaráis inniúla ar fhaisnéis faoin mír seo.

3. Forbróidh ESMA dréachtchaighdeáin theicniúla rialála lena sonrúfar mionsonraí agus formáidí na sonraí ordaithe ábhartha is gá a choimeád faoi mhír 2 den Airteagal seo agus nach dtagraítear dóibh in Airteagal 26.

Cuirfidh ESMA na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ... [9 mí ó dháta *theacht* i bhfeidhm an Rialacháin seo].

Tarmligtear an chumhacht chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na caighdeáin theicniúla rialála dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010..

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm ag Airteagal 1, **pointí(7)(g), (11), (12), (13) agus (14)** , ón ... [15 mhí tar éis an dáta teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].
3. ***Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (3), pointe (6)(b) agus (c), pointe (7) (a) go (f), pointe 10(a)(i), (ii) agus (iii), pointe 10(b) agus (c), agus pointe 21(a) maidir le hAirteagal 27 (1) de Rialachán (AE) 2017/1129, agus Airteagal 2, pointe (6)(a), (b), (c) agus (e) den Rialachán leasaitheach seo ón ... [18 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].***
4. ***Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun Airteagal 2, pointe 14(a) agus pointe (15) a chomhlíonadh faoin ... [18 mí ó dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithe seo].***

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/1129 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní I go V:

‘IARSCRÍBHINN I

AN RÉAMHEOLAIRE

I. Achoimre

II. Cuspóir, daoine atá freagrach, faisnéis tríú páirtí, tuarascálacha ó shaineolaithe agus formheas an údaráis inniúil

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar faoi na daoine atá freagrach as inneachar an réamheolaire agus infheisteoirí a chur ar a gcompond maidir le cruinneas na faisnéise a nochtar sa réamheolaire. Ina theannta sin, soláthraítear faisnéis sa roinn seo maidir le leasanna na ndaoine a bhfuil baint acu leis an tairiscint, chomh maith le cúiseanna na tairisceana, úsáid na bhfáltas agus speansais na tairisceana. Thairis sin, soláthraítear faisnéis sa roinn seo maidir le bunús dlí an réamheolaire agus maidir lena fhormheas ag an údarás inniúil.

III. Straitéis, feidhmíocht agus an timpeallacht ghnó

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a nochtadh maidir le céannacht an eisitheora, a ghnó, a straitéis agus a chuspóirí. Ba cheart tuiscint shoiléir a bheith ag infheisteoirí ar ghníomhaíochtaí an eisitheora agus ar na príomhthreochtaí a dhéanann difear dá fheidhmíocht, dá struchtúr eagraíochtúil agus dá infheistíochtaí ábhartha. I gcás inarb infheidhme, nochtfaidh an t-eisitheoir sa roinn seo meastacháin nó réamhaisnéisí ar a fheidhmíocht amach anseo.

IV. Tuarascáil bhainistíochta, lena n-áirítear an tuairisciú inbhuanaitheachta (urrúis chothromais amháin)

*Is é is cuspóir don roinn seo **an fhaisnéis a leagtar amach sna** tuarascálacha bainistíochta agus sna tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 4 de Threoir 2004/109/CE a chorprú trí thagairt **nó a áireamh**, i gcás inarb infheidhme, agus i gCaibidlí 5 agus 6 de Threoir 2013/34/AE a ionchorprú faoi threoir, le haghaidh na dtréimhsí a chumhdaítear leis an bhfaisnéis airgeadais stairiúil lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tuairisciú inbhuanaitheachta. ■*

V. Ráiteas maidir leis an gcaipiteal oibre (urrúis chothromais amháin)

Is é cuspóir na roinne seo faisnéis a sholáthar maidir le ceanglais chaipitil oibre an eisitheora.

VI. Tosca riosca

Is é is cuspóir don chuid seo tuairisc a thabhairt ar na príomhrioscaí nár mhór don eisitheoir aghaidh a thabhairt orthu agus ar an tionchar atá acu ar fheidhmíocht an eisitheora amach anseo, chomh maith leis na príomhrioscaí a bhaineann go sonrach leis na hurrúis a thairgtear don phobal nó atá le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

VII. Téarmaí agus coinníollacha na n-urrús

Is é cuspóir na ranna seo téarmaí agus coinníollacha na n-urrús a leagan amach agus tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar a saintréithe.

I gcás inarb infheidhme, áireofar san fhaisnéis sin faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺.

VIII Sonraí a bhaineann leis an tairiscint agus le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála

Is é is cuspóir don roinn seo an fhaisnéis shonrach maidir le tairiscint na n-urrús, plean a ndáilte agus a leithroinnte, agus léiriú ar a bpraghsáil a leagan amach.

Thairis sin, cuirtear faisnéis i láthair ann maidir le hurrúis a chur, aon chomhaontú frithgheallta agus aon socrú a bhaineann le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála.

Leagtar amach ann freisin faisnéis faoi na daoine a dhíolann na hurrúis agus faoi chaolú maidir le sealúchais scairshealbhóirí atá ann cheana.

IX. Faisnéis a bhaineann le tagarmharc comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) (urrúis neamhchothromais amháin, i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don roinn seo, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG a leagan amach i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), an dara fómhír, pointe (g).

⁺ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir *Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fäis FBM* atá i gcomhad 2022/0406 (COD).

X. Rialachas corparáideach

Míneofar sa roinn seo riarachán an eisitheora agus ról na ndaoine a bhfuil baint acu le bainistiú na cuideachta. I gcás urrúis chothromais, soláthrófar inti faisnéis freisin faoi chúlra na bainistíochta sinsearaí, faoina luach saothair agus faoin nasc a d'fhéadfadh a bheith aige le feidhmíocht an eisitheora.

XI. Faisnéis airgeadais

Is é is cuspóir don chuid seo na ráitis airgeadais agus na príomhtháscairí feidhmíochta a shonrú, ráitis is gá a chur san áireamh sa doiciméad lena gcumhdaítear an 2 bhliain airgeadais is déanaí (i gcás urrúis chothromais) nó an bhliain airgeadais deiridh (i gcás urrúis neamhchothromais) nó cibé tréimhse is giorra ar lena linn a raibh an t-eisitheoir ag feidhmiú. Na prionsabail cuntasáíochta agus iniúchóireachta a ghlacfar lena n-úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus iniúchóireacht a dhéanamh orthu, cinnfear iad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta cuntasáíochta agus iniúchóireachta.

A. Ráitis chomhdhlúite agus faisnéis eile airgeadais.

B. Athruithe suntasacha.

XII. Faisnéis faoin scairshealbhóir agus faoin sealbhóir urrús

XIII. *Beartas díbhinní (urrúis chothromais amháin)*

Tuairisc ar bheartas an eisitheora maidir le dáileacháin díbhinne agus aon srian reatha orthu, agus maidir le hathcheannaigh scaireanna.

Soláthrófar sa roinn seo faisnéis maidir le mór-scairshealbhóirí an eisitheora, maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir an lucht bainistíochta sinsearaí agus an t-eisitheoir, scairchaipiteal an eisitheora chomh maith le faisnéis maidir le hidirbhearta páirtí ghaolmhair, imeachtaí dlíthiúla agus eadrána agus conarthaí ábhartha.

XIV Faisnéis faoin ráthóir (urrúis neamhchothromais amháin, i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir le ráthóir na n-urrús, más infheidhme, lena n-áirítear faisnéis fhíor-riachtanach faoin ráthaíocht a ghabhann leis na hurrúis, faoi na tosca riosca agus faoin bhfaisnéis airgeadais a bhaineann go sonrach leis an ráthóir.

XV. Faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus faoi eisitheoir na n-urrús foluiteach (i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar, i gcás inarb infheidhme, faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, faoi eisitheoir na n-urrús foluiteach.

XVI. Faisnéis maidir le toiliú (i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir leis an toiliú i gcás ina dtoilíonn an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as réamheolaire a dhréachtú lena úsáid i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

XVII. Na doiciméid atá ar fáil

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir leis na doiciméid a bheidh ar fáil lena n-iniúchadh agus maidir leis an suíomh gréasáin inar féidir iad a iniúchadh.

IARSCRÍBHINN II

DOICIMÉAD CLÁRÚCHÁIN

I. Cuspóir, daoine atá freagrach, faisnéis tríú páirtí, tuarascálacha ó shaineolaithe agus formheas an údaráis inniúil

Is é is cuspóir don roinn seo faisnéis a sholáthar faoi na daoine atá freagrach as inneachar an doiciméid clárúcháin agus infheisteoirí a chur ar a gcompord maidir le cruinneas na faisnéise a nochtar sa réamheolaire. Thairis sin, soláthraítear faisnéis sa roinn seo maidir le bunús dlí an réamheolaire agus maidir lena fhormheas ag an údarás inniúil.

II. Straitéis, feidhmíocht agus an timpeallacht ghnó

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a nochtadh maidir le céannacht an eisitheora, a ghnó, a straitéis agus a chuspóirí. Tríd an roinn seo a léamh, ba cheart tuiscint shoiléir a bheith ag infheisteoirí ar ghníomhaíochtaí an eisitheora agus ar na príomhthreochtaí a dhéanann difear dá fheidhmíocht, dá struchtúr eagraíochtúil agus dá infheistíochtaí ábhartha. I gcás inarb infheidhme, nochtfaidh an t-eisitheoir sa roinn seo meastacháin nó réamhaisnéisí ar a fheidhmíocht amach anseo.

III. Tuarascáil bhainistíochta, lena n-áirítear tuairisciú inbhuanaitheachta (urrúis chothromais amháin)

*Is é is cuspóir don roinn seo **an fhaisnéis a leagtar amach sna** tuarascálacha bainistíochta agus sna tuarascálacha bainistíochta comhdhlúite mar a thagraítear don mhéid sin in Airteagal 4 de Threoir 2004/109/CE a chorprú trí thagairt **nó a áireamh**, i gcás inarb infheidhme, agus i gCaibidlí 5 agus 6 de Threoir 2013/34/AE a ionchorprú faoi threoir, le haghaidh na dtréimhsí a chumhdaítear leis an bhfaisnéis airgeadais stairiúil lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tuairisciú inbhuanaitheachta.*

IV. Tosca riosca

Is é is cuspóir don roinn seo tuairisc a thabhairt ar na príomhrioscaí a bhíonn ag an eisitheoir agus ar a dtionchar ar fheidhmíocht an eisitheora amach anseo.

V. Rialachas corparáideach

Míneofar sa roinn seo riarachán an eisitheora agus ról na ndaoine a bhfuil baint acu le bainistiú na cuideachta. I gcás urrúis chothromais, soláthróidh sé faisnéis freisin faoi chúlra

na bainistíochta sinsearaí, faoina luach saothair agus faoin nasc a d'fhéadfadh a bheith aige le feidhmíocht an eisi theorá.

VI. Faisnéis airgeadais

Is é is cuspóir don chuid seo na ráitis airgeadais agus na príomhtháscairí feidhmíochta a shonrú, ráitis is gá a chur san áireamh sa doiciméad lena gcumhdaítear an 2 bhliain airgeadais is déanaí (i gcás urrúis chothromais) nó an bhliain airgeadais deiridh (i gcás urrúis neamhchothromais) nó cibé tréimhse is giorra ar lena linn a raibh an t-eisitheoir ag feidhmiú. Na prionsabail chuntasaíochta agus iniúchóireachta a ghlacfar lena n-úsáid chun na ráitis airgeadais a ullmhú agus iniúchóireacht a dhéanamh orthu, cinnfear iad i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta agus iniúchóireachta.

- A. Ráitis chomhdhlúite agus faisnéis eile airgeadais.
- B. Athruithe suntasacha.

VII. Faisnéis faoin scairshealbhóir agus faoin sealbhóir urrús

Soláthrófar sa roinn seo faisnéis maidir le mór-scairshealbhóirí an eisiheora, maidir le coinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann idir an lucht bainistíochta sinsearaí agus an t-eisitheoir, scairchaipiteal an eisiheora chomh maith le faisnéis maidir le hidirbhearta páirtí ghaolmhair, imeachtaí dlíthiúla agus eadrána agus conarthaí ábhartha.

VIII. Beartas díbhinní (urrúis chothromais amháin)

Tuairisc ar bheartas an eisitheora maidir le dáileacháin díbhinne agus aon srian reatha orthu, agus maidir le hathcheannaigh scaireanna.

IX. Na doiciméid atá ar fáil

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir leis na doiciméid a bheidh ar fáil lena n-iniúchadh agus maidir leis an suíomh gréasáin inar féidir iad a iniúchadh.

IARSCRÍBHINN III

NÓTA MÍNITHE URRÚS

I. Cuspóir, daoine atá freagrach, faisnéis tríú páirtí, tuarascálacha ó shaineolaithe agus formheas an údaráis inniúil

Is é is cuspóir don roinn seo faisnéis a sholáthar faoi na daoine atá freagrach as inneachar an nóta urrús agus infheisteoirí a chur ar a gcompord maidir le cruinneas na faisnéise a nochtar sa réamheolaire. Ina theannta sin, soláthraítear faisnéis sa roinn seo maidir le leasanna na ndaoine a bhfuil baint acu leis an tairiscint, chomh maith le cúiseanna na tairisceana, úsáid na bhfáltas agus speansais na tairisceana. Thairis sin, soláthraítear faisnéis sa roinn seo maidir le bunús dlí an réamheolaire agus maidir lena fhorghreann ag an údarás inniúil.

II. Ráiteas maidir leis an gcaipiteal oibre (*urrúis chothromais amháin*)

Is é cuspóir na roinne seo faisnéis a sholáthar maidir le ceanglais chaipitil oibre an eisi theora.

III. Tosca riosca

Is é is cuspóir don roinn seo tuairisc a thabhairt ar na príomhrioscaí a bhaineann go sonrach leis na hurrúis a thairgtear don phobal nó atá le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte.

IV. Téarmaí agus coinníollacha na n-urrús

Is é cuspóir na ranne seo téarmaí agus coinníollacha na n-urrús a leagan amach agus tuairisc mhionsonraithe a sholáthar ar a saintréithe.

I gcás inarb infheidhme, áireofar san fhaisnéis sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺.

V. Sonraí a bhaineann leis an tairiscint agus le hurrúis a ligean isteach chun a dtrádála

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir leis an tairiscint nó, cead trádála ar mhargadh rialaithe nó ar MTF a thabhairt, lena n-áirítear praghas na tairisceana deiridh agus an méid urrús (cibé acu líon na n-urrús nó méid ainmniúil comhiomlán) a thairgfear, na cúiseanna atá leis an tairiscint, an plean maidir le dáileadh na n-urrús, úsáid fháltais na tairisceana, caiteachais na heisiúna agus na tairisceana, agus caolú (i gcás urrúis chothromais amháin).

⁺ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir *Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM* atá i gcomhad 2022/0406 (COD).

VI. Faisnéis a bhaineann le tagarmharc comhshaoil, sóisialta agus rialachais (ESG) (urrúis neamhchothromais amháin, i gcás inarb infheidhme)

I gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG i gcomhréir leis an ngníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), an dara fomhír, pointe (g).

VII. Faisnéis faoin ráthóir (urrúis neamhchothromais amháin, i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir le ráthóir na n-urrús, más infheidhme, lena n-áirítear faisnéis fhíor-riachtanach faoin ráthaíocht a ghabhann leis na hurrúis, faoi na tosca riosca agus faoin bhfaisnéis airgeadais a bhaineann go sonrach leis an ráthóir.

VIII. ■ Faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus faoi eisitheoir na n-urrús foluiteach (i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar, i gcás inarb infheidhme, faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, faoi eisitheoir na n-urrús foluiteach.

IX. Faisnéis maidir le toiliú (i gcás inarb infheidhme)

Is é is cuspóir don chuid seo faisnéis a sholáthar maidir leis an toiliú i gcás ina dtoilíonn an t-eisitheoir nó an duine atá freagrach as réamheolaire a dhréachtú lena úsáid i gcomhréir le hAirteagal 5(1).

IARSCRÍBHINN IV

FAISNÉIS ATÁ LE CUR SA RÉAMHEOLAIRE LEANTACH AE LE hAGHAIDH SCAIREANNA AGUS URRÚS INAISTRITHE EILE ATÁ COIBHÉISEACH LE SCAIREANNA I gCUIDEACHTAÍ

I.

Achoimre

Ní mór achoimre arna dréachtú i gcomhréir le hAirteagal 7(12a) a áireamh sa réamheolaire leantach AE.

II.

Faisnéis faoin eisitheoir

An chuideachta atá ag eisiúint scaireanna a shaináithint, lena n-áirítear an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (‘LEI’) atá aici, a hainm dlíthiúil agus tráchtála, a tír chorpraithe agus an suíomh gréasáin inar féidir le hinfheisteoirí faisnéis a aimsiú faoi oibríochtaí gnó na cuideachta, na táirgí a dhéanann sí nó na seirbhísí a sholáthraíonn sí, na príomh-mhargáí ina mbíonn sí san iomaíocht, a príomh-scairshealbhóirí, comhdhéanamh a comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta agus a lucht bainistíochta sinsearaí agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a ionchorpraítear trí thagairt (le séanadh nach cuid den réamheolaire í an fhaisnéis ar an suíomh gréasáin mura ndéantar an fhaisnéis sin a chorprú sa ***réamheolaire Leantach AE*** trí thagairt).

III. Ráiteas freagrachta agus ráiteas faoin údarás inniúil

A. Ráiteas freagrachta

Na daoine atá freagrach as dréachtú an réamheolaire leantaigh AE a shainaithint agus ráiteas ó na daoine sin a chur san áireamh ina ndeirtear, ar feadh a n-eolais féin, go bhfuil an fhaisnéis atá sa réamheolaire leantach AE i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh ar an réamheolaire leantach AE a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis a bheith sa ráiteas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear foinsé/foinsí na faisnéise sin, agus ráitis nó tuarascálacha a luaitear le duine mar shaineolaí agus na sonraí seo a leanas ón duine sin:

- (i) ainm;
- (ii) seoladh gnó;
- (iii) cáilíochtaí; agus
- (iv) leas ábhartha (más ann dó) i gcás an eisitheora.

B. Ráiteas faoin údarás inniúil

Déanfar an méid seo a leanas sa ráiteas:

(i) an t-údarás inniúil a d'fhormheas, i gcomhréir leis an Rialachán seo, an réamheolaire leantach AE;

(ii) nach formhuiniú de chuid an eisitheora é an formheas sin ná ar cháilíocht na scaireanna lena mbaineann an réamheolaire leantach AE;

(iii) a shonrú nár fhormheas an t-údarás inniúil an réamheolaire leantach AE ach amháin as caighdeán na hiomláine, na sothuigtheachta agus na comhsheasmhachta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh aici; agus

(iv) gur tarraingíodh suas an réamheolaire leantach AE i gcomhréir le hAirteagal 14a.

IV. Tosca riosca

Tuairisc a thabhairt ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus tuairisc ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis na scaireanna atá á dtairiscint don phobal agus/nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i líon teoranta catagóirí, i roinn dar teideal 'Tosca riosca'.

Comhthacófar na rioscaí le hinneachar an réamheolaire leantaigh AE.

V. *Faisnéis* airgeadais

Na ráitis airgeadais (bliantúil agus leathbhliantúil) a foilsíodh thar an tréimhse 12 mhí sula bhformheasfar réamheolaire Leantach AE. I gcás inar foilsíodh ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla araon, ní mór na ráitis bhliantúla agus iad sin amháin a cheangal i gcás ina bhfoilsítear iad tar éis na ráiteas airgeadais leathbhliantúil.

Ní mór iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ní mór an tuarascáil iniúchóireachta a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[□] agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle^{□□}.

I gcás nach bhfuil feidhm ag Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, ní mór iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla nó iad a thuairisciú i dtaobh cé acu, chun críocha réamheolaire Leantach AE, an dtugann siad léargas firinneach cothrom i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme i mBallstát nó caighdeán coibhéiseach nó nach dtugann. Murach sin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh i réamheolaire Leantach AE:

- (i) ráiteas soiléir ina nochtar cé na caighdeáin iniúchóireachta atá curtha i bhfeidhm;
- (ii) míniú ar aon imeacht suntasach ó Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.

I gcás ina bhfuil tuarascálacha iniúchóireachta ar ráitis airgeadais bhliantúla diúltaithe ag na hiniúcháirí reachtúla nó ina bhfuil cáilíochtaí, modhnuithe tuairime, séantaí nó béim ar ábhar iontu, ní mór an fáth a thabhairt, agus ní mór na cáilíochtaí, séantaí nó béim ar ábhar a atáirgeadh ina n-iomláine.

Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh tuairisc ar aon athrú mór ar riocht airgeadais an ghrúpa atá tarlaithe ó dheireadh na tréimhse airgeadais deireanaí ar ina leith a foilsíodh ráitis airgeadais iniúchta nó faisnéis airgeadais eatramhach, nó ní mór a chur san áireamh ráiteas airgeadais diúltach iomchuí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis *pro forma* a chur san áireamh freisin.

VI. Beartas díbhinne

Tuairisc ar bheartas an eisitheora maidir le dáileacháin díbhinne agus aon srian reatha orthu, agus maidir le hathcheannaigh scaireanna.

VII. Faisnéis treochtaí

Tuairisc ar an méid seo a leanas:

- (i) na treochtaí is suntasaí atá ann le déanaí sa táirgeadh, sa díolachán agus san fhardal, agus na costais agus na praghsanna díola ó dheireadh na bliana airgeadais deireanaí go dtí dáta réamheolaire Leantach AE;
- (ii) faisnéis maidir le haon treocht aitheanta, éiginnteacht, éileamh, gealltanais nó teagmhas a bhfuil sé réasúnta dóchúil go mbeidh éifeacht ábhartha acu ar ionchais an eisitheora le haghaidh na bliana airgeadais atá ann faoi láthair, ar a laghad;
- (iii) faisnéis faoi straitéis agus cuspóirí gnó airgeadais agus neamhairgeadais gearrthéarmacha agus fadtéarmacha an eisitheora.

Mura bhfuil aon athrú suntasach ar cheachtar de na treochtaí dá dtagraítear i bpointí (a) nó (b) den roinn seo, tá gá le ráiteas á rá sin.

VIII. Réamhaisnéisí brabúis agus meastacháin

I gcás inar fhoilsigh eitheoir réamhaisnéis brabúis nó meastachán ar bhrabús, atá fós gan íoc agus bailí, cuirfear an réamhaisnéis nó an meastachán sin san áireamh i réamheolaire Leantach AE. Más rud é gur foilsíodh réamhaisnéis brabúis nó meastachán ar bhrabús agus atá fós gan íoc ach nach bhfuil bailí a thuilleadh, cuirfear ráiteas ar fáil chuige sin mar aon le míniú ar an bhfáth nach bhfuil an réamhaisnéis nó an meastachán sin bailí a thuilleadh.

IX. Sonraí a bhaineann leis an tairiscint nó leis an ligean isteach chun trádála

Praghas na tairisceana, líon na scaireanna a thairgtear, méid na heisiúna nó na tairisceana, na coinníollacha a bhfuil an tairiscint faoina réir a leagan amach, agus an nós imeachta chun aon cheart réamhcheannaigh a fheidhmiú.

Faisnéis a sholáthar maidir leis an áit a bhféadfaidh infheisteoirí suibscríobh do na scaireanna nó a gceart réamhcheannaigh a fheidhmiú, fad thréimhse na tairisceana, lena n-áirítear aon leasú féideartha agus tuairisc ar an bpróiseas iarratais mar aon le dáta eisiúna na scaireanna nua.

A mhéid is eol don eitheoir, faisnéis a sholáthar maidir le cibé an bhfuil sé ar intinn ag mór-scairshealbhóirí nó ag baill de chomhlachtaí bainistíochta, maoirseachta nó riaracháin an eitheora suibscríobh le haghaidh na tairisceana, nó an bhfuil sé ar intinn ag aon duine suibscríobh le haghaidh níos mó ná 5 % den tairiscint.

Aon ghealltanais daingean a chur i láthair chun suibscríobh le haghaidh níos mó ná 5 % den tairiscint agus gach gné ábhartha de na comhaontuithe frithgheallta agus socrúcháin lena n-áirítear ainm agus seoladh na n-eintiteas a aontaíonn an eisiúint a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais daingean nó faoi shocruithe ‘seandícheall’ agus na cuótaí.

I gcás inarb infheidhme, léirigh na margá rialáilte, margadh fáis FBManna nó MTFanna ina bhfuil na scaireanna le ligean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfeadh na scaireanna isteach chun a dtrádála.

X. Faisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na scaireanna ■

An fhaisnéis fhíor-riachtanach seo a leanas a sholáthar maidir leis na scaireanna arna dtairiscint don phobal nó arna ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:

- (i) ***tuairisc ar chineál, ar aicme agus ar mhéid na scaireanna atá á dtairiscint don phobal agus/nó á ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte;***
- (ii) an uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN); ***agus***
- (iii) na cearta a ghabhann leis na scaireanna, an nós imeachta maidir leis na cearta sin a fheidhmiú agus aon teorainn ar na cearta sin.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, eisitheoir na n-urrús foluiteach.

Rabhadh a thabhairt go bhféadfadh reachtaíocht chánach Bhallstát an infheisteora agus thír corpraithe an eisitheora tionchar a imirt ar an ioncam a fhaightear ó na scaireanna.

I gcás saincheisteanna nua, ráiteas a thabhairt faoi na rúin, na húdaruithe agus na formheasanna ar dá mbua a cruthaíodh nó a chruthófar na hurrúis nó a eisíodh nó a eiseofar na hurrúis.

XI. Na cúiseanna atá leis an tairiscint agus úsáid fáltas

Faisnéis a sholáthar maidir leis na cúiseanna atá leis an tairiscint agus, i gcás inarb infheidhme, glanmhéid measta na bhfáltas arna mbriseadh i ngach príomhúsáid bheartaithe agus arna gcur i láthair in ord tosaíochta na n-úsáidí sin.

I gcás inarb eol don eisitheoir nach leordhóthanach a bheidh na fáltas a bhfuiltear ag súil leo chun na húsáidí beartaithe uile a chistiú, ní mór dó líon agus foinsí na geistí eile atá ag teastáil a lua. Ina theannta sin, ní mór sonraí a thabhairt maidir le húsáid na bhfáltas, go háirithe i gcás ina bhfuil fáltas á n-úsáid chun sócmhainní a fháil, seachas i ngnáthchúrsa gnó, chun éadálacha fógartha ghnó eile a mhaoiniú, nó chun féichiúnas a urscaoileadh, a laghdú nó a aistarraingt.

XII. Comhaontuithe glasála

Maidir le comhaontuithe glasála, sonraí a thabhairt maidir leis an méid seo a leanas:

- (i) na páirtithe atá páirteach;***
- (ii) ábhar agus eisceachtaí an chomhaontaithe; agus***
- (iii) tréimhse an ghlásála a léiriú.***

XIII.

Ráiteas caipitil oibre

Ráiteas ón eisitheoir gur leordhóthanach, dar leis, é an caipiteal oibre le haghaidh cheanglais reatha an eisitheora nó, mura bhfuil sé leordhóthanach, ráiteas i dtaobh conas atá sé beartaithe ag an eisitheoir an caipiteal oibre breise atá ag teastáil a sholáthar.

XIV. Coinbhleachtaí leasa

Faisnéis a sholáthar faoi aon leas a bhaineann leis an eisiúint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa, agus mionsonraí na ndaoine lena mbaineann agus cineál na leasanna.

XV. Caolú agus scairshealbhóireacht tar éis na heisiúna

Comparáid a chur i láthair maidir leis an rannpháirtíocht i scairchaipiteal agus cearta vótála do scairshealbhóirí atá ann cheana roimh agus tar éis an mhéadaithe caipitil a eascraíonn as an tairiscint phoiblí, leis an toimhde nach suibscríobhann scairshealbhóirí atá ann cheana le haghaidh na scaireanna nua, agus, ar leithligh, leis an toimhde nach mbaineann siad leas as a dteidlíocht.

XVI. Na doiciméid atá ar fáil

Ráiteas gur féidir na doiciméid seo a leanas, i gcás inarb infheidhme, a iniúchadh ar feadh théarma réamheolaire Leantach AE:

- (i) meabhrán cothrom le dáta agus airteagail chomhlachais chothrom le dáta an eisitheora;
- (ii) gach tuarascáil, litir, agus doiciméad, luacháil agus ráiteas eile arna n-ullmhú ag saineolaí arna iarraidh sin ag an eisitheoir, a bhfuil aon chuid díobh san áireamh nó a ndéantar tagairt díobh i réamheolaire Leantach AE.

Léiriú ar an suíomh gréasáin a bhféadfar na doiciméid a iniúchadh air.

IARSCRÍBHINN V

FAISNÉIS ATÁ LE CUR I RÉAMHEOLAIRE LEANTACH AE MAIDIR LE hURRÚIS SEACHAS SCAIREANNA NÓ URRÚIS INAISTRITHE ATÁ COIBHÉISEACH LE SCAIREANNA I gCUIDEACHTAÍ

I. Achoimre

Gan dochar don dara fomhír d’Airteagal 7(1), ní mór achoimre arna dréachtú i gcomhréir le hAirteagal 7(12a) a áireamh i réamheolaire Leantach AE.

II. ***Faisnéis faoin*** eisitheoir (***Doiciméad clárúcháin***)

An chuideachta atá ag eisiúint na scaireanna a shainnithint, lena n-áirítear an t-aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (“LEI”) atá aici, a hainm dlíthiúil agus tráchtála, a tír chorpraithe agus an suíomh gréasáin inar féidir le hinfheisteoirí faisnéis a aimsiú faoi oibríochtaí gnó na cuideachta, na táirgí a dhéanann sí nó na seirbhísí a sholáthraíonn sí, na príomh-mhargaí ina mbíonn sí san iomaíocht, a príomh-scairshealbhóirí, comhdhéanamh a comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta agus a lucht bainistíochta sinsearaí agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a ionchorpraítear trí thagairt (le séanadh nach cuid den réamheolaire í an fhaisnéis ar an suíomh gréasáin mura ndéantar an fhaisnéis sin a chorprú *i* réamheolaire ***Leantach AE*** trí thagairt).

III. Ráiteas freagrachta agus ráiteas faoin údarás inniúil

1. Ráiteas freagrachta (*Doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús*)

Na daoine atá freagrach as dréachtú an (*doiciméid clárúcháin / nóta mínithe urrús* / réamheolaire Leantach AE) a shainaithint agus ráiteas ó na daoine sin a chur san áireamh ina ndeirtear, ar feadh a n-eolais féin, go bhfuil an fhaisnéis atá sa (*doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús* / réamheolaire Leantach AE) i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh ar an (*doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús* / réamheolaire Leantach AE) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis a bheith sa ráiteas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear foinse/foinsí na faisnéise sin, agus ráitis nó tuarascálacha a luaitear le duine mar shaineolaí agus na sonraí seo a leanas ón duine sin:

- (i) ainm;
- (ii) seoladh gnó;
- (iii) cáilíochtaí; agus
- (iv) leas ábhartha (más ann dó) i gcás an eisitheora.

2. Ráiteas faoin údarás inniúil

Déanfar an méid seo a leanas sa ráiteas:

(i) an t-údarás inniúil a d'fhormheas, i gcomhréir leis an Rialachán seo, an (doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE), a léiriú;

(ii) a shonrú nach formhuiniú de chuid an eisitheora é an formheas sin ná ar cháilíocht na scaireanna lena mbaineann an (doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE);

(iii) a shonrú nár fhormheas an t-údarás inniúil an (doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE) ach amháin as caighdeán na hiomláine, na sothuigtheachta agus na comhsheasmhachta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh aici;

(iv) a shonrú go ndearnadh an (doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE) a dhréachtú mar (chuid de) réamheolaire Leantach AE i gcomhréir le hAirteagal 14a.

IV. Tosca riosca (*Doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús*)

Tuairisc a thabhairt ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrath leis an eistheoir (*doiciméad clárúcháin / réamheolaire Leantach AE*) agus tuairisc ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrath leis na hurrúis atá á dtairiscint don phobal agus/nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte (*nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE*), i líon teoranta catagóirí, i roinn dar teideal ‘Tosca riosca’.

Comhthacófar na rioscaí le hinneachar an (*doiciméad clárúcháin / nóta mínithe urrús / réamheolaire Leantach AE*).

V. *Faisnéis* airgeadais (*Doiciméad clárúcháin*)

Na ráitis airgeadais (bhliantúil agus leathbhliantúil) a foilsíodh thar an tréimhse 12 mhí sula bhformheasfar réamheolaire Leantach AE. I gcás inar foilsíodh ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla araon, ní mór na ráitis bhliantúla agus iad sin amháin a cheangal i gcás ina bhfoilsítear iad tar éis na ráiteas airgeadais leathbhliantúil.

Ní mór iniúcháireacht neamhspleách a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla.

Ullmhófar an tuarascáil iniúcháireachta i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcás nach bhfuil feidhm ag Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, ní mór iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla nó iad a thuairisciú i dtaobh cé acu, chun críocha réamheolaire Leantach AE, an dtugann siad léargas firinneach cothrom i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme i mBallstát nó caighdeán coibhéiseach nó nach dtugann. Murach sin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh i réamheolaire Leantach AE:

- (i) ráiteas soiléir ina nochtar cé na caighdeáin iniúchóireachta atá curtha i bhfeidhm;
- (ii) míniú ar aon imeacht suntasach ó Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.

I gcás ina bhfuil tuarascálacha iniúchóireachta ar ráitis airgeadais bhliantúla diúltaithe ag na hiniúcháirí reachtúla nó ina bhfuil cáilíochtaí, modhnuithe tuairime, séantaí nó béim ar ábhar iontu, ní mór an fáth a thabhairt, agus ní mór na cáilíochtaí, séantaí nó béim ar ábhar a atáirgeadh ina n-iomláine.

Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh tuairisc ar aon athrú mór ar riocht airgeadais an ghrúpa atá tarlaithe ó dheireadh na tréimhse airgeadais deireanaí ar ina leith a foilsíodh ráitis airgeadais iniúchta nó faisnéis airgeadais eatramhach, nó ní mór a chur san áireamh ráiteas airgeadais diúltach iomchuí.

VI. Faisnéis treochtaí (*Doiciméad clárúcháin*)

Tuairisc ar an méid seo a leanas:

- (i) *aon athrú díobhálach ábhartha ar ionchais an eisitheora ó dháta foilsithe a ráiteas airgeadais iniúchta is déanaí;*
- (ii) *aon athrú suntasach ar fheidhmíocht airgeadais an ghrúpa ó dheireadh na tréimhse airgeadais deireanaí a bhfuil faisnéis airgeadais foilsithe ina leith go dtí dáta an doiciméid clárúcháin;*

Mura bhfuil aon athrú suntasach *mar* a thagraítear don mhéid sin i bpointí (i) nó (ii) den roinn seo, tá gá le ráiteas á rá sin.

VII. ***Sonraí*** a bhaineann leis an tairiscint²⁵ ***nó ligean isteach chun trádála (nóta mínithe urrús)***

Leag amach praghas na tairisceana, líon na n-urrús a thairgtear, méid na heisiúna/tairisceana agus na coinníollacha a bhfuil an tairiscint faoina réir. Mura bhfuil an méid socraithe, léiriú ar uasmhéid na n-urrús atá le tairiscint (má tá siad ar fáil) agus tuairisc ar na socruithe agus an tréimhse ama chun méid cinntitheach na tairisceana a fhógairt don phobal.

Faisnéis a sholáthar maidir leis an áit a bhféadfaidh infheisteoirí suibscríobh le haghaidh na n-urrús, fad thréimhse na tairisceana, lena n-áirítear aon leasú féideartha agus tuairisc ar an bpróiseas iarratais mar aon le dáta eisiúna na n-urrús nua.

Ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an tsaincheist a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais dhaingean, agus ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an tsaincheist a chur gan gealltanais daingean nó faoi shocruithe ‘seandícheall’. Léiriú ar ghnéithe ábhartha na gcomhaontuithe, lena n-áirítear na cuótaí. I gcás nach bhfuil an tsaincheist go léir frithgheallta, ráiteas ar an gcuid nach bhfuil clúdaithe. Léiriú ar mhéid foriomlán an choimisiúin frithgheallta agus ar an gcoimisiún a chur.

I gcás inarb infheidhme, léirigh na margáí rialáilte, margáí fáis FBManna nó MTFanna ina bhfuil na hurrúis le ligean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála.

²⁵ *Níl sé infheidhme maidir leis na hurrúis neamhchothromais dá dtagraítear in Airteagal 7(1), an dara fomhír.’*

VIII.

■ Faisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na hurrúis (*nóta mínithe urrús*)

An fhaisnéis fhíor-riachtanach seo a leanas a sholáthar maidir leis na hurrúis arna dtairiscint don phobal nó arna ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte:

- (i) an uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN);
- (ii) na cearta a ghabhann leis na hurrúis, an nós imeachta maidir leis na cearta sin a fheidhmiú agus aon teorainn ar na cearta sin;
- (iii) Léiriú ar an bpraghas ionchasach ar a dtairgfear na hurrúis nó, de rogha air sin, tuairisc ar an modh chun an praghas a chinneadh, de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/1129 agus an próiseas chun é a nochtadh;
- (iv) faisnéis a bhaineann le hús iníoctha nó tuairisc ar an ionstraim fholuiteach, lena n-áirítear an modh a úsáidtear chun nasc a dhéanamh idir an ionstraim fholuiteach agus an ráta, agus léiriú ar an áit ar féidir faisnéis a fháil faoi fheidhmíocht na hionstraime foluití roimhe seo agus amach anseo agus faoina luaineacht.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, eisitheoir na n-urrús foluiteach.

Rabhadh a thabhairt go bhféadfadh reachtaíocht chánach Bhallstát an infheisteora agus thír corpraithe an eisitheora tionchar a imirt ar an ioncam a fhaightear ó na hurrúis.

IX. Cúiseanna leis an tairiscint, úsáid fáltas agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG (*nóta mínithe urrús*)

Maidir le hurrúis neamhchothromais cé is moite de na hurrúis sin dá dtagraítear in Airteagal 7(1), an dara fomhír, faisnéis a sholáthar i ndáil leis na cúiseanna atá leis an tairiscint agus, i gcás inarb infheidhme, glanmhéid measta na bhfáltas arna mbriseadh i ngach príomhúsáid bheartaithe agus arna gcur i láthair in ord tosaíochta na n-úsáidí sin. I gcás inarb eol don eisitheoir nach leordhóthanach a bheidh na fáltais a bhfuiltear ag súil leo chun na húsáidí beartaithe uile a chistiú, ní mór dó líon agus foinsí na gcistí eile atá ag teastáil a lua.

I gcás na n-urrús neamhchothromais dá dtagraítear in Airteagal 7(1), an dara fomhír, ní mór úsáid agus glanmhéid measta na bhfáltas a lua.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG i gcomhréir leis an sceideal mar a shonraítear a thuilleadh sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1), an dara fomhír, pointe (g) á gcur san áireamh.

X.

Coinbhleachtaí leasa (*nóta mínithe urrús*)

Faisnéis a sholáthar faoi aon leas a bhaineann leis an eisiúint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa, agus mionsonraí na ndaoine lena mbaineann agus cineál na leasanna.

XI.

Doiciméid atá ar fáil (*Doiciméad clárúcháin*)

Ráiteas gur féidir na doiciméid seo a leanas, i gcás inarb infheidhme, a iniúchadh ar feadh théarma réamheolaire Leantach AE:

- (a) meabhrán cothrom le dáta agus airteagail chomhlachais chothrom le dáta an eisitheora;
- (b) gach tuarascáil, litir, agus doiciméad, luacháil agus ráiteas eile arna n-ullmhú ag saineolaí arna iarraidh sin ag an eisitheoir, a bhfuil aon chuid díobh san áireamh nó a ndéantar tagairt díobh i réamheolaire Leantach AE.

Léiriú ar an suíomh gréasáin a bhféadfar na doiciméid a iniúchadh air. ■

* Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hiniúchtaí reachtúla ar chuntais bhliantúla agus ar chuntais chomhdhlúite, lena leasaítear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 84/253/CEE ón gComhairle (IO L 157, 9.6.2006, lch. 87).

** Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le ceanglais shonracha a bhaineann le hiniúcháireacht reachtúil ar eintitis leasa phoiblí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/909/CE ón gCoimisiún (IO L 158, 27.5.2014, lch. 77).’;

- (2) scriostar Iarscríbhinn Va;
- (3) cuirtear isteach na hIarscríbhinní seo a leanas:

‘IARSCRÍBHINN VII

FAISNÉIS ATÁ LE hÁIREAMH SA **RÉAMHEOLAIRE** EISIÚNA FÁIS AE LE hAGHAIDH SCAIREANNA AGUS URRÚS INAISTRITHE EILE ATÁ COIBHÉISEACH LE SCAIREANNA I gCUIDEACHTAÍ

I. Achoimre

Ní mór achoimre arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 7(12a) a áireamh sa **réamheolaire** eisiúna fáis AE.

II. Faisnéis faoin eisitheoir

An chuideachta a eisiúnn na scaireanna a shaináithint, lena n-áirítear áit chlárúcháin an eisitheora, a uimhir chlárúcháin agus a aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (‘LEI’), a hainm dlíthiúil agus tráchtála, an reachtaíocht faoina n-oibríonn an t-eisitheoir, tír a chorpraithe, seoladh, uimhir theileafóin a oifige cláraithe (nó a phríomháit ghnó murab ionann í agus a oifig cláraithe) agus an suíomh gréasáin, más ann dó, agus séanadh á chur leis nach cuid den **réamheolaire** eisiúna fáis AE an fhaisnéis ar an suíomh gréasáin mura ndéantar an fhaisnéis sin a ionchorprú de réir tagartha sa **réamheolaire** eisiúna fáis AE. ■

III. Ráiteas freagrachta agus ráiteas faoin údarás inniúil

A. Ráiteas freagrachta

Na daoine atá freagrach as dréachtú an *réamheolaire* eisiúna fáis AE a shainaitheint agus ráiteas ó na daoine sin a chur san áireamh ina ndeirtear, ar feadh a n-eolais féin, go bhfuil an fhaisnéis atá sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis a bheith sa ráiteas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear foinse/foinsí na faisnéise sin, agus ráitis nó tuarascálacha a luaitear le duine mar shaineolaí agus na sonraí seo a leanas ón duine sin:

- (i) ainm;
- (ii) seoladh gnó;
- (iii) cáilíochtaí; agus
- (iv) leas ábhartha (más ann dó) i gcás an eisitheora.

B. Ráiteas faoin údarás inniúil

Ní mór a léiriú sa ráiteas an t-údarás inniúil a d'fhormheas an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ní mór a shonrú ann nach formhuiniú de chuid an eisitheora é an formheas sin ná ar cháilíocht na scaireanna lena mbaineann an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, nár fhormheas an t-údarás inniúil *réamheolaire* eisiúna fáis AE ach amháin as caighdeán na hiomláine, na sothuigteachta agus na comhsheasmhachta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh aige, agus sonrú ann gur tarraingíodh suas *réamheolaire* eisiúna fáis AE i gcomhréir le hAirteagal 15a. ■

IV. Tosca riosca

Comhthacófar na rioscaí le hinneachar *réamheolaire* eisiúna fáis AE. ■

Tuairisc a thabhairt ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus tuairisc ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis na scaireanna atá á dtairiscint don phobal agus/nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i líon teoranta catagóirí, i roinn dar teideal ‘Tosca riosca’.

V. Straitéis fáis agus forbheathnú gnó

A. Straitéis fáis agus cuspóirí

Tuairisc ar straitéis ghnó an eisitheora, lena n-áirítear acmhainneacht fáis agus ionchais don todhchaí, agus cuspóirí straitéiseacha (idir chuspóirí airgeadais agus neamhairgeadais, más ann dóibh). Cuirfear san áireamh sa tuairisc sin na dúshláin agus na hionchais a bheidh roimh an eisitheoir amach anseo.

B. Príomhghníomhaíochtaí agus príomh-mhargaí

Tuairisc ar phríomhghníomhaíochtaí an eisitheora, lena n-áirítear an méid seo a leanas: (a) príomhchatagóirí na dtáirgí a dhíoltar agus/nó na seirbhísí a dhéantar; (b) léiriú ar aon táirge, seirbhís nó gníomhaíocht nua suntasach a tugadh isteach ó foilsíodh na ráitis airgeadais iniúchta is déanaí. Tuairisc ar na príomh-mhargaí ina mbíonn an t-eisitheoir san iomaíocht, lena n-áirítear fás an mhargaidh, treochtaí agus staid iomaíoch.

C. Infheistíochtaí

■ A mhéid nach gcumhdaítear in aon áit eile i *réamheolaire* eisiúna fáis AE, tuairisc a thabhairt, (lena n-áirítear an méid) ar infheistíochtaí ábhartha an eisitheora ó dheireadh na tréimhse a chumhdaítear leis an bhfaisnéis airgeadais stairiúil a áirítear i *réamheolaire* eisiúna fáis AE suas go dtí dáta *réamheolaire* eisiúna fáis AE agus, más ábhartha, tuairisc a thabhairt ar aon infheistíocht ábhartha de chuid an eisitheora atá idir lámha nó a bhfuil gealltanais dhaingne déanta ina leith cheana.

■

D. Réamhaisnéisí brabúis agus meastacháin ar bhrabús

I gcás inar fhoilsigh eisitheoir réamhaisnéis brabúis nó meastachán ar bhrabús (atá fós gan íoc ach atá bailí), cuirfead an réamhaisnéis nó an meastachán sin san áireamh sa réamheolaire eisiúna fáis AE.

Más rud é gur foilsíodh réamhaisnéis brabúis nó meastachán ar bhrabús agus atá fós gan íoc ach nach bhfuil bailí a thuilleadh, cuirfead ráiteas ar fáil chuige sin mar aon le míniú ar an bhfáth nach bhfuil an réamhaisnéis nó an meastachán sin bailí a thuilleadh.

VI. Struchtúr eagraíochtúil

■ Más cuid de ghrúpa é an t-eisitheoir agus mura gcumhdaítear é in áit eile sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE agus a mhéid is gá chun tuiscint a chur ar ghnó an eisitheora ina iomláine, léaráid den struchtúr eagraíochtúil. ■

VII. Rialachas Corparáideach

An fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do chomhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus/nó maoirseachta, d'aon bhainisteoir sinsearach atá ábhartha maidir lena shuíomh go bhfuil an saineolas agus an taithí iomchuí ag an eisitheoir chun gnó an eisitheora a bhainistiú, agus, i gcás comhpháirtíocht theoranta le scairchaipiteal, comhpháirtithe ag a bhfuil dliteanas neamhtheoranta:

- (i) ainmneacha, seoltaí gnó agus feidhmeanna laistigh d'eisitheoir na ndaoine seo a leanas, mionsonraí maidir lena saineolas agus a dtaithí bainistíochta ábhartha agus léiriú ar na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann siad lasmuigh den eisitheoir i gcás ina bhfuil siad suntasach i leith an eisitheora sin;
- (ii) mionsonraí maidir le cineál aon ghaoil teaghlaigh idir aon duine de na daoine sin;
- (iii) mionsonraí, le 5 bliana anuas, ar a laghad, maidir le haon chiontú i ndáil le cionta calaoiseacha agus sonraí maidir le haon ionchoiriú poiblí oifigiúil agus/nó maidir le haon smachtbhanna oifigiúil lena mbaineann na daoine sin ag údaráis reachtúla nó rialála (lena n-áirítear comhlachtaí gairmiúla ainmnithe) agus cibé acu a dhícháiligh cúirt riamh iad chun gníomhú mar chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta eisitheora nó chun gníomhú i mbainistiú nó i stiúradh ghnóthaí aon eisitheora. Mura bhfuil aon fhaisnéis mar sin a cheanglaítear a nochtadh, tá ráiteas á rá sin le déanamh.

VIII **Faisnéis** airgeadais

Ní mór a áireamh na ráitis airgeadais (bliantúil agus leathbhliantúil) a foilsíodh thar an tréimhse 12 mhí sula bhformheasfar an **réamheolaire** eisiúna fáis AE. I gcás inar foilsíodh ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla araon, ní mór na ráitis bhliantúla agus iad sin amháin a cheangal i gcás ina bhfoilsítear iad tar éis na ráiteas airgeadais leathbhliantúil.

Ní mór iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ní mór an tuarascáil iniúchóireachta a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcás nach bhfuil feidhm ag Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, ní mór iniúchóireacht a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla nó iad a thuairisciú i dtaobh cé acu, chun críocha an réamheolaire eisiúna fáis AE, an dtugann siad léargas firinneach cothrom i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme i mBallstát nó caighdeán coibhéiseach nó nach dtugann. Murach sin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh sa **réamheolaire** eisiúna fáis AE:

- (i) ráiteas soiléir ina nochtar cé na caighdeáin iniúchóireachta atá curtha i bhfeidhm;
- (ii) míniú ar aon imeacht suntasach ó Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.

I gcás ina bhfuil tuarascálacha iniúchóireachta ar ráitis airgeadais bhliantúla diúltaithe ag na hiniúcháirí reachtúla nó ina bhfuil cáilíochtaí, modhnuithe tuairime, séantaí nó béim ar ábhar iontu, ní mór an fáth a thabhairt, agus ní mór na cáilíochtaí, modhnuithe, séantaí nó béim ar ábhar a atáirgeadh ina n-iomláine.

Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh tuairisc ar aon athrú mór ar riocht airgeadais an ghrúpa atá tarlaithe ó dheireadh na tréimhse airgeadais deireanaí ar ina leith a foilsíodh ráitis airgeadais iniúchta nó faisnéis airgeadais eatramhach, nó ní mór a chur san áireamh ráiteas airgeadais diúltach iomchuí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis *pro forma* a chur san áireamh freisin.

IX. Tuarascáil bhainistíochta lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tuairisciú inbhuanaitheachta (eitheoirí ag a bhfuil caipitliú margaidh os cionn EUR 200 000 000 amháin)

■ Ní mór an tuarascáil bhainistíochta mar a thagraítear di i gCaibidlí 5 agus 6 de Threoir 2013/34/AE le haghaidh na dtréimhsí a chumhdaítear leis an bhfaisnéis airgeadais stairiúil lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, an tuairisciú inbhuanaitheachta a ionchorprú de réir tagartha ***nó, de rogha air sin, ní mór an fhaisnéis atá inti a áireamh sa réamheolaire eisiúna fáis AE.***

Níl feidhm ag an gceanglas sin ach amháin maidir le heitheoirí a bhfuil caipitliú margaidh os cionn EUR 200 000 000 acu.

X. Beartas díbhinne

Tuairisc ar bheartas an eitheora maidir le dáileacháin díbhinne agus aon srian reatha orthu, agus maidir le hathcheannaigh scaireanna.

XI. ***Sonraí a bhaineann leis an tairiscint nó leis an ligean isteach chun trádála***

Praghas na tairisceana, líon na scaireanna a thairgtear, méid na heisiúna nó na tairisceana, na coinníollacha a bhfuil an tairiscint faoina réir a leagan amach, agus an nós imeachta chun aon cheart réamhcheannaigh a fheidhmiú.

Faisnéis a sholáthar maidir leis an áit a bhféadfaidh infheisteoirí suibscríobh do na scaireanna nó a gceart réamhcheannaigh a fheidhmiú, fad thréimhse na tairisceana, lena n-áirítear aon leasú féideartha agus tuairisc ar an bpróiseas iarratais mar aon le dáta eisiúna na scaireanna nua.

A mhéid is eol don eisitheoir, faisnéis a sholáthar maidir le cibé an bhfuil sé ar intinn ag mór-scairshealbhóirí nó ag comhaltaí de chomhlachtaí bainistíochta, maoirseachta nó riaracháin an eisitheora suibscríobh le haghaidh na tairisceana, nó an bhfuil sé ar intinn ag aon duine suibscríobh le haghaidh níos mó ná 5 % den tairiscint.

Aon ghealltanais daingean a chur i láthair chun suibscríobh le haghaidh níos mó ná 5 % den tairiscint agus gach gné ábhartha de na comhaontuithe frithgheallta agus socrúcháin, lena n-áirítear ainm agus seoladh na n-eintiteas a aontaíonn an eisiúint a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais daingean nó faoi shocruithe ‘seandícheall’ agus na cuótaí.

I gcás inarb infheidhme, léirigh Margadh fáis FBManna nó MTF ina bhfuil na hurrúis le ligean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála.

I gcás inarb infheidhme, mionsonraí faoi aon eintiteas a thugann gealltanais daingean gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil thánaisteach, agus leachtacht á soláthar trí rátaí tairisceana agus ofrála agus tuairisc ar phríomhthéarmaí a ngealltanais.

XII. Faisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na scaireanna ■

An fhaisnéis fhíor-riachtanach seo a leanas a sholáthar maidir leis na scaireanna a thairgtear don phobal:

- (i) *tuairisc ar chineál, ar aicme agus ar mhéid na scaireanna atá á dtairiscint don phobal;*

- (ii) an uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN);
- (iii) na cearta a ghabhann leis na scaireanna, an nós imeachta maidir leis na cearta sin a fheidhmiú agus aon teorainn ar na cearta sin;
- (iv) *I gcás inarb infheidhme, faisnéis dá dtagraítear in Airteagal 6 de Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁺.*

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, eisitheoir na n-urrús foluitech.

Rabhadh a thabhairt go bhféadfadh reachtaíocht chánach Bhallstát an infheisteora agus thír corpraithe an eisitheora tionchar a imirt ar an ioncam a fhaightear ó na scaireanna.

XIII. ■ An chúis atá leis an tairiscint agus úsáid fáltas

Faisnéis a sholáthar maidir leis na cúiseanna atá leis an tairiscint agus, i gcás inarb infheidhme, glanmhéid measta na bhfáltas arna mbriseadh i ngach príomhúsáid bheartaithe agus arna gcur i láthair in ord tosaíochta na n-úsáidí sin.

I gcás inarb eol don eisitheoir nach leordhóthanach a bheidh na fáltas a bhfuiltear ag súil leo chun na húsáidí beartaithe uile a chistiú, ní mór dó líon agus foinsí na gcistí eile atá ag teastáil a lua. Ina theannta sin, ní mór sonraí a thabhairt maidir le húsáid na bhfáltas, go háirithe i gcás ina bhfuil fáltas á n-úsáid chun sócmhainní a fháil, seachas i ngnáthchúrsa gnó, chun éadálacha fógartha ghnó eile a mhaoiniú, nó chun féichiúnas a urscaoileadh, a laghdú nó a aistarraingt.

⁺ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir *Threoir (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le struchtúir scaireanna ilvótaí i gcuideachtaí a fhéachann lena scaireanna a ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh fáis FBM* atá i gcomhad 2022/0406 (COD).

Míniú a sholáthar ar an gcaoi a n-ailíníonn na fáltais ón tairiscint leis an straitéis ghnó agus leis na cuspóirí straitéiseacha.

XIV. Ráiteas caipitil oibre

Ráiteas ón eisitheoir gur leordhóthanach, dar leis, é an caipiteal oibre le haghaidh cheanglais reatha an eisitheora nó, mura bhfuil sé leordhóthanach, ráiteas i dtaobh conas atá sé beartaithe ag an eisitheoir an caipiteal oibre breise atá ag teastáil a sholáthar.

XV. Coinbhleachtaí leasa

Faisnéis a sholáthar faoi aon leas a bhaineann leis an eisiúint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa, agus mionsonraí na ndaoine lena mbaineann agus cineál na leasanna.

XVI. Caolú agus scairshealbhóireacht tar éis na heisiúna

Comparáid a chur i láthair maidir leis an rannpháirtíocht i scairchaipiteal agus cearta vótála do scairshealbhóirí atá ann cheana roimh agus tar éis an mhéadaithe caipitil a eascraíonn as an tairiscint phoiblí, leis an toimhde nach suibscríobhann scairshealbhóirí atá ann cheana le haghaidh na scaireanna nua, agus, ar leithligh, leis an toimhde nach mbaineann siad leas as a dteidlíocht.

XVII. ■ Na doiciméid atá ar fáil

Léiriú ar an suíomh gréasáin a bhféadfar na doiciméid a iniúchadh air.

Ráiteas gur féidir na doiciméid seo a leanas, i gcás inarb infheidhme, a iniúchadh ar feadh théarma an *réamheolaire* eisiúna fáis AE:

- (i) meabhrán cothrom le dáta agus airteagail chomhlachais chothrom le dáta an eisitheora;
- (ii) gach tuarascáil, litir, agus doiciméad, luacháil agus ráiteas eile arna n-ullmhú ag saineolaí arna iarraidh sin ag an eisitheoir, a bhfuil aon chuid díobh san áireamh nó a ndéantar tagairt dóibh i ndoiciméad eisiúna fáis AE.

IARSCRÍBHINN VIII

FAISNÉIS ATÁ LE hÁIREAMH SA **RÉAMHEOLAIRE** EISIÚNA FÁIS AE LE
hAGHAIDH URRÚS SEACHAS SCAIREANNA NÓ URRÚIS INAISTRITHE
ATÁ COIBHÉISEACH LE SCAIREANNA I gCUIDEACHTAÍ

I. Achoimre

Beidh achoimre arna tarraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 7(12a) i **réamheolaire** eisiúna fáis AE.

II. Faisnéis faoin eisitheoir

An chuideachta a eisiónn na hurrúis a shainnithint, lena n-áirítear áit chlárúcháin an eisiheora, a uimhir chlárúcháin agus a aitheantóir eintitis dhlítheanaigh ('LEI'), a hainm dlíthiúil agus tráchtála, an reachtaíocht faoina n-oibríonn an t-eisitheoir, tír a chorpraithe, seoladh, uimhir theileafóin a oifige cláraithe (nó a phríomháit ghnó murab ionann í agus a oifig chláraithe) agus an suíomh gréasáin, más ann dó, agus séanadh á chur leis nach cuid den **réamheolaire** eisiúna fáis AE an fhaisnéis ar an suíomh gréasáin mura ndéantar an fhaisnéis sin a ionchorprú de réir tagartha i **réamheolaire** eisiúna fáis AE.

Aon teagmhas a tharla le déanaí a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus atá ábhartha a mhéid is ábhartha do mheastóireacht ar shócmhainneacht an eisiheora.

I gcás inarb infheidhme, rátálacha creidmheasa arna sannadh don eisitheoir arna iarraidh sin dó nó le comhoibriú an eisiheora sa phróiseas rátála.

III. Ráiteas freagrachta agus ráiteas faoin údarás inniúil

A. Ráiteas freagrachta

Na daoine atá freagrach as dréachtú an *réamheolaire* eisiúna fáis AE a shainnithint agus ráiteas ó na daoine sin a chur san áireamh ina ndeirtear, ar feadh a n-eolais féin, go bhfuil an fhaisnéis atá sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh i *réamheolaire* fáis AE a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.

I gcás inarb infheidhme, ní mór faisnéis a bheith sa ráiteas ó thríú páirtithe, lena n-áirítear foinsé/foinsí na faisnéise sin, agus ráitis nó tuarascálacha a luaitear le duine mar shaineolaí agus na sonraí seo a leanas ón duine sin:

- (i) ainm;
- (ii) seoladh gnó;
- (iii) cáilíochtaí; agus
- (iv) leas ábhartha (más ann dó) i gcás an eisitheora.

B. Ráiteas faoin údarás inniúil

Ní mór a léiriú sa ráiteas an t-údarás inniúil a d'fhormheas an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus ní mór a shonrú ann nach formhuiniú de chuid an eisitheora é an formheas sin ná ar cháilíocht na n-urrús lena mbaineann an *réamheolaire* eisiúna fáis AE, nár fhormheas an t-údarás inniúil an *réamheolaire* eisiúna fáis AE ach amháin as caighdeáin na hiomláine, na sothuigteachta agus na comhsheasmhachta a fhorchuirtear leis an Rialachán seo a bheith á gcomhlíonadh aige, agus sonrófar ann gur dréachtaíodh an *réamheolaire* eisiúna fáis AE i gcomhréir le hAirteagal 15a.

IV. Tosca riosca

Tuairisc a thabhairt ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis an eisitheoir agus tuairisc ar na rioscaí ábhartha a bhaineann go sonrach leis na hurrúis atá á dtairiscint don phobal agus/nó a ligtear isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, i líon teoranta catagóirí, i roinn dar teideal 'Tosca Riosca'.

Comhthacófar na rioscaí le hinneachar an *réamheolaire* eisiúna fáis AE.

V. Straitéis fáis agus forbheathnú gnó

Tuairisc ghairid ar straitéis ghnó an eisiheora, lena n-áirítear acmhainneacht fáis.

Tuairisc ar príomhghníomhaíochtaí an eisiheora, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- (i) príomhchatagóirí na dtáirgí a dhíoltar agus/nó na seirbhísí a dhéantar;
- (ii) léiriú ar aon táirg, seirbhís nó gníomhaíocht nua suntasach;
- (iii) na príomh-mhargáí ina mbíonn an t-eisiheoir san iomaíocht.

VI. Struchtúr eagraíochtúil

■ Más cuid de ghrúpa é an t-eisiheoir agus mura gcumhdaítear é in áit eile sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE agus a mhéid is gá chun tuiscint a chur ar ghnó an eisiheora ina iomláine, léaráid den struchtúr eagraíochtúil.

VII. Rialachas Corparáideach

Tuairisc ghairid a sholáthar ar chleachtais an bhoird agus ar rialachas.

Ainmneacha, seoltaí gnó agus feidhmeanna laistigh d'eisitheoir na ndaoine seo a leanas a sholáthar mar aon le léiriú ar na príomhghníomhaíochtaí a dhéanann siad lasmuigh den eisitheoir sin i gcás ina bhfuil siad suntasach i leith an eisitheora sin:

- (i) comhaltaí na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus/nó maoirseachta;
- (ii) comhpháirtithe a bhfuil dliteanas neamhtheoranta acu, i gcás comhpháirtíocht theoranta le scairchaipiteal.

VIII. *Faisnéis* airgeadais

Ní mór a áireamh na ráitis airgeadais (bliantúil agus leathbhliantúil) a foilsíodh thar an tréimhse 12 mhí sula bhformheasfar an *réamheolaire* eisiúna fáis AE. I gcás inar foilsíodh ráitis airgeadais bhliantúla agus leathbhliantúla araon, ní mór na ráitis bhliantúla agus iad sin amháin a cheangal i gcás ina bhfoilsítear iad tar éis na ráiteas airgeadais leathbhliantúil.

Ní mór iniúchóireacht neamhspleách a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla. Ní mór an tuarascáil iniúchóireachta a ullmhú i gcomhréir le Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

I gcás nach bhfuil feidhm ag Treoir 2006/43/CE agus Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, ní mór iniúchóireacht a dhéanamh ar ráitis airgeadais bhliantúla nó iad a thuairisciú i dtaobh cé acu, chun críocha an réamheolaire ■ eisiúna fáis AE, an dtugann siad léargas fírinneach cothrom i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta is infheidhme i mBallstát nó caighdeán coibhéiseach nó nach dtugann. Murach sin, ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur san áireamh sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE:

- (i) ráiteas soiléir ina nochtar cé na caighdeáin iniúchóireachta atá curtha i bhfeidhm;

(ii) míniú ar aon imeacht suntasach ó Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta.

I gcás ina bhfuil tuarascálacha iniúchóireachta ar ráitis airgeadais bhliantúla diúltaithe ag na hiniúcháirí reachtúla nó ina bhfuil cáilíochtaí, modhnuithe tuairime, séantaí nó béim ar ábhar iontu, ní mór an fáth a thabhairt, agus ní mór na cáilíochtaí, modhnuithe, séantaí nó béim ar ábhar a atáirgeadh ina n-iomláine.

Ina theannta sin, ní mór a chur san áireamh tuairisc ar aon athrú mór ar riocht airgeadais an ghrúpa atá tarlaithe ó dheireadh na tréimhse airgeadais deireanaí ar ina leith a foilsíodh ráitis airgeadais iniúchta nó faisnéis airgeadais eatramhach, nó ní mór a chur san áireamh ráiteas airgeadais diúltach iomchuí.

IX. ***Sonraí*** a bhaineann leis an tairiscint ***nó leis an ligean isteach chun trádála***

Leag amach praghas na tairisceana, líon na n-urrús a thairgtear, méid na heisiúna/tairisceana agus na coinníollacha a bhfuil an tairiscint faoina réir. Mura bhfuil an méid socraithe, léiriú ar uasmhéid na n-urrús atá le tairiscint (má tá siad ar fáil) agus tuairisc ar na socruithe agus an tréimhse ama chun méid cinntitheach na tairisceana a fhógairt don phobal.

Faisnéis a sholáthar maidir leis an áit a bhféadfaidh infheisteoirí suibscríobh le haghaidh na n-urrús, fad thréimhse na tairisceana, lena n-áirítear aon leasú féideartha agus tuairisc ar an bpróiseas iarratais mar aon le dáta eisiúna na n-urrús nua.

Ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an tsaincheist a fhrithghealladh ar bhonn gealltanais dhaingean, agus ainm agus seoladh na n-eintiteas a chomhaontaíonn an tsaincheist a chur gan gealltanais daingean nó faoi shocruithe ‘seandícheall’. Léiriú ar ghnéithe ábhartha na gcomhaontuithe, lena n-áirítear na cuótaí. I gcás nach bhfuil an tsaincheist go léir frithgheallta, ráiteas ar an gcuid nach bhfuil clúdaithe. Léiriú ar mhéid foriomlán an choimisiúin frithgheallta agus ar an gcoimisiún a chur.

I gcás inarb infheidhme, léirigh Margadh fáis FBManna nó MTF ina bhfuil na hurrúis le lígean isteach chun a dtrádála agus, más eol, na dátaí is luaithe ar a ligfear na hurrúis isteach chun a dtrádála.

Mionsonraí faoi aon eintiteas a thugann gealltanais daingean gníomhú mar idirghabhálaithe i dtrádáil thánaisteach, agus leachtacht á soláthar trí rátaí tairisceana agus oifrála agus tuairisc ar phríomhthéarmaí a ngealltanais.

X. Faisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na hurrúis ■

Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis fhíor-riachtanach maidir leis na hurrúis:

- (i) an uimhir aitheantais urrús idirnáisiúnta (ISIN);
- (ii) na cearta a ghabhann leis na hurrúis, an nós imeachta maidir leis na cearta sin a fheidhmiú agus aon teorainn ar na cearta sin;
- (iii) léiriú ar an bpraghas ionchasach ar a dtairgfear na hurrúis nó, de rogha air sin, tuairisc ar an modh chun an praghas a chinneadh, de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2017/1129 agus an próiseas chun é a nochtadh;

- (iv) faisnéis a bhaineann le hús iníoctha nó tuairisc ar an ionstraim fholuiteach, lena n-áirítear an modh a úsáidtear chun nasc a dhéanamh idir an ionstraim fholuiteach agus an ráta, agus léiriú ar an áit ar féidir faisnéis a fháil faoi fheidhmíocht na hionstraime foluití roimhe seo agus amach anseo agus faoina luaineacht.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis faoi na hurrúis fholuiteacha agus, i gcás inarb infheidhme, eisitheoir na n-urrús foluiteach.

Rabhadh a thabhairt go bhféadfadh reachtaíocht chánach Bhallstát an infheisteora agus thír corpraithe an eisitheora tionchar a imirt ar an ioncam a fhaightear ó na hurrúis.

XI. Cúiseanna leis an tairiscint, úsáid fáltas agus, i gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG

Faisnéis a sholáthar maidir leis na cúiseanna atá leis an tairiscint agus, i gcás inarb infheidhme, glanmhéid measta na bhfáltas arna mbriseadh i ngach príomhúsáid bheartaithe agus arna gcur i láthair in ord tosaíochta na n-úsáidí sin.

I gcás inarb eol don eisitheoir nach leordhóthanach a bheidh na fáltas a bhfuiltear ag súil leo chun na húsáidí beartaithe uile a chistiú, ní mór dó líon agus foinsí na gcistí eile atá ag teastáil a lua. Ina theannta sin, ní mór sonraí a thabhairt maidir le húsáid na bhfáltas, go háirithe i gcás ina bhfuil fáltas á n-úsáid chun sócmhainní a fháil, seachas i ngnáthchúrsa gnó, chun éadálacha fógartha ghnó eile a mhaoiniú, nó chun féichiúnas a urscaoileadh, a laghdú nó a aistarraingt.

I gcás inarb infheidhme, faisnéis a bhaineann le ESG i gcomhréir leis an sceideal mar a shonraítear a thuilleadh sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 13(1), an chéad fhomhír, agus na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 13(1), an dara fomhír, pointe (g) á gcur san áireamh.

XII. Coinbhleachtaí leasa

Faisnéis a sholáthar faoi aon leas a bhaineann leis an eisiúint, lena n-áirítear coinbhleachtaí leasa, agus mionsonraí na ndaoine lena mbaineann agus cineál na leasanna.

XIII. Na doiciméid atá ar fáil

Ráiteas gur féidir na doiciméid seo a leanas, i gcás inarb infheidhme, a iniúchadh ar feadh théarma an *réamheolaire* eisiúna fáis AE:

- (i) meabhrán cothrom le dáta agus airteagail chomhlachais chothrom le dáta an eisitheora;
- (ii) gach tuarascáil, litir, agus doiciméad, luacháil agus ráiteas eile arna n-ullmhú ag saineolaí arna iarraidh sin ag an eisitheoir, a bhfuil aon chuid díobh san áireamh nó a ndéantar tagairt dóibh sa *réamheolaire* eisiúna fáis AE.

Léiriú ar an suíomh gréasáin a bhféadfar na doiciméid a iniúchadh air.

IARSCRÍBHINN IX

FAISNÉIS ATÁ LE hÁIREAMH SA DOICIMÉAD DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(4), AN CHÉAD FHOMHÍR, **POINTÍ (DA) AGUS (DB)**, AGUS IN AIRTEAGAL 1(5), AN CHÉAD FHOMHÍR, POINTE (BA)

- I. Ainm an eisitheora, (lena n-áirítear a LEI), tír an chorpraithe, nasc chuig suíomh gréasáin an eisitheora.
- II. Dearbhú uathu siúd atá freagrach as an doiciméad go bhfuil an fhaisnéis atá sa doiciméad, ar feadh a n-eolais féin, i gcomhréir leis na fíricí agus nach bhfuil aon easnamh sa doiciméad a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bhrí.
- III. **Ainm údarás inniúil an Bhallstáit baile i gcomhréir le hAirteagal 20.** Ráiteas nach réamheolaire é an doiciméad de réir bhrí Rialachán (AE) 2017/1129 agus nach raibh an doiciméad faoi réir ghrinnscrúdú agus fhorhneas **█** údarás inniúil **an Bhallstáit baile. █**
- IV. Ráiteas maidir le comhlíonadh leanúnach na n-oibleagáidí tuairiscithe agus nochta le linn na tréimhse a ligtear isteach iad chun a dtrádála, lena n-áirítear faoi Threoir 2004/109/CE, i gcás inarb infheidhme, faoi Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 agus, i gcás inarb infheidhme, faoi Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún.

- V.** Léiriú ar an áit a bhfuil an fhaisnéis rialáilte arna foilsiú ag an eisitheoir de bhun oibleagáidí leanúnacha maidir le nochtadh ar fáil agus, i gcás inarb infheidhme, an áit ar féidir an réamheolaire is déanaí a fháil.
- VI.** I gcás ina dtairgtear urrúis don phobal, ráiteas nach bhfuil an t-eisitheoir, tráth na tairisceana, ag cur moill ar nochtadh faisnéise ón taobh istigh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 596/2014.
- VII.** An chúis atá leis an eisiúint agus úsáid fáltas.
- VIII.** Na tosca riosca a bhaineann go sonrath leis an *eisitheoir*.
- IX.** Saintréithe na n-urrús (lena n-áirítear a ISIN).
- X.** I gcás scaireanna, an caolú agus an scairsheilbh tar éis na heisiúna.
- XI.** I gcás ina ndéantar urrúis a thairiscint don phobal, téarmaí agus coinníollacha na tairisceana.
- XII.** I gcás inarb infheidhme, aon mhargadh rialáilte nó margadh fáis FBManna ina bhfuil na hurrúis, atá idirmhalartach maidir leis na hurrúis atá le tairiscint don phobal nó le ligean isteach chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, ina bhfuil siad ligthe isteach cheana féin chun a dtrádála.’

Or. en